




Cód Cleachtais maidir le hIniúcháí Cánach agus Idirghabhálacha Comhlíontachta eile



***Freastal ar an bpobal trí chánacha agus dleachtanna
a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí
rialuithe custam a chur i bhfeidhm***

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

1.	RÉAMHRA	13
1.1	Cuspóir an Chóid Cleachtais seo	13
1.2	Cánacha agus Dualgais a Chlúdaítear sa Chód Cleachtais seo	13
1.3	Comhlíontacht Shaorálach a chur chun cinn	13
1.4	Dul i nGleic le Neamhchomhlíontacht	13
1.5	Roghnú Cáiníocóirí le haghaidh Idirghabháil Comhlíontachta	13
1.6	Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim	15
1.7	Comhlíontacht Ceadúnas Máil	16
1.8	Comhlíontacht le Cód Custam an Aontais agus Forálacha Tarmlichte agus Forfheidhmithe	17
1.9	Uirlisí agus Teicnící Leictreonacha Tacaíochta	17
1.10	Róil agus Freagrachtaí faoi seach i ndáil le hIdirghabhálacha Comhlíontachta	18
1.11	Cód Comhlíontachta do Cháiníocóirí ÍMAT	20
1.12	Oibriú an Chóid Cleachtais seo	20
2.	LÉARGAS GINEARÁLTA AR IDIRGHABHÁLACHA COMHLÍONTACHTA CÁNACH	22
2.1	Cuspóirí Idirghabhálacha Cánach	22
2.2	Cineálacha Idirghabhálacha Cánach	23
2.3	Idirghabhálacha Comhlíontachta Neamhiniúchta Cánach	23
2.4	Fógra faoi Idirghabháil Comhlíontachta Neamhiniúchta Cánach	25
2.5	Sainmhíniú ar Iniúchadh Cánach	25
2.6	Fógra um Iniúchadh Cánach	26
2.7	Sainmhíniú ar Imscrúdú Cánach	26
2.8	Fógra um Imscrúdú Cánach	27
3.	MAINNEACHTAINÍ CÁNACH AGUS DLEACHTA A THABHAIRT CHUN RIALTACHTA	30
3.1	Gnóthaí cánacha agus dleachta a rialú	30
3.2	Féincheartú gan Phionós	30
3.3	Earráid Neamhurchóideach a Cheartú	32
3.4	Coigeartuithe Teicniúla ar dhliteanas cánach nó dleachta	32
3.5	Gan Caillteanas Cánach	33
3.6	Nochtadh Cáilitheach	36
3.7	Sainmhíniú ar ‘Nochtadh Cáilitheach’	37
3.8	Sainmhíniú ar Nochtadh Cáilitheach Spreagtha	39
3.9	Sainmhíniú ar Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha	39
3.10	Eisiaimh – Nochtadh nach sonraítear mar Nochtadh Cáilitheach	39
3.11	An Chéad, Dara, Tríú agus Nochtuithe Cáilitheacha agus Pionóis ina dhiaidh sin	40
3.12	An Riail 5 Bliana maidir le Nochtuithe Cáilitheacha	42

3.13	Tréimhse chun Nochtadh Cáilitheach a ullmhú	43
3.14	Scrúdú ar Nochtuithe Cáilitheacha Neamhspreagtha nó Spreagtha	44
3.15	Nochtuithe Cáilitheacha – Cairt Achoimre na Riachtanas	44
3.16	Comhoibriú Iomlán – Gan Nochtadh Cáilitheach a Bheith Déanta – Pionóis	44
3.17	Luachálacha Cánach Gnóthachan Caipitiúil	46
3.18	Luachálacha Cánach Fáltas Caipitiúil agus Dleachtanna Stampa	46
3.19	Luachálacha Cánach Maoine Áitiúla – Pionóis	46
3.20	Riaráistí Cánacha agus Dleachtanna Dearbhaithe	46
3.21	Taifid a Choimeád	47
4.	AN tINIÚCHADH CÁNACH	50
4.1	Láthair an Iniúchta agus Lucht Freastail a bhfuiltear ag súil leo	50
4.2	Iniúchadh Cánach a Dhéanamh	50
4.3	Ábharthacht i Socraíochtaí	52
4.4	Bac	52
4.5	Blianta, Treimhsí agus Ceisteanna le haghaidh Iniúchta	52
4.6	Iniúchadh a dhéanamh ar Bhlianta, Tréimhsí nó Ceisteanna níos Luaithe nó níos Déanaí a Iniúchadh	53
4.7	Athbhreithniú ar Chásanna a Iniúchadh Cheana Féin	54
4.8	Táscairí de Chion Trom Cánach	54
4.9	An tAcht um Chosaint Sonraí	55
4.10	Beartas um Chosaint Sonraí	55
5.	IDIRGHABHÁIL COMHLÍONTACHTA CÁNACH A CHUR I GCRÍCH	57
5.1	Socraíocht Airgeadúil	57
5.2	Bunús Socraíochta um Idirghabháil Comhlíontachta	57
5.3	Ús	58
5.4	Formhuirear ar Thuairisceáin a Thíolacadh go Déanach	59
5.5	Pionóis	60
5.6	Catagóirí Iompair: Míchúramach agus De Bhun Tola	66
5.7	Pionóis Sheasta	70
5.8	Tréimhse ama maidir le hIdirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim a thabhairt chun críche	72
5.9	Íocaíocht	72
5.10	Neamhábaltacht chun Éilimh a Íoc	73
5.11	Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin – Nósanna Imeachta Achomhairc	74

6.	LIOSTA DE MHAINNITHEOIRÍ CÁNACHA A FHOILSIÚ	77
6.1	Dualgais Foilsitheoireachta	77
6.2	Eisiaimh ó Fhoilsitheoireacht	78
6.3	Figiúr Foilsitheoireachta	78
7.	IONCHÚISEAMH	81
7.1	Réamhrá	81
7.2	Na cineálacha cionta cánacha is coitianta go mbeadh ionchúiseamh mar thoradh orthu	81
7.3	Cinneadh imscrúduithe d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh	81
7.4	Cionta eile Ionchúisimh	82
7.5	Soláthar Bogearraí Sochta Díolachán	82
7.6	Tuairisceáin, Ráitis nó Cuntais Mhíchearta	82
8.	Seachaint Cánach	84
8.1	Réamhrá	84
8.2	Riail Ghinearálta Frithsheachanta	85
8.3	Forálacha Sonracha Frithsheachanta	85
8.4	Formhuirear agus Ús um Sheachaint Cánach	86
8.5	Fógra Cosanta	87
8.6	Nochtadh Seachanta Cáilitheach	88
8.7	Nochtadh Éigeantach – Fógra Cosanta agus Nochtadh Seachanta Cáilitheach	91
8.8	Nochtadh Seachanta Cáilitheach agus Féincheartú gan Phionós	92
8.9	Coigeartú Teicniúil	92
8.10	Nochtadh Seachanta Cáilitheach – Gan Fhoilsiú	92
8.11	Léiriú Amhrais	93
8.12	Formhuirear ar Thuairisceáin a Chomhdú go Deireanach	93
8.13	Formhuirir agus Ús um Sheachaint Cánach	93
	Aguisín I – Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí	99
	CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ	99
	Aguisín II – Amlínte agus Deiseanna Nohta	101
	Nochtaí	101
	Aguisín III – Reachtaíocht i leith Pionóis	103
	Aguisín IV – Tábla Pionós le haghaidh Mainneachtana Cánacha a tharla roimh 24/12/2008	105
	Aguisín V – Reachtaíocht a rialaíonn cuntais a choimeád	106
	Aguisín VI – Cumhachtaí na gCoimisinéirí	108

Caibidil 1

Réamhrá

1. RÉAMHRA

1.1 Cuspóir an Chóid Cleachtais seo

Is é cuspóir an Chóid Cleachtais seo sraith treoirilínite soiléire, córa agus cothroma a leagan amach atá le leanúint ag na Coimisinéirí Ioncaim, cáiníocóirí agus cleachtóirí cánacha, agus Idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim á ndéanamh acu, agus aird chuí ar dhea-chleachtas agus reachtaíocht.

Níor cheart forálacha an Chóid Cleachtais seo a úsáid chun moill ná bac gan ghá a chur ar phróis chuí chur i bhfeidhm na reachtaíochta cánach ag na Coimisinéirí Ioncaim agus iad ag comhlíonadh dualgas thar ceann an Stáit. Ní féidir le cáiníocóirí ná cleachtóirí cánacha ag feidhmiú ar a son na cearta a aithnítear sa Chód Cleachtais seo a mhí-úsáid chun íocaíocht chánach, úis nó pionós atá dlite go cóir a sheachaint ná a mhoilliú. Ní chuirtear srian sa Chód Cleachtais ar chearta reachtúla an cháiníocóra.

Déanfar athbhreithniú ar an gCód Cleachtais seo ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfaí é a mhionathrú chun athruithe i reachtaíocht agus cleachtais nua a léiriú.

1.2 Cánacha agus Dualgais a Chlúdaítear sa Chód Cleachtais seo

Baineann an Cód Cleachtais seo le Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide, Cáin Gnóthachan Caipitiúil, Cáin Maoine Áitiúil, Cánacha Scuchta, CBL, Cáin Fáltas Caipitiúil, Dleachtanna Máil agus Ceadúnais, Cánacha Carbóin, Cáin Cláraithe Feithiclí, Dleachtanna Stampa, Dleachtanna Custam, Muirear Sóisialach Uilíoch, Tobhach Ioncaim, Tobhach Sainchónaithe, ÁSPC (fostóirí agus fostaithe araon), Ranníocaíochtaí Sláinte, Tobhach Comhshaoil, Tobhach Oiliúna agus áirítear gach cineál cánach iarchoimeádta (is é sin CCI, CISG, CID) a bhaineann le haon cheann de na cánacha sin, ús i ndáil leis na cánacha agus pionóis sin.

Sna tagairtí do cháin sa Chód Cleachtais seo áirítear tagairtí do dhualgais agus tobhaigh agus tá aon tagairt do thuairisceán cánach le forléiriú dá réir sin.

1.3 Comhlíontacht Shaorálach a chur chun cinn

Is prionsabal bunúsach de chórais cánach féinmheasúnaithe go nglactar le tuairisceáin a thíolacann cáiníocóirí comhlíontacha mar bhunús chun dliteanais chánach a ríomh. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim comhlíontacht chun cinn leis an gcóras cánach trí dhul sa tóir go tréan orthu siúd nach dtíolacann tuairisceáin, trí thuairisceáin roghnaithe a iniúchadh, a scrúdú nó trí fhiosruithe a dhéanamh orthu agus trí ghníomhaíocht chuí a ghlacadh in aghaidh imghabhálaithe cánacha. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim dúshlán faoi scéimeanna ionsaitheacha um sheachaint cánach agus úsáid neamhbheartaithe reachtaíochta, a bhagraíonn torthaí ó cháin agus an chothroime braite sa chóras cánach.

1.4 Dul i nGleic le Neamhchomhlíontacht

Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi chlár d'idirghabhálacha comhlíontachta a bhfuil sé mar aidhm aige an t-ualach ar an gcáiníocóir comhlíontach a íoslaghdú agus dul i ngleic leis an gcáiníocóir neamhchomhlíontach ar bhealach críochnúil agus éifeachtach. Baineann an cur chuige seo le gach riosca a bhaineann le cáiníocóir a chur san áireamh i ngach cáin agus dleacht. Is é an tosaíocht do na Coimisinéirí Ioncaim aon cháin nó dleacht neamhíoctha, mar aon le hús agus pionóis, a fháil ar ais chomh héifeachtúil agus is féidir.

1.5 Roghnú Cáiníocóirí le haghaidh Idirghabháil Comhlíontachta

Roghnaítear cáiníocóirí le haghaidh idirghabháil comhlíontachta bunaithe ar tháscairí

riosca éagsúla.

Roghnaítear cásanna ar roinnt slite, lena n-áirítear: úsáid REAP (córas um anailís riosca leictreonach na gCoimisinéirí loncaim); raon samhlacha tuarthacha agus aimsiú aimhrialtachta lena n-áirítear samhlacha riosca fíor-ama le haghaidh CBL agus ÍMAT, ag foirne ag dul i ngleic le scéimeanna ionsaitheacha chun cáin agus dleacht a sheachaint agus trí Aonaid Chomh-Imscrúdaithe, áit a n-oibríonn na Coimisinéirí loncaim go dlúth le Ranna eile Rialtais agus i gcás go bhfuil úsáid mhéadaithe ar áiseanna comhroinnte le haghaidh malartú sonraí.

Mar aon le cur chuige roghnaithe riosca-bhunaithe na gCoimisinéirí loncaim, feidhmíonn na Coimisinéirí loncaim Clár Iniúchtaí Randamacha agus Clár Ath-Iniúchtaí.

1.5.1 Anailís agus Próifiliú um Meastóireacht Riosca – REAP agus CRISP

Is córas anailíse riosca na gCoimisinéirí loncaim é an REAP. Rátálann REAP rioscaí bhonn custaiméirí na gCoimisinéirí loncaim thar na príomhchánacha agus dleachtanna. Ciallaíonn ‘Riosca’ sa chomhthéacs seo an riosca roimh phríomhghnó na gCoimisinéirí loncaim chun ‘an cháin agus an dleacht ceart a bhailiú ag an am ceart’. Tá an REAP deartha chun anailís a dhéanamh ar réimse leathan sonraí (lena n-áirítear sonraí tríú páirtí) atá ag na Coimisinéirí loncaim ar chásanna cánacha agus dleachtanna agus chun scór a thabhairt bunaithe ar an leibhéal riosca a bhaineann leo. Tugtar tús áite i gcóras REAP do chásanna bunaithe ar riosca, chun cur ar chumas na gCoimisinéirí loncaim a n-aird a dhíriú ar na cásanna sin is mó a theastaíonn sé uathu agus teagmháil a íoslaghdú le cáiníocóirí comhlíontacha.

Cuidíonn Clár na gCustam um Roghnú Idirghabhálacha Riosca – CRISP – na gCoimisinéirí loncaim, le hiompórtálacha agus dearbhóirí a roghnú le haghaidh idirghabháil iar-imréitigh agus cuireann sé cur chuige riosca-bhunaithe ar fáil maidir le dearbhuithe custam a roghnú le haghaidh idirghabhálacha. Tá CRISP cosúil le REAP sa mhéid is go soláthraíonn sé uirlis leictreonach tacaíochta le cuidiú le measúnú a dhéanamh ar rioscaí iar-imréitigh agus cuireann sé bunús ar fáil chun cásanna a roghnú le haghaidh idirghabháil comhlíontachta dhírithe.

1.5.2 Anailísíochtaí Riosca Fíor-Ama – CBL, ÍMAT agus Custaim

Is éard atá i gceist le hanailísíochtaí riosca fíor-ama ná samhlacha réamh-mheastacha agus rialacha gnó gaolmhara a chomhtháthú i gcórais na gCoimisinéirí loncaim, lena chinntiú go ndéantar measúnú riosca ar na hidirbhearta uile a thagann isteach sna córais trí bhealach ar bith ag an am a dhéantar na hidirbhearta.

Sainaithnítear sa Chreat Riosca Fíor-Ama CBL (VAT RTRF), calaois fhéideartha CBL a luaithe agus is féidir. Baineann an VAT RTRF le CBL aisíochta mar aon le tuairisceáin CBL iníochta.

Cuidíonn Creat Riosca Fíor-Ama ÍMAT (PAYE RTRF) chun éilimh mhíchuí a chosc agus chun ioncam fo-fhógartha nó éilimh mhíchearta a bhrath ag an am a dhéantar éilimh, seachas tar éis an imeachta. Sainaithníonn agus bainistíonn an córas an riosca a bhaineann le haisíocaíochtaí ÍMAT agus creidmheasanna cánach ÍMAT a cheadú. Cinntíonn PAYE RTRF go ndéantar measúnú riosca ar idirbhearta a théann isteach sna córais trí aon chainéal, mar shampla trí PAYE Aon Tráth, Aon Lá nó iarratas aisíochta páipéarbhunaithe, ag an am a dhéantar na hidirbhearta nó éilimh agus ag an am atáthar á bpróiseáil ag na Coimisinéirí loncaim.

Tá gach dearbhú ag tráth na hiompórtála agus na heaspórtála faoi réir measúnú riosca. I ndáil le formhór na ndearbhuithe (a chuirtear ar bhealach Glas, is é

sin a ghlantar gan aon idirghabháil fhoirmiúil ó na Coimisinéirí loncaim) ní gá na doiciméid tacaíochta a lóisteáil leis na Coimisinéirí loncaim. Ní mór, áfach, na doiciméid tacaíochta iarrtha uile a bheith ag an trádálaí roimh imréiteach na n-earraí. Ba chóir a thabhairt faoi deara cé gur gcuirtear an dearbhú tríd an mbealach Glas, go coinníonn na Coimisinéirí loncaim an ceart le scrúdú a dhéanamh ar lasta agus/nó na doiciméid a ghabhann leis.

1.5.3 Léirmheasanna ar Cheirdeanna, Gairmeacha nó Earnálacha Eacnamaíocha Sonracha

Áirítear ar chlár comhlíontachta bliantúil na gCoimisinéirí loncaim cásanna a scrúdú ó earnálacha eacnamaíocha sonracha. Ainmnítear gnéithe riosca. Cuirtear ceachtanna a fhoghlaimítear ó chásanna roghnaithe i bhfeidhm ansin ar an earnáil ina hiomláine, agus ag díriú ar na cáiníocóirí sin a léiríonn na gnéithe riosca. Coigeartaítear samhail riosca an REAP chun rioscaí sonracha don earnáil a chur san áireamh. Baineann na gnáthrialacha iniúchta/idirghabhála, mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais, le hidirghabhálacha comhlíontachta nó le hiniúchtaí a dhéantar mar chuid de thionscadail earnála.

Tá réimse tionscadal ann, idir chuairteanna comhlíontachta gan fhógra agus iniúchtaí iomlána cuimsitheacha. Go minic, bailíonn na Coimisinéirí loncaim faisnéis ar earnáil roimh ré ó roinnt foinsí, lena n-áirítear an córas Anailís agus Próifiliú um Meastóireacht Riosca (REAP), torthaí ó fhiosrúcháin agus iniúchtaí eile san earnáil, eolas áitiúil, nó eolas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear soláthraithe. D'fhéadfadh tionscadal díriú ar gach gnó in aon áit thíreolaíoch amháin. I roinnt cásanna, iarrfar ar cháiníocóirí in earnáil “féin-athbhreithniú” a dhéanamh roimh fhógra iniúchta a fháil. Iarrtar orthu athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid tuairisceán, agus aird ar leith a thabhairt ar áiteanna riosca ar leith a d'aithin na Coimisinéirí loncaim. Pléann na Coimisinéirí loncaim le haon nochtadh cáilitheach a fhaightear, mar thoradh ar fhéin-athbhreithniú, mar “nochtadh cáilitheach neamhspreagtha” le laghdú suntasach ar phionóis.

1.5.4 Cláir Iniúchtaí Randamacha agus Cláir Ath-Iniúchtaí

Is é príomhfhócas na gCoimisinéirí loncaim ná cásanna a roghnú le haghaidh idirghabhálacha comhlíontachta (Iniúchadh Cánach, Imscrúdú Cánach nó idirghabháil comhlíontachta neamhiniúchta) bunaithe ar tháscairí riosca éagsúla agus eolas eile atá ar fáil. Mar aon le clár riosca-bhunaithe, tugann na Coimisinéirí loncaim faoi Chlár Iniúchtaí Randamach agus Clár Ath-Iniúchtaí.

Is iad cuspóirí an Chláir Iniúchta Randamaigh comhlíontacht le reachtaíocht chánach a thomhas agus a rianú, le feidhmiú mar tháscaire ar éifeachtúlacht chur chuige riosca-bhunaithe na gCoimisinéirí loncaim agus le foráil don fhéidearthacht go bhféadtar gach cáiníocóir a roghnú le haghaidh Iniúchadh Chánach.

Is iad cuspóirí an Chláir Ath-Iniúchta measúnú a dhéanamh ar thionchar an iniúchta i spreagadh na comhlíontachta. Dearadh an clár seo chun tomhas táscach a chur ar fáil don ráta atitimeachais agus chun bonn eolais a chur faoi na próisis le déileáil le neamhchomhlíontacht athfhillteach. Ach, tá aon chás faoi réir ath-iniúchta nuair a shainaithnítear rioscaí.

1.6 Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim

Is é an cineál idirghabhála comhlíontachta a dhéanfar ná an ceann a mheastar a bheith ar an gceann is feiliúnaí chun iompar an cháiníocóra a athrú. Glacann na Coimisinéirí loncaim le cur chuige riosca-bhunaithe chun formhór na gcásanna le hidirghabháil a roghnú. D'fhéadfadh sé a bheith de thoradh ar an gcur chuige um anailís riosca seo ná go

ndíreoidh na Coimisinéirí loncaim ar cháin nó dleacht amháin i gcás duine, gnó nó earnáil ar leith.

Tá cur chuige ilghnéitheach ag na Coimisinéirí loncaim chun dul i ngleic le neamhchomhlíontacht, agus ar na gníomhaíochtaí a dhéantar, tá:

- Idirghabhálacha Comhlíontachta Neamhiniúchta Cánach
- Iniúchtaí Cánach (lena n-áirítear iniúchtaí riosca-roghnaithe, iniúchtaí randamacha agus réamh-iniúchtaí)
- Imscrúduithe Cánach

Clúdaítear Idirghabhálacha Comhlíonta Cánach níos mine, i g**Caibidil 2 ‘Forbhreathnú ar Idirghabhálacha Comhlíontachta Cánach’**.

1.6.1 Aonaid Chomh-Imscrúdaithe (JIU)

Is é ról na nAonad Comh-Imscrúdaithe idirghabhálacha comhlíontachta a dhéanamh ar neamhchomhlíontacht agus calaois chánach agus ÁSPC, agus ar stádas fostaíochta oibrithe, agus le dul i ngleic le réimsí ina dtugtar le fios san eolas go bhfuil gníomhaíocht scáthgheilleagair ann. I dtosach, rinneadh an obair seo i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS). Oibríonn oifigigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁC) le hAonaid Imscrúdaithe na gCoimisinéirí loncaim agus na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Oibríonn an tAonad Comh-Imscrúdaithe leo seo agus le gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an Garda Síochána ar sheicphointí ilghníomhaireachta chun gníomhaíocht scáthgheilleagair a shainaithint.

1.6.2 Cuairteanna gan Fhógra

Cé go gcuirfear idirghabháil comhlíontachta in iúl do cháiníocóirí, d’fhéadfadh na Coimisinéirí loncaim teacht chuig gnó cáiníocóra gan choinne roimh ré. Tá na Coimisinéirí loncaim feasach ar chur isteach féideartha ar ghnó mar gheall ar a gcuart agus déanfaidh siad iarracht cuairt a thabhairt ag am cuí.

Nuair a thagann siad chomh fada leis an ngnó, taispeánfaidh an t-oifigeach ó na Coimisinéirí loncaim a (h)aitheantas agus míneoidh sé nó sí cineál na hidirghabhála cánach agus cuspóir na cuairte. Iarrfaidh na Coimisinéirí loncaim labhairt le húinéir nó bainisteoir an ghnó, más féidir.

D’fhéadfaí taifid a chóipeáil nó a bhaint amach i rith na gcuariteanna seo agus d’fhéadfaí tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh de réir mar is cuí, ag brath ar na cúinsí éagsúla i ngach cás.

D’fhéadfaí tús a chur le ‘hImscrúdú Cánach’ le cuairt gan fhógra ar an áitreabh gnó. Sna cúinsí sin, tabharfar ‘Fógra um Imscrúdú Cánach’ don cháiníocóir nuair a dhéantar an chuairt.

I ngach cás nach bhfuil an chuairt gan fhógra mar chuid d’Imscrúdú Cánach, féadfaidh cáiníocóir leas a bhaint as an deis le ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ a dhéanamh ar mhainneachtain cánach nó dleachta.

1.7 Comhlíontacht Ceadúnas Máil

Mar chuid de ghníomhaíochtaí comhlíontachta leanúnacha déanfaidh na Coimisinéirí loncaim idirghabhálacha dírithe ar chomhlíontacht a chinntiú le riachtanais ceadúnaithe máil.

Iarrtar ar shealbhóirí Ceadúnas Trádálaí Breosla Feithicle nó Breosla Mharcáilte (ceadúnais AFTL nó MFTL) tuairisceáin mhíosúla maidir lena ngluaiseachtaí ola (ROM1)

a chur isteach go leictreonach agus díreoidh idirghabhálacha na gCoimisinéirí loncaim ar chomhlíontacht na dtrádálaithe sin leis na riachtanais seo.

Féadann na Coimisinéirí loncaim réimse smachtbhannaí a fhorfheidhmiú in aghaidh trádálaithe lena n-áirítear diúltú ceadúnais nó aistarraingt agus ionchúiseamh.

Tá an fhaisnéis uile maidir le [hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas nó chun ceadúnas a athnuachan agus na riachtanais chomhlíontachta](#) ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí loncaim.

1.8 Comhlíontacht le Cód Custam an Aontais agus Forálacha Tarmligthe agus Forfheidhmithe

Tá nósanna imeachta láidre seiceála i bhfeidhm ag na Coimisinéirí loncaim chun oibleagáidí AE a shásamh agus chun comhlíontacht le riachtanais an Chóid Custam agus na Forálacha Forfheidhmithe, lena mbaineann, a chinntiú.

Foráiltear faoi Alt 78(2) de Rialachán 2913/1992 (Cód Custam an Chomhphobail) agus Alt 48 de Rialachán 952/2013 (Cód Custam an Aontais) d'údaráis custam beachtas na sonraí atá i ndearbhú a fhíorú tar éis earraí a scaoileadh.

Déanann na Coimisinéirí loncaim nósanna imeachta seiceála iarghlanta ag dhá leibhéal trí Iniúchadh Custam agus seiceálacha fíoraithe tiomanta ag idirbheart (idirghabhálacha comhlíontachta neamhiniúchta).

Leagtar amach sa lámhleabhar [Bailiúchán Fiacha Custam](#) na nósanna imeachta sa chás go sainiúntear dleachtanna iompórtála gan íoc (is é sin fiach custam) tar éis iompórtála; tiocfaidh sé seo aníos go hiondúil mar thoradh ar iniúchadh custam nó seiceáil iar-iompórtála eile.

1.9 Uirlisí agus Teicnící Leictreonacha Tacaíochta

Ní úsáideann líon suntasach de cháiníocóirí gnó leabhair chunta pháipéarbhunaithe, mórleabhair, cuntais rialúcháin agus doiciméid tacaíochta pháipéarbhunaithe chun a ngnó a rith a thuilleadh. Ina áit sin, braitheann siad ar ríomhchórais chuntasaíochta agus taifid leictreonacha chun é seo a dhéanamh, agus chun bheith mar bhunús le comhlánú na bhfoirmeacha tuairisceáin cánach áirithe is gá dóibh a thíolacadh.

Ní bhraitheann úsáid ríomhchórais cuntasaíochta agus taifead leictreonach ar mhéid an ghnó. Tá córais an-sofaisticiúil chuntasaíochta agus taifeadta ag cuid de na gnóthai is lú. Dá mhéad an gnó, is ea is dóchúla go méadófar castacht agus an méid a chomhtháthaítear an córas cuntasaíochta agus taifeadta le príomhbhunachair shonraí intí. Mar aon leis sin, feidhmíonn go leor fiontair FBM trí shaincheadúnais, nuair atá sé riachtanach d'úinéir an tsaincheadúnais córais leictreonacha a úsáid.

De bharr go mbaintear úsáid ghinearálta as ríomhchórais chuntasaíochta agus taifid leictreonacha anois, úsáidfidh na Coimisinéirí loncaim teicnící ríomhiniúchta le dearbhú gur thíolaic an gnó tuairisceáin chánacha fhíora agus chearta bunaithe ar an bhfaisnéis atá sna ríomhthaifid bhunúsacha.

Baintear úsáid as na téarmaí “ríomh-iniúchadh” agus “ríomh-iniúchóireacht” chun cur síos a dhéanamh ar chlár ríomhaireachta a úsáidtear chun taifid agus sonraí a stóráiltear ar chórais leictreonacha a cheistiú le linn Iniúchadh Cánach nó le linn idirghabhála comhlíontachta eile. Níl aon idirdhealú idir taifid a choimeádtar ar bhealach traidisiúnta agus taifid a choimeádtar ar cheann, nó níos mó, den iliomad córas leictreonach tráchtála atá ar fáil.

Féadfaidh sé a bheith mar chuid d'idirghabhálacha comhlíontachta go ndéantar scrúdú ar na córais leictreonacha a úsáidtear sa ghnó agus cóipeáil leictreonach agus sonraí leictreonacha a íoslódáil le haghaidh anailíse. Ní athraíonn an méid sin cineál na

hidirghabhála comhlíontachta cánach, ní dhéanann sé ach ligean do na Coimisinéirí loncaim úsáid a bhaint as teicnící iniúchta ríomhchuidithe ar shonraí chustaiméara. Go hiondúil, iarrfaidh na Coimisinéirí loncaim ar an gcáinócóir tuairiscí agus comhaid sonraí a chur ar fáil de chineál ar leith i bhformáid leictreonach.

Stórálfar gach eolas digiteach a asbhaintear ar ghléasanna stórála criptithe de réir cosaintí a leagtar amach i **mbeartas um shlándáil sonraí na gCoimisinéirí loncaim** agus i dtreoirilínte TFC. Ar an mbealach sin, tugtar cosaint do shonraí cáinócóra atá faoi rún.

Cuirfear in iúl i ngach litir fógra maidir le hidirghabháil comhlíontachta faoi úsáid fhéideartha teicnící fairsinge ríomhiniúchta. Úsáidtear roinnt seiceálacha leictreonacha caighdeánacha sa chuid is mó d'idirghabhálacha agus níl gá le fógra roimh ré.

Féach alt 3.21 den Chód Cleachtais seo chomh maith maidir le cothabháil taifead i bhformáid leictreonach.

1.9.1 Réamhchruinniú Roimh an Iniúchadh – Taifid Leictreonacha

Féadfaidh litir fógra iniúchta an cáinócóir a chur ar an eolas go ndéanfaidh na Coimisinéirí loncaim teagmháil leo roimh an iniúchadh chun réamhchruinniú [roimh an iniúchadh] a shocrú chun na córais chuntasaíochta agus córais um Dhíolphointe Leictreonach (EPOS) a úsáidtear sa ghnó, formáid agus méid na dtaifead leictreonach atá ar fáil agus na taifid leictreonacha a chaithfear a chur ar fáil ag an Iniúchadh Cánach foirmiúil a shainaithint agus a thuiscint. Ní choisceann sé seo na Coimisinéirí loncaim ó rochtain a iarradh ar thuilleadh sonraí roimh Iniúchadh Cánach nó lena linn.

Is gnách go reáchtáiltear an réamhchruinniú ag áitreabh an ghnó, ait a bhfuil rochtain ar na taifid ríomhaire. Féadfaidh sé go n-iarrfar ar ghníomhaire an cháinócóra freastal ar an gcruinniú seo. Más cuí, ba chóir don fhoireann tacaíochta TFC freastal air chomh maith.

Ní Iniúchadh Cánach atá sa réamhchruinniú agus níl tionchar aige ar theidlíocht an cháinócóra le nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh.

Iarrfar ar an gcáinócóir tuairiscí a ghiniúint agus comhaid sonraí a chur ar fáil ó na córais atá in úsáid acu. Féadfaidh sé go n-iarrfar cúltaca iomlán de chomhaid shonraí an chórais chomh maith. Is áis shlán shábháilte í Seirbhís Aistrithe Comhad na gCoimisinéirí loncaim (RFTS) is féidir a úsáid chun sonraí a mhalartú le hOifig na gCoimisinéirí loncaim agus is é an bealach is fearr chun sonraí a aistriú. Is féidir gléasanna stórála criptithe na gCoimisinéirí loncaim a úsáid freisin má bhíonn gá leo. Tá taifid leictreonacha agus pháipéir a chuirtear ar fáil le linn iniúchtaí comhlíontachta faoi réir beartais um chosaint sonraí na gCoimisinéirí loncaim agus reachtaíocht um chosaint sonraí.

Táthar ag súil leis go gcomhoibreoidh cáinócóirí go hiomlán leis na Coimisinéirí loncaim. Áirítear leis seo cúnamh réasúnta a thabhairt chun eolas nó sonraí a stóráladh go leictreonach a aimsiú nó a fháil. Mar aon leis sin, i gcásanna áirithe ina bhfuil deacrachtaí na sonraí a fháil, d'fhéadfaí iarradh ar soláthraí na mbogearraí gnó cúnamh a thabhairt.

Cé go bhféadfaí an t-iniúchadh a dhéanamh trí ríomhiniúchadh, baineann gach gné den Chód Cleachtais leis na hidirghabhálacha sin. Chun críocha an Chóid Cleachtais seo, áirítear ríomhiniúchadh le tagairtí d'idirghabhálacha comhlíontachta.

1.10 Róil agus Freagrachtaí faoi seach i ndáil le hidirghabhálacha Comhlíontachta

Is féidir le hIniúchtaí Cánacha agus idirghabhálacha comhlíontachta eile a bheith ina

ualach ar cháiníocóirí agus d'fhéadfaidís cur isteach ar a ngnó. Tá sé riachtanach, mar sin, go ndéantar gach idirghabháil comhlíontachta ar bhealach éifeachtúil, gairmiúil agus cúirtéiseach.

1.10.1 Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí – an tSeirbhís Ardchaighdeán a sholáthraítear agus a mbítear ag súil leis

Leagann an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí in Aguisín 1 na gnéithe bunúsacha amach den tseirbhís a bhfuil cáiníocóirí i dteideal a fháil agus den mhéid a mbíonn na Coimisinéirí loncaim ag súil leis ó cháiníocóirí.

1.10.2 Foireann Chomhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim

Idirghabháil dea-phleanáilte, scópáilte go cuí agus déanta go héifeachtach is ea idirghabhálacha comhlíontachta ardchaighdeán a roghnaítear le cur chuige riosca-bhunaithe. Cuirfear reachtaíocht agus beartas feidhmíochta i bhfeidhm i gcomhar leis an gCód seo. Is é cuspóir idirghabhálacha comhlíontachta ná scrúdú a dhéanamh ar an riosca sainaitheanta ar bhonn tráthúil agus leis an gcur isteach is lú agus is féidir ar an gcáiníocóir.

Cuirfidh na Coimisinéirí loncaim aon chúnamh ar fáil a theastaíonn ó cháiníocóirí chun cur ar a gcumas comhoibriú leis an idirghabháil comhlíontachta.

1.10.3 Cáiníocóirí

Sa chás gur ullmhaigh cleachtóir cánach tuairisceán cánach nó faisnéis eile le cur faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim, tá an cáiníocóir fós freagrach as beachtas an tuairisceáin nó soláthar faisnéise, ar nós gur réitigh an cáiníocóir an tuairisceán nó an fhaisnéis.

D'fhéadfadh cáiníocóir a bheith faoi dhliteanas pionós agus catagóir 'neamh-chomhoibrithe' má theipeann air nó uirthi 'comhoibriú go hiomlán' le hiompar na hidirghabhála.

1.10.4 Cleachtóirí Cánach

Sainaitníonn na Coimisinéirí loncaim an ról tábhachtach atá ag cleachtóirí cánach i gcuidiú le cáiníocóirí le riachtanais tíolactha, léirmhíniú ar an reachtaíocht agus cúinsí eile lena mbaineann, agus le comhlíontacht chánach a éascú.

Ar mhaithe le riarachán éifeachtach cánach, ba chóir idirghabhálacha comhlíontachta a thabhairt chun críche chomh tapa agus is féidir. Sa chás nár tugadh an fhaisnéis a d'iarr na Coimisinéirí loncaim nó nár tugadh ar fad é ar bhonn tráthúil, mar shampla, páirt-soláthar taifead, páirtfhreagraí ar cheisteanna, moill i bhfreagairt ceisteanna, nó sa chás go bhfuil bac eile, a chuireann moill ar chríochnú na hidirghabhála, cuirfidh na Coimisinéirí loncaim an cáiníocóir agus an cleachtóir cánach cuí ar an eolas go mbeidh an cáiníocóir faoi dhliteanas pionós a íoc sa chatagóir "neamh-chomhoibriú" má leantar leis an easpa comhoibrithe iomláin chun an idirghabháil a thabhairt chun críche.

Tá na Coimisinéirí loncaim ag súil go bhfeidhmíonn gach cleachtóir cánach a réitíonn tuairisceáin chánach agus a fheidhmíonn thar ceann cáiníocóirí go macánta agus go gcloíonn siad leis na dlíthe agus rialacháin chuí. Tá sé i gceist ag na Coimisinéirí loncaim pionós a lorg faoi Alt 1055 den ACC, 1997 (pionós as cúnamh a thabhairt le tuairisceáin mhíchearta a dhéanamh, srl) agus/nó ionchúiseamh a lorg faoi fhorálacha Alt 1078 (2) den ACC, 1997 (a dhéanann cabhrú, neartú, cuidiú, spreagadh nó mealladh ar dhuine eile chun aon tuairisceán, ráiteas nó cuntais mhíchearta a sheachadadh go feasach nó go toiliúil maidir le le haon cháin) sna cúinsí cuí.

Tá na Coimisinéirí loncaim ag súil chomh maith go dtabharfaidh aon chleachtóir cánach a fheidhmíonn thar ceann cáiníocóra, faisnéis agus ábhar atá de réir mar is fearr is eol dó nó di ina léiriú fíor ar ghnóthaí cánach an cháiníocóra. Má thíolactar tuairisceán mícheart nó má thugtar faisnéis mhíchruinn de bharr gníomh de chuid cleachtóra cánach, rachaidh na Coimisinéirí loncaim sa tóir ar an gcáiníocóir chun cáin, ús agus pionóis a fháil de réir mar is cuí.

1.10.5 Atreoruithe faoi alt 851A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Faoi Alt 851A den ACC, 1997, féadfaidh oifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim faisnéis cháiníocóra a nochtadh le comhlacht gairmiúil sa chás go bhfuil sé nó sí sásta nach sásaíonn obair gníomhaire caighdeáin an chomhlachta ghairmiúil. Beidh sé faoin gcomhlacht gairmiúil scrúdú a dhéanamh ar an atreorú agus aon ghnímh is gá a thógáil faoina nósanna imeachtaí féin, nuair is gá. Cuirtear béim i nósanna imeachta inmheánacha na gCoimisinéirí loncaim, i measc nithe eile, nach gcuirfear atreorú ó na Coimisinéirí loncaim chuig comhlacht poiblí san áireamh ach sna cásanna is tromchúisí, mar shampla cásanna de neamhchloí suntasach agus/nó leanúnach le caighdeáin ghairmiúla agus, beidh aon atreoruithe faoi réir ceadaithe ag Rúnaí Cúnta.

Is féidir rochtain a fháil ar nósanna imeachta inmheánacha na gCoimisinéirí chuige seo ag: [Lámhleabhair Chánach agus Dhleachta – Comhlíontacht – Iniúchtaí agus idirghabhálacha eile comhlíontachta – Atreoruithe na gCoimisinéirí loncaim chuig Comhlachtaí Poiblí faoi Alt 851A den ACC, 1997.](#)

1.11 Cód Comhlíontachta do Cháiníocóirí ÍMAT

Déantar idirghabhálacha comhlíontachta agus seiceálacha ar cháiníocóirí ÍMAT de réir an [Chóid Comhlíontachta do Cháiníocóirí ÍMAT](#). Sa chás, áfach, go ndéantar Iniúchadh nó Imscrúdú Cánach i gcás cáiníocóirí ÍMAT, baineann an Cód Cleachtais seo leis an iniúchadh nó imscrúdú.

1.12 Oibriú an Chóid Cleachtais seo

Tiocfaidh an Cód Cleachtais seo i bhfeidhm ón 16 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gach idirghabháil comhlíontachta a chuirtear in iúl ar an lá sin nó ina dhiaidh sin. Maidir le hidirghabhálacha comhlíontachta a raibh fógra tugtha ina leith ach nach raibh réitithe roimh an 16 Deireadh Fómhair 2019, féadfaidh an cáiníocóir rogha a dhéanamh cibé an ndéanfar an tsocraíocht faoi théarmaí an Chóid Cleachtais seo, nó faoi Chód Cleachtais na gCoimisinéirí loncaim um Iniúcháireacht agus Idirghabhálacha Comhlíontachta Eile arna fhoilsiú an 22 Feabhra 2017.

Léargas ar Idirghabhálacha Comhlíonta Cánach

Clúdaíonn an chaibidil seo:

- Cuspóirí ar Idirghabhálacha Cánacha
- Léargas agus Sainmhíniú ar Idirghabhálacha Cánacha
- Fógra faoi Idirghabháil Comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim Cánach / Iniúchadh Cánach /Imscrúdú Cánach.

2. LÉARGAS GINEARÁLTA AR IDIRGHABHÁLACHA COMHLÍONTACHTA CÁNACH

Faoi fhorálacha na gcód cánach agus dleachta, tá na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal fiosrúcháin nó imscrúduithe a dhéanamh agus na gníomhartha sin a mheasann siad a bheith cuí a ghlacadh chun iad féin a shásamh go bhfuil aon ráiteas nó sonra eile atá in aon tuairisceán, liosta, ráiteas nó sonraí eile beacht nó eile. Tagraítear do na fiosrúcháin, imscrúduithe nó gníomhartha a ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim sa Chód Cleachtais seo mar Idirghabhálacha Comhlíontachta Cánach, Iniúchtaí Cánach agus Imscrúduithe Cánach.

2.1 Cuspóirí Idirghabhálacha Cánach

Is é an phríomhaidhm atá leis na cláir um sheirbhís do chustaiméirí, na cláir idirghabhála comhlíontachta, iniúchtaí agus ionchúiseamh ná comhlíontacht shaorálach le hoibleagáidí cánach agus dleachta a chur chun cinn.

Baineann cláir iniúchtaí agus idirghabhálacha go príomha le neamh-chomhlíontacht a bhrath agus a dhíspreagadh. Áirítear iad seo a leanas ar an réimse feidhmeanna:

- cruinneas tuairisceáin a shocrú, dliteanas cánach a dhearbhu nó aisíocaíocht a éileamh
- na réimsí riosca is cúis imní do na Coimisinéirí Ioncaim a léiriú agus a mheas agus iarraidh ar cháiníocóirí (agus/nó gníomhairí) na rioscaí/saincheisteanna sonracha seo a athbhreithniú agus a scrúdú
- dliteanais bhreise a aithint nó ábhair eile a theastaíonn coigeartuithe, más ann dóibh
- an cháin, an t-ús, agus na pionóis a bhailiú, nuair is cuí
- na cásanna a chomhlíonann na critéir a shainaithint le haghaidh foilsitheoireachta ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach faoi fhorálacha Alt 1086 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997
- beart ceartaitheach a shonrú a theastaíonn chun cáiníocóirí a chur ar bhonn comhlíontach sa chás go n-aimsítear earráidí nó mírialtachtaí le linn idirghabhála
- na hathruithe gnásúla nó eile a theastaíonn chun gníomhaíochtaí imghabhála a dhíothú
- sa chás go dtagann comharthaí láidre chun cinn i leith imghabháil thromchúiseach cánach nó cion Cánach i gcásanna, na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh (IPD) chun iad a mheas le haghaidh ionchúisimh
- comhlíontacht le reachtaíocht Máil a fhíorú lena n-áirítear riachtanais um cheadúnú máil
- comhlíontacht le reachtaíocht Custam a sheiceáil, lena n-áirítear cruinneas agus críochnúlacht na sonraí a iontráladh i ndearbhú Custam a sheiceáil, mar aon leo siúd a rinneadh faoi nósanna imeachta simplithe.

2.2 Cineálacha Idirghabhálacha Cánach

Tagann Iniúchtaí agus Idirghabhálacha Comhlíontachta eile a dhéanann na Coimisinéirí loncaim faoi na catagóirí leathana seo:

-
- Idirghabhálacha Comhlíontachta Neamhiniúchta Cánach
(Seiceálacha Dearbhaithe, Fiosruithe Gné agus Agallaimh Phróifíle go príomha)
Tá an cáinócóir i dteideal ‘Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha’ a dhéanamh
 - Iniúchadh Cánach
Tá an cáinócóir i dteideal ‘Nochtadh Cáilitheach Spreagtha’ a dhéanamh sula gcuirtear tús le scrúdú ar na leabhair agus na cuntais
 - Imscrúdú Cánach
Féadfaidh an cáinócóir nochtadh a dhéanamh ach **níl** sé/sí i dteideal aon chineál ‘Nochtadh Cáilitheach’ a dhéanamh
-

Más rud é go ndéanann cáinócóir ‘nochtadh cáilitheach’ i ndáil le dliteanais chánach nó dleachta neamhnóchta, ní fhoilsítear an tsocraíocht i Liosta na Mainnitheoirí Cánach agus ní chuirfidh na Coimisinéirí loncaim tús le himscrúdú d’fhonn an cáinócóir a ionchúiseamh maidir leis an gceist a nochtadh.

Féadtar cáinócóir a imscrúdú d’fhonn ionchúiseamh a dhéanamh i gcás nach ‘nochtadh cáilitheach’ iad na mainneachtainí chánach nó sa chás nach ndéantar ‘nochtadh cáilitheach’.

Leagtar amach in ailt 3.6 go 3.13 den Chód Cleachtais seo na riachtanais iomlána faoin reachtaíocht chánach chun ‘nochtadh cáilitheach’ a dhéanamh.

2.3 Idirghabhálacha Comhlíontachta Neamhiniúchta Cánach

Beartaítear gach idirghabháil chánach a bheith san fhormáid is éifeachtaí ó thaobh cúrsaí ama agus acmhainní, agus a leagann an costas is lú ar an gcáinócóir agus ar na Coimisinéirí loncaim, ach a théann i ngleic leis an riosca braite. Dá réir sin, ní bhíonn gach idirghabháil chánach ina ‘Iniúchadh Cánach’ ná ina ‘Imscrúdú Cánach’ foirmiúil. Déanann na Coimisinéirí loncaim na hidirghabhálacha comhlíontachta bainistíochta riosca **neamh-iniúchta** seo a leanas:

- Seiceálacha dearbhaithe (lena n-áirítear fiosruithe gné)
- Agallaimh próifíle
- Dul sa tóir ar thuairisceáin ó Neamhthíolaceoirí
- Léirmheasanna Earnála (athbhreithniú ar cheirdeanna, gairmeacha nó earnálacha eacnamaíocha sonracha)
- Tugann an tAonad Comh-Imscrúdaithe (JIU) cuairteanna ar ghníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁC) agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS)
- Cuairteanna gan Fhógra/cuairteanna suímh
- Iarratas ar ghnó chun féin-athbhreithniú dliteanais chánach/dleachta a dhéanamh

Ní liosta cuimsitheach é an liosta thuas d’idirghabhálacha comhlíontachta bainistíochta riosca.

Pointe tábhachtach le tabhairt faoi deara, áfach, is ea go bhfuil an cáinócóir i dteideal

‘Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha’ (féach alt 3.9) a dhéanamh i leith dliteanas cánach nó dleachta nár dearbhaíodh cheana, sa chás go ndéanann na Coimisinéirí loncaim aon chineál idirghabhála comhlíontachta neamhiniúchta (féach an liosta thuas), ar an ábhar nach meastar gur tosaíodh Iniúchadh Cánach nó Imscrúdú Cánach.

Le hidirghabhálacha comhlíontachta neamhiniúchta cánach, lena n-áirítear Seiceálacha Dearbhaithe, Fiosruithe Gné agus Agallaimh Phróifíle, féadtar saincheisteanna a dheimhniú a éilíonn iniúchadh nó imscrúdú. Sa chás go bhfuil ‘Iniúchadh Cánach’ nó ‘Imscrúdú Cánach’ pleanáilte, gheobhaidh an cáiníocóir litir fógra cuí.

Maidir le cáiníocóir a fhaigheann fiosrú idirghabhála comhlíontachta neamhiniúchta ó na Coimisinéirí loncaim, ba chóir dó nó di an t-ábhar imní a luaitear san fhiosrú a athbhreithniú. Má thagann mírialtacht cánach nó dleachta chun solais, ba chóir don cháiníocóir féachaint ar na buntáistí a bhaineann leis an bhfadhb a nochtadh do na Coimisinéirí loncaim. Caithfidh na Coimisinéirí loncaim le haon nochtadh ag an gcáiníocóir sna cúinsí seo mar nochtadh neamhspreagtha.

Díríonn idirghabhálacha go ginearálta ar bhliain nó ar thréimhse inar sainaithníodh riosca ar leith. Féadtar, áfach, idirghabhálacha ar bhlianta iomadúla (nó ar thréimhsí iomadúla) a dhéanamh sa chás go sainaithnítear rioscaí ábhartha, tugtha le fios ón réimse leathan foinsí sonraí atá ar fáil do na Coimisinéirí loncaim, le haghaidh roinnt blianta (nó roinnt tréimhsí).

2.3.1 Sainmhíniú ar Sheiceáil Dearbhaithe

Is idirghabhálacha comhlíontachta iad na Seiceálacha Dearbhaithe a dhéanann na Coimisinéirí loncaim, agus cé nach Iniúchtaí Cánacha iad, féadfaidh sé a bheith mar chuid díobh go ndéantar seiceálacha agus dúshláin le teagmháil dhíreach ag na Coimisinéirí loncaim leis an gcáiníocóir agus/nó leis an ngníomhaire chun saincheist chomhlíontachta a thástáil. Bíonn siad riosca-bhunaithe go ginearálta agus díríonn siad ar rioscaí agus tréimhsí sonracha sonraithe chun costais gan ghá ar cháiníocóirí agus ar na Coimisinéirí loncaim a íoslaghdú. Is féidir an teagmháil a dhéanamh ar an bhfón, trí ríomhphost slán, i litir nó go pearsanta. Ní chuireann na seiceálacha comhlíontachta neamhiniúchta seo srian ar cheart cáiníocóra ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ a dhéanamh.

Is minic a bhunaítear Seiceálacha Dearbhaithe ar neamhréiteach follasach sna sonraí atá ag na Coimisinéirí loncaim faoi thaifead cáiníocóra ar leith. Féadfaidh siad a bheith ina thoradh, chomh maith, ar threoirínte na gCoimisinéirí loncaim i leith éilimh ar aisíocaíochtaí nó faoisimh a sheiceáil. Tá sé mar aidhm ag an úsáid mhéadaithe as seiceálacha dearbhaithe ag na Coimisinéirí loncaim go réitítear saincheiste ar an taifead gan an costas agus an mhíchaoithiúlacht a bhaineann le ‘hIniúchadh Cánach’ foirmiúil. Tá ciall leis don cháiníocóir freagra iomlán, tapa agus ionraic a thabhairt sheiceáil dearbhaithe. Is cuid thábhachtach iad na seiceálacha dearbhaithe d’iarrachtaí na gCoimisinéirí loncaim lena ‘chinntiú go gcomhlíonann gach duine a bhfreagrachtaí Cánach agus Dleachta’.

Tabharfaidh na Coimisinéirí loncaim fógra 30 lá ar a laghad don cháiníocóir (más gá) chun doiciméid, cuntais nó sonraí a theastaíonn a chur ar fáil.

2.3.2 Sainmhíniú ar Fhiosrú Gné

Breathnaítear ar Fhiosrú Gné mar idirghabháil ghearr, dhírithe chun críche riosca áirithe a sheiceáil (a léirítear go minic i gcóras REAP nó RTR na gCoimisinéirí loncaim – féach alt 1.5). Is féidir Fiosrú Gné a dhéanamh ar an bhfón, trí ríomhphost slán, i litir nó mar chuairt. Féadfaidh iarratas ar dhoiciméid a bheith san áireamh san fhiosrú. Insítear don cháiníocóir (agus don ghníomhaire) cén fáth a ndearnadh an fiosrú. Féadfaidh cás-obair ar Fhiosrú Gné a bheith mar

réamhtheachtaí do ‘Iniúchadh Cánach’. Ní ghlactar leis na hidirghabhálacha comhlíontachta seo mar Iniúchtaí Cánach agus ní chuireann siad srian ar cheart cáiníocóra ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ a dhéanamh.

2.3.3 Sainmhíniú ar Agallamh Próifíle

Tá na Coimisinéirí loncaim in ann próifíl riosca a dhéanamh ar cháiníocóirí agus idirbhearta bunaithe ar fhaisnéis sa chóras rangaithe riosca leictreonach (REAP) agus ó shonraí eile atá ar fáil dóibh. Chomh luath agus a dhéantar próifíliú ar chás, féadfaidh an leibhéal riosca laistigh de chás a léiriú gur chóir don idirghabháil cánach atá le déanamh a bheith níos leithne ná Fiosrú Gné. Sna cásanna seo féadtar Agallamh Próifíle a sceidealú ina dtabharfar aghaidh ar na rioscaí a shainaithnítear.

Mar chuid den phróiseas um Agallamh Próifíle, eiseoidh na Coimisinéirí loncaim litir chuig an gcáiníocóir ina shonraítear na réimse riosca a phléifear ag an Agallamh Próifíle, a bheidh ar siúl de ghnáth 21 lá tar éis an litir a eisiúint.

Sa chás go bhfuil Agallamh Próifíle sceidealaithe le scrúdú a dhéanamh (mar shampla) ar iarratas ar cheadúnas do thrádálaithe breosla mótaí, is chun leas an trádálaí é go dtarlaíonn idirghabháil comhlíontachta a luaithe agus is féidir tar éis an t-iarratas a fháil ionas go bhféadfaidh sé seo a bheith laistigh den chreat ama 21 lá.

Féadfaidh na Coimisinéirí loncaim gach doiciméad agus taifead a chuireann an cáiníocóir ar fáil a scrúdú chun an riosca a shoiléiriú. Tabharfar deis do cháiníocóirí nochtadh neamhspreagtha a dhéanamh (más gá). Ní ghlactar leis na hidirghabhálacha comhlíontachta Agallamh Próifíle seo mar Iniúchtaí Cánach agus ní chuireann siad srian ar cheart cáiníocóra ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ a dhéanamh.

Ar chur i gcrích an Agallamh Próifíle, glactar cinneadh i leith cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le ‘hIniúchadh Cánach’ nó gníomh eile. Cuirfear comhairle ar an gcáiníocóir laistigh de choicís má tá tús le cur le ‘hIniúchadh Cánach’ nó le gníomh eile. Más rud é go dtagann sé chun solais ag Agallamh Próifíle nach bhfuil aon riosca so-iniúchta soiléir ann, nó má tá míniú sásúil tugtha ar na rioscaí sainaitheanta, ní chuirfidh na Coimisinéirí loncaim tús le hiniúchadh.

Cuirfear toradh an Agallamh Próifíle in iúl don cháiníocóir (agus gníomhaire) i scríbhinn.

2.4 Fógra faoi Idirghabháil Comhlíontachta Neamhiniúchta Cánach

Déantar idirghabhálacha comhlíontachta neamhiniúchta ar an bhfón, trí ríomhphost slán, i litir nó mar chuairt. Ní eisítear fógra scríofa i gcónaí.

Nuair atá ‘Iniúchadh Cánach’ sceidealaithe (ailt 2.5 agus 2.6 thíos), gheobhaidh an cáiníocóir (agus an gníomhaire) ‘Fógra um Iniúchadh Cánach’.

Nuair atá ‘Imscrúdú Cánach’ sceidealaithe (ailt 2.7 agus 2.8 thíos), is iondúil go bhfaighidh an cáiníocóir (agus an gníomhaire) ‘Fógra um Imscrúdú Cánach’.

2.5 Sainmhíniú ar Iniúchadh Cánach

Is éard is ‘Iniúchadh Cánach’ ann ná scrúdú orthu seo a leanas;

- tuairisceán cánach
- dearbhú dliteanais nó éileamh aisíocaíochta
- ráiteas dliteanais um an Dleacht Stampa

- comhlíontacht duine leis an reachtaíocht chánach agus dleachta.

Maidir le scrúdú féadtar féachaint ar gach riosca i gcás ar leith nó díriú ar cheist nó ar cheannteideal cánach amháin.

Cuirtear san áireamh freisin in Iniúchadh Cánach, más cuí in aon chás ar leith, agus freisin i gcásanna nár cuireadh tuairisceáin isteach, scrúdú ar leabhair, ar chuntais agus comhlíonadh le hoibleagáidí cánacha duine nó cuideachta chun leibhéal ceart dliteanais a bhunú. Féadfaidh baint a bheith aige freisin le riaráiste cánach a bhailiú d'fhonn an cáiníocóir a chur ar bhonn comhlíontach cánach.

Seachas iniúchta agus athiniúchtaí a roghnaítear go randamach, bunaítear Iniúchtaí Cánach go ginearálta ar roghanna feasacha de chásanna um próifiliú riosca mar aon le heolas áitiúil. Féadtar cásanna Iniúchta Cánach a roghnú freisin mar chuid de scrúdú ar rannán nó scéim gnó ar leith. Leagtar amach na critéir roghnaithe le haghaidh Iniúchadh Cánach agus idirghabhálacha comhlíonta eile go mion sa chaibidil 'Réamhrá' den Chód Cleachtais seo.

D'fhéadfadh iniúcháir aonair nó foireann d'iniúcháirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim Iniúchadh Cánach a dhéanamh, ag brath ar mhéid nó ar chastacht an cháis, an gá le saineolas speisialtóra agus líon na n-oifigí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a ghlacann páirt san iniúchadh.

2.6 Fógra um Iniúchadh Cánach

Go hiondúil tugtar fógra fiche a haon lá d'Iniúchadh Cánach don cháiníocóir agus dá g(h) níomhaire araon. Sa chás go bhfuil Iniúchadh Cánach le sceidealú, beidh an fhoclaíocht seo a leanas san áireamh sa litir a eiseofar: 'Fógra um Iniúchadh Cánach' agus léireofar ann an dáta a chuirfear tús leis an iniúchadh.

Léireofar go soiléir ar gach litir fógra um iniúchadh a eisítear chuig cáiníocóirí agus gníomhairí an cineál Idirghabhála Cánach atá i gceist. Leagfar amach scóip an iniúchta chomh maith, idir cheannteideal cánach nó saincheist aonair le haghaidh tréimhse nó bliain shonrach, agus iniúchtaí uileghabhálacha le haghaidh roinnt blianta.

Cuirfear in iúl i ngach litir fógra um iniúchta an úsáid fhéideartha as modhanna fairsinge ríomhiniúchta.

Ar dháta eisiúna na litreach faoi "Fógra um Iniúchadh Cánach" agus ón dáta sin ar aghaidh (is é sin an dáta a léirítear ar an litir) chuig an gcáiníocóir agus chuig an ngníomhaire, níl an deis ann 'nochtadh cáilitheach neamhspreagtha' a dhéanamh a thuilleadh. Féadann an cáiníocóir, áfach, 'nochtadh cáilitheach spreagtha' a dhéanamh sula gcuirtear tús le scrúdú ar na leabhair agus na cuntais.

Sa chás gur eisíodh fógra um iniúchadh deisce, meastar an scrúdú ar na leabhair agus na taifid a bheith tosaithe ar an lá tar éis don fhógra dul in éag.

2.7 Sainmhíniú ar Imscrúdú Cánach

Is éard is 'Imscrúdú Cánach' ann ná scrúdú ar ghnóthaí cáiníocóra sa chás go gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim, ó scrúdú ar an bhfaisnéis atá ar fáil, go bhféadfaidh sé gur tharla imghabháil thromchúiseach chánach nó dleachta nó go bhféadfaidh sé gur tharla cion i leith na gCoimisinéirí Ioncaim.

Toradh féideartha ar Iniúchadh Cánach is ea ionchúiseamh coiriúil.

Cuirtear tús le hImscrúdú Cánach go hiondúil trí chur in iúl i scríbhinn don cháiníocóir i scríbhinn go bhfuil a c(h)uid gnóthaí cánacha/dleachta faoi Imscrúdú Cánach.

Tá cásanna ann ina meastar gur Imscrúdú Cánach leanúnach atá ann gan fógra foirmiúil chuig an gcáiníocóir; leagtar cásanna den chineál sin amach sa reachtaíocht chánach

agus dleachta agus áirítear orthu:

- Imscrúdú Cánach ar chúrsaí atá tar éis teacht nó atá ar tí teacht de bheith ar eolas ag na Coimisinéirí loncaim trína gcuid imscrúduithe féin nó trí imscrúdú arna reáchtáil ag comhlacht nó gníomhaireacht reachtúil
- Imscrúdú Cánach ar chúrsaí atá laistigh de scóip fiosrúcháin arna dhéanamh go hiomlán poiblí, nó go poiblí i bpáirt, nó
- Imscrúdú Cánach ar chúrsaí lena bhfuil ceangal poiblí ag duine, nó lena mbeidh ceangal acu go luath.

I gcás cáiníocóir a fhaigheann litir faoi ‘Fógra um Imscrúdú Cánach’, féadfaidh an cáiníocóir nochtadh a dhéanamh **ach ní bheidh sé nó sí in ann tairbhe a bhaint as an méid seo a leanas a thuilleadh;**

- an deis le ‘nochtadh cáilitheach’ a dhéanamh i ndáil leis an gceist faoi imscrúdú mar atá leagtha amach sa reachtaíocht
- foilsitheoireacht a sheachaint má chomhlíonann an tsocraíocht na critéir foilsitheoireachta faoi Alt 1086 den ACC, 1997
- ráthaíocht ó na Coimisinéirí loncaim nach ndéanfar imscrúdú ar an gcás d’fhonn atreorú le haghaidh ionchúiseamh coiriúil.

Sa chás, le linn Iniúchadh Cánach, go dtagann oifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim trasna ar eolas nár nocht an cáiníocóir roimhe sin, agus a thugann le fios go bhféadfaidh sé gur tharla imghabháil thromchúiseach cánach nó dleachta, cuirfidh na Coimisinéirí loncaim in iúl don cháiníocóir trí litir go bhféachfar ar ionchúiseamh sibhialta nó coiriúil. Is faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí atá an cinneadh deiridh i ndáil le haon ionchúiseamh coiriúil.

2.8 Fógra um Imscrúdú Cánach

Féadtar tús a chur le hImscrúdú Cánach le cuairt gan fhógra chuig an áitreabh gnó. Sna cásanna sin, tabharfar ‘Fógra um Imscrúdú Cánach’ don cháiníocóir nuair a dhéantar an chuairt.

I ngach cás ina bhfuil fógra á thabhairt i leith Imscrúdú Cánach, áireofar sa litir a eiseofar chuig an gcáiníocóir (agus chuig an ngníomhaire) an fhoclaíocht ‘Fógra um Imscrúdú Cánach’.

Leagfar amach sa litir fhógra faoi imscrúdú cánach a eiseoidh na Coimisinéirí loncaim an tréimhse ar leith agus an cheist a bhfuil imscrúdú á dhéanamh air faoin Imscrúdú Cánach agus an gníomh a theastaíonn ón gcáiníocóir bunaithe ar an bhfaisnéis atá ag na Coimisinéirí loncaim.

Ní chuirfidh an tréimhse shainithe a leagtar amach san fhógra imscrúdaithe srian ar na Coimisinéirí loncaim síneadh a chur le tréimhse an Imscrúdaithe Cánach má thagann tuilleadh faisnéise chun solais.

Faoin reachtaíocht chánach, bronntar cumhachtaí neamhghnáthaimh sonracha le húsáid chun gníomhú in aghaidh imghabháil cánach agus dleachta agus in aghaidh bac ar idirghabhálacha comhlíontachta.

Ar dháta eisiúna na litreach faoi “Fógra um Imscrúdú Cánach” agus ón dáta sin ar aghaidh (is é sin an dáta a léirítear ar an litir) chuig an gcáiníocóir nó chuig an ngníomhaire, nó ar an dáta a chuirtear tús leis an Imscrúdú Cánach sa chás nár eisíodh fógra chuig an gcáiníocóir roimh ré, níl an deis ann ‘nochtadh cáilitheach’ a dhéanamh a thuilleadh. Féadfaidh cáiníocóir nochtadh a dhéanamh i leith dhliteanais chánach nó dleachta nár nochtadh roimhe sin ag aon am ach tá ‘nochtadh cáilitheach’ sna cásanna seo eisiata sa reachtaíocht.

Féach freisin alt 3.10 den Chód Cleachtais seo – Eisiaimh, ina leagtar amach go mion cásanna ina ndéanann an reachtaíocht eisiaimh ar cháiníocóir ó ‘nochtadh cáilitheach’ a dhéanamh.

Mainneachtana Cánacha agus Dleachtanna a Rialú

Clúdaíonn an chaibidil seo:

- Féincheartú gan Phionós laistigh de 12 mhí
- Earráidí agus Ceartú is féidir a cheartú gan Phionóis
- Nósanna imeachta ‘Gan Caillteanas Cánach’
- Nochta chuig na Coimisinéirí Ioncaim agus na buntáistí le Nochthead Cáilitheach a dhéanamh
- Luachálacha Dleacht Stampála, CFC agus CMÁ
- Cuntais Leordhóthanacha a Choimeád

3. MAINNEACHTAINÍ CÁNACH AGUS DLEACHTA A THABHAIRT CHUN RIALTACHTA

Tá na deiseanna a leagtar amach sa chaibidil seo chun mainneachtainí cánach agus dleachta a thabhairt chun rialtacha, ar fáil go ginearálta do cháiníocóirí is cuma an cineál idirghabhála comhlíontachta déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá roinnt coinníollacha, eisceachtaí agus eisiaimh ann ach leagtar iad seo amach sna hailt chuí. Go háirithe, sa chás gur tosaíodh ‘Imscrúdú Cánach’, tá an cáiníocóir eisiata de bharr reachtaíocht chánach ó ‘nochtadh cáilitheach’ a dhéanamh i ndáil leis an ábhar faoi imscrúdú. Ar an gcaoi chéanna, le héifeacht ó 1 Bealtaine 2017, tá feidhm ag an eisiaimh seo le dliteanais ar bith atá san áireamh i nochtadh a bhaineann go díreach nó go hindíreach le cúrsaí eischósta.

3.1 Gnóthaí cánacha agus dleachta a rialú

Baineann buntáiste le cáiníocóir a dhéanann a chuid/cuid gnóthaí cánacha agus dleachta a athbhreithniú go rialta. Má bhíonn mírialtachtaí cánach nó dleachta ann, ba chóir iad a mheas agus a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir leis an méid sin airgead a shábháil agus socraíocht a déanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Féadfaidh cáiníocóirí a gcuid gnóthaí cánach nó dleachta a thabhairt chun rialtacha ar roinnt bealaí;

- Féincheartú gan Phionós (laistigh de theorainneacha ama áirithe)
- Earráid Neamhurchóideach a dhearbhú
- Coigeartú Teicniúil a dhéanamh
- éileamh Gan Caillteanas Cánach a dhéanamh
- Nochtadh Cáilitheach a dhéanamh

3.2 Féincheartú gan Phionós

Is mian leis na Coimisinéirí Ioncaim rudaí a éascú do cháiníocóirí a aimsíonn earráidí tar éis dóibh na tuairisceáin chánacha ábhartha a thíolacadh agus ar mian leo an suíomh a thabhairt chun rialtacha. Chun cáiníocóirí a spreagadh lena suíomh comhlíontach a athbhreithniú go rialta, ligfidh na Coimisinéirí Ioncaim do cháiníocóirí ‘féincheartú gan phionós’ a dhéanamh ar aon tuairisceán, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas;

- ní mór don cháiníocóir na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas maidir leis na coigeartuithe atá le déanamh [i scríbhinn nó go leictreonach trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)]
- ní mór don cháiníocóir ríomh na cánach nó dleachta cirte a chur san áireamh, chomh maith leis an ús reachtúil
- Ní mór íocaíocht ar shocraíocht a bheith leis an tíolacadh. [Féadtar íocaíocht a dhéanamh ar líne, féach alt 3.7.3 agus 5.9 den Chód Cleachtais seo i ndáil le híocaíochtaí]
- maidir le híocóirí démhíosúla/ráithiúla/leathbhliantúla CBL, má tá an ghlan-ghearríocaíocht CBL don tréimhse le ceartú níos lú ná €6,000, féadtar an tsuim chánach a chur san áireamh (gan ús ná fógra chuig na Coimisinéirí Ioncaim) mar choigeartú ar an gcéad tuairisceán CBL comhfhreagrach eile tar éis an ceann ina ndearnadh an earráid.

Beidh na teorainneacha ama seo a leanas i bhfeidhm maidir le féincheartú gan phionós:

- maidir le daoine inmhuirir, ní mór don fhéincheartú tarlú laistigh de dhá mhí dhéag den dáta dlite chun an tuairisceán/féinmheasúnú a thíolacadh

- maidir le CBL, ní mór don fhéincheartú tarlú roimh an dáta dlite chun an tuairisceán Cánach Ioncaim nó Cánach Corparáide a thíolacadh don tréimhse inmhuirir ina gcríochnaíonn an tréimhse ábhartha CBL
- maidir leis an tuairisceán bliantúil ÍMAT/ÁSPC/MSU a bhaineann le 2018 agus na blianta roimhe, ní mór an féincheartú a dhéanamh taobh istigh de dhá mhí dhéag ón dáta dlite chun an tuairisceán bliantúil a thíolacadh
- maidir le tuairisceáin mhíosúla ÍMAT (Cáin Ioncaim/ÁSPC/MSU) in 2019 agus 2020, ní mór an féincheartú a dhéanamh faoin dáta dlite chun an tuairisceán Cánach Ioncaim/Cánach Corparáide don tréimhse a thíolacadh taobh istigh den tréimhse chuí ÍMAT. I gcás nach bhfuil aon dualgas ar fhostóirí tuairisceán Cánach Ioncaim nó Cánach Corparáide, ní mór féincheartú a dhéanamh faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na bliana inar tíolacadh an tuairisceán míosúil ÍMAT. (Tabhair do d'aire: Tá cioradh breise le déanamh ar an achar ama d'fhéincheartú gan phionós i gcás tuairisceán míosúil tar éis 2020).
- Maidir le Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC), ní mór don fhéincheartú tarlú laistigh de dhá mhí dhéag den dáta dlite chun an tuairisceán a thíolacadh.
- Maidir le Dleacht Stampa (seachas tobhaigh), ní mór don fhéincheartú tarlú laistigh de dhá mhí dhéag den 'dáta sonraithe tuairisceáin', de réir an tsainmhínithe in Alt 14A(1) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999. I gcás na dtobhach éagsúil maidir le dleacht stampa (Alt 9 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999), ní mór don fhéincheartú tarlú laistigh de dhá mhí dhéag den dáta dlite chun an ráiteas don tréimhse idir lámha a thíolacadh.
- I gcás Dleachtanna Máil, ní mór don fhéincheartú tarlú laistigh de dhá mhí dhéag den dáta dlite chun an tuairisceán/barántas a thíolacadh.
- Ní mór don fhéincheartú don Cháin Maoine Áitiúil tarlú laistigh de dhá mhí dhéag den dáta chun an tuairisceán a thíolacadh.

Ní féidir aon leasú a dhéanamh le tuairisceán CCI tar éis dáta dlite an tuairisceáin i ndáil le haon íocaíocht ábhartha CCI a bhí faoi réir údarú asbhainte faoi Alt 530D den ACC, 1997.

I gcás íocaíochtaí CCI cuí a rinneadh roimh 01/01/2015:

Ba cheart a thabhairt do d'aire, sa chás go ndéanann príomhchonraitheoir íocaíocht chuí le fochonraitheoir gan údarú asbhainte a fháil i dtosach ó na Coimisinéirí Ioncaim, beidh an príomhchonraitheoir faoi dhliteanas cáin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ag ráta 35 faoin gcéad ar shuim na híocaíochta cuí. Féadtar an ráta cánach seo a laghdú chuig 20 faoin gcéad nó Náid faoin gcéad sa chás go mbíonn feidhm ag Alt 530F(3)(a) den ACC, 1997. Tá an príomhchonraitheoir dlite chomh maith do phionós i ndáil le gach íocaíocht chuí a dhéantar gan údarú asbhainte.

I gcás íocaíochtaí CCI cuí a rinneadh ar 01/01/2015 nó dá éis:

Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chás go ndéanann príomhchonraitheoir íocaíocht chuí le fochonraitheoir gan údarú asbhainte a fháil i dtosach ó na Coimisinéirí Ioncaim, beidh an príomhchonraitheoir faoi dhliteanas pionóis ag ráta 35 faoin gcéad, 20 faoin gcéad, 10 faoin gcéad nó 3 faoin gcéad ar shuim na híocaíochta cuí a íoc sa chás go mbíonn feidhm ag Alt 530F(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú ag an Acht Airgeadais, 2014).

Saincheistanna Eile

Ní bhainfidh leas an 'fhéincheartaithe gan phionós' le bliain nó tréimhse shainithe má tá teagmháil déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an gcáiníocóir i ndáil le, nó má cuireadh an cáiníocóir ar an eolas faoi Idirghabháil Comhlíontachta Cánach (Iniúchadh Cánach, Imscrúdú Cánach, Fiosrú Gné nó Agallamh Próifíle) faoin mbliain nó tréimhse

sin. Ní chuirfear an buntáiste d'fhéincheartú gan phionós i bhfeidhm má bhaineann an ceartú beartaithe le cás d'iompar d'aon turas, a bhí in aon tréimhse roimh an tréimhse féincheartaithe. Sa chleachtas ciallaíonn sé seo nach bhféadann cáiníocóir meascán de nochtadh cáilitheach agus féincheartú a dhéanamh i leith iompar a dhéantar arís agus arís d'aon turas.

Ní bhainfidh buntáiste an 'féincheartú gan phionós' le cás 'litir léirithe amhrais' sa chás go bhfuil na Coimisinéirí loncaim den tuairim, agus aird chuí ar threoiríní foilsithe agus doiciméid tacaíochta, go bhfuil ceist sách saor ó amhras is nach bhfuil léiriú amhrais ceart éilíthe. [Alt 959P den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997]

Ní bheidh idirghabháil comhlíontachta i gceist de thoradh féincheartú gan phionós de réir an ailt seo. Féadfaidh idirghabháil comhlíontachta teacht aníos, áfach, bunaithe ar ghnáthnósanna roghnúcháin.

Nuair atá na teorainneacha ama le haghaidh 'féincheartú gan phionós' sa liosta thuas imithe in éag, féadfaidh an cáiníocóir fós a bheith i dteideal 'nochtadh cáilitheach' a dhéanamh nó leas a bhaint as na deiseanna eile comhlíontachta atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

3.3 Earráid Neamhurchóideach a Cheartú

I gcás mainneachtain cánach nár tharla d'aon ghnó agus nach raibh inchurtha ar aon bhealach i leith loiceadh an cháiníocóra cúram réasúnach a thógáil chun cloí lena dhualgas/dualgas cánach, ní fhágfaidh sé an duine sin faoi dhliteanas pionóis.

Tá an méid seo i measc na dtosca a chuirfear san áireamh ina leith seo;

- cibé an measann na Coimisinéirí loncaim go bhfuil foráil déanta ag an gcáiníocóir, agus go bhfuil feidhmiú déanta ag an gcáiníocóir do leabhair agus taifid chuntais uile is cuí chun dualgais chánach a chomhlíonadh.
- an mhinicíocht a tharlaíonn earráidí, ar earráidí iad a bhféadfaí féachaint orthu mar earráidí neamhurchóideacha. Earráidí a dhéanamh arís agus arís, rud a léiríonn nach bhfuil an leibhéal iomchuí cúraim tógtha, rud a chuirfeadh an mhainneachtain sa chatagóir 'lompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha/cúram neamhleor' nó i gcatagóir níos airde ná sin. (Maidir le catagóirí mainneachtana, agus a n-iarmhairtí, féach Caibidil 5)
- an taifead comhlíontachta ag cáiníocóir roimhe sin. Nuair atá cinneadh á dhéanamh ar cé acu ar feidhmíodh nó nár feidhmíodh cúram réasúnach, is fachtóir le cur san áireamh é taifead maith comhlíontachta a bheith ann. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé gur léiriú ar easpa cúraim i leith cúrsaí cánach é drochthaifead comhlíontachta.
- sa chás gur earráid neamhabhartha atá san earráid atá le ceartú i gcomhthéacs na n-íocaíochtaí foriomlána cánach a rinne an cáiníocóir, nó i gcás cuideachta, grúpa cuideachtaí.

Gearrfar ús reachtúil ar an gcáin amuigh.

3.4 Coigeartuithe Teicniúla ar dhliteanas cánach nó dleachta

Féadfar cur síos a dhéanamh ar choigeartuithe teicniúla mar choigeartuithe ar dhliteanas cánach nó dleachta a thagann chun cinn ó dhifriochtaí i míniú nó i gcur i bhfeidhm na reachtaíochta.

Ionas nach bhfágfar duine faoi dhliteanas pionóis mar gheall ar choigeartú teicniúil ar dhliteanas cánach nó dleachta, ní mór do na Coimisinéirí loncaim sásta i leith an mhéid seo:

- go bhfuil cúram cuí tógtha ag an gcáiníocóir, agus
- go raibh an láimhseáil lena mbaineann bunaithe ar léirmhíniú iomrallach ar an dlí nó ar an gcleachtas agus nár bhain sé le hiompar d'aon turas.

Is ar thosca amhail na tosca seo a leanas a bhraitheann an láimhseáil ar an seasamh tógtha ag cáiníocóir i ndáil le mír ar leith:

- na cinntí cúirte agus cinntí foilsithe an Choimisiúin um Achomhairc Chánach atá ábhartha don phointe i gceist, is é sin méid an fhasaigh reachtúil atá ar fáil
- an saineolas atá ar fáil don cháiníocóir i dtéarmaí comhairle dlí, cuntasáochta agus cánach agus a cuireadh i bhfeidhm ar an seasamh a thóg an cáiníocóir, casacht na ceiste teicniúla agus na reachtaíochta ábhartha
- impleachtaí cánach an chinnidh a tógadh. Maidir le cáiníocóir a thógann seasamh ar ábhar lena mbaineann iarmhairtí suntasacha cánach, bheifí ag súil go dtabharfadh sé nó sí cúram cuí.

Ní thabharfar aird mar choigeartuithe teicniúla ar ábhair atá bunaithe go maith sa chásdlí agus i bhfásaigh.

Ba cheart a mheabhrú, go háirithe i gcásanna a bhfuil seachaint cánach mar cheann dá chuspóirí, ní bheidh castacht an idirbhirt a tugadh faoi as féin leordhóthanach chun “coigeartú teicniúil” a dhéanamh mar gheall ar a chastacht.

Gearrfar ús reachtúil ar an gcáin amuigh.

3.5 Gan Caillteanas Cánach

Is é ról na gCoimisinéirí loncaim an tsuim cheart cánach agus dleachta a bhailiú de réir na reachtaíochta cuí. Sa chás gur loic an cáiníocóir an córas cánach nó dleachta a fheidhmiú i gceart, ní lorgófar an cháin nó dleacht iníoctha sa chás gur chruthaigh an cáiníocóir chun sástacht na gCoimisinéirí loncaim go bhfuil ‘gan caillteanas cánach’ i gceist. Féadfaidh sé go n-éireoidh dliteanas pionóis aníos, mar a leagtar amach thíos.

Ní shamhlaíonn Oifig na gCoimisinéirí loncaim mórán éileamh ó cháiníocóirí maidir le ‘gan caillteanas cánach’ ach tá sé ar an eolas go bhféadann cásanna ‘gan caillteanas cánach’ teacht chun cinn i gcúinsí eisceachtúla. Is amhlaidh an scéal go háirithe i gcás CBL.

Féadfaidh cúinsí eisceachtúla bheith ann ina gcuirfear éilimh ‘gan caillteanas cánach’ san áireamh i ndáil le cánacha seachas CBL. I gcúinsí eisceachtúla den chineál sin, tá an fhreagracht ar an gcáiníocóir nó ar an ngníomhaire léiriú a thabhairt trí aighneacht scríofa nár tharla aon chaillteanas ioncaim. Tá ceangal ar na Coimisinéirí loncaim glacadh leis, ach amháin má chruthaítear agus go dtí go gcruthaítear a mhalairt chun sástacht na gCoimisinéirí loncaim, gur toradh ar neamhoibriú dualgas cánach é caillteanas ioncaim.

I gcásanna nach n-éilítear ‘gan chaillteanas cánach’, ba chóir don cháiníocóir nochtadh cáilitheach ‘gan chaillteanas cánach’ a dhéanamh, agus na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas faoin mainneachtain cánach. Ní mór gach éileamh ar ‘gan chaillteanas cánach’ a chur isteach i scríbhinn chuig na Coimisinéirí loncaim. Go ginearálta, ba chóir na doiciméid tacaíochta uile chun ‘gan chaillteanas cánach’ a fhíorú a áireamh in aighneacht amháin chun athbhreithniú pras ar an gceist a éascú.

3.5.1 Caighdeán an chórais cánach a choimeád

Tá iarracht déanta ag cáiníocóirí seasamh lena loiceadh an córas cánach a oibriú i gceart trí éileamh a dhéanamh nach n-éiríonn caillteanas ioncaim aníos. Bhainfí de chaighdeán an chórais cánach dá gceadófaí leanúint, gan phionós, le neamhoibriú nó oibriú mícheart an chórais. Ina theannta sin, méadaíonn sé riosca caillteanais cánach agus féadfaidh sé buntáiste éagothrom a thabhairt do ghnó

thar a iomaitheoirí. Má dhéantar neamh-mhuirearú CBL, mar shampla, is é an toradh a bheidh air ná go mbeidh dliteanas níos mó le glanadh leis na Coimisinéirí loncaim ag an gcéad chustaiméir eile sa slabhra.

3.5.2 Loiceadh ginearálta an córas cánach a oibriú

Ní thabharfar aird ar éilimh ar láimhseáil lámháltais ‘gan caillteanas cánach’ más rud é go bhfuil loiceadh ginearálta ann an córas cánach a oibriú.

3.5.3 Dualgas cruthúnais go sástacht na gCoimisinéirí loncaim

I ngach cás tá an dualgas ar an gcáiníocóir cruthúnas a chur ar fáil chun léiriú go cinntitheach go sástacht na gCoimisinéirí loncaim nach bhfuil aon chaillteanas cánach i gceist. Más rud é nach gcomhlíontar an dualgas cruthúnais seo, ní bheidh feidhm leis na socruithe lámháltais ‘gan caillteanas cánach’.

Deimhniú ó na Coimisinéirí loncaim is ea an **Deimhniú Imréitigh Cánach** go bhfuil cúrsaí cánach duine, nó comhlachta, i gceart ag dáta eisithe an Deimhnithe. Ní ghlacfar leis, as féin, mar chruthúnas ar ‘gan caillteanas cánach’ i ndáil le haon idirbheart sonrach.

Sa chás, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an éileamh ‘gan caillteanas cánach’ agus ar na doiciméid a chuireann an cáiníocóir (agus/nó gníomhaire) isteach, go bhfuil na Coimisinéirí loncaim fós buartha go bhféadfadh sé gur tharla caillteanas don Státchiste, ní ghlacfaidh na Coimisinéirí loncaim leis an éileamh ar ‘gan caillteanas cánach’.

3.5.4 NÍ GHLACTAR le héilimh ‘gan caillteanas cánach’ sna cúinsí seo a leanas:

Ní ghlacfar le héileamh ‘gan caillteanas cánach’ in aon cheann de na cúinsí seo a leanas:

- sa chás go bhfuil an mhainneachtain sa chatagóir *iompar d’aon turas*
- sa chás go bhfuil loiceadh ginearálta ann an córas cánach a oibriú
- sa chás nach gcruthaítear ‘gan caillteanas cánach’ chun sástacht na gCoimisinéirí loncaim
- sa chás nár chomhoibrigh an cáiníocóir
- sa chás nár cuireadh éileamh ar ‘gan caillteanas cánach’ isteach i scríbhinn
- sa chás nach n-aontaítear agus nach n-íoctar pionós mainneachtana cánach ‘gan caillteanas cánach’ [ní áirítear cásanna ina dtarlaíonn Earráid Neamhurchóideach ná Coigeartú Teicniúil]

3.5.5 Láimhseáil inar léirítear go soiléir ‘gan caillteanas cánach’

I gcásanna nach bhfuil eisiata ag na critéir thuasluaite, tá na Coimisinéirí loncaim toilteanach déileáil leis na cásanna ‘gan caillteanas cánach’ mar seo a leanas:

- (i) **Ní bhaileofar cáin** sa chás go n-éilíonn cáiníocóir go dtagann staid ‘gan caillteanas cánach’ aníos ina gcás, agus go gcruthaíonn siad é chun sástacht na gCoimisinéirí loncaim, lena n-áirítear gach doiciméad tacaíochta a bheith curtha ar fáil.

Féadtar ús reachtúil a lorg, ach beidh teorainn air sin i leith aon tréimhse a raibh caillteanas sealadach cánach ann.

Ní chuirfear an láimhseáil lámháltais seo i bhfeidhm ach amháin sa mhéid

is gur cruthaíodh ‘gan caillteanas cánach’ chun sástacht na gCoimisinéirí loncaim. Féadtar glacadh i bpáirt le héileamh, nó é dhiúltú i bpáirt.

Sa chás go nglacann na Coimisinéirí loncaim le ‘gan caillteanas cánach’, beidh cáiníocóir faoi dhliteanas pionóis de réir an tábla in alt 3.5.7 thíos.

(ii) **Earráid Neamhurchóideach agus Coigeartuithe Teicniúla**

I gcás neamhoibriú na cánach ag duine mar gheall ar earráid neamhurchóideach, ní bheidh an duine faoi dhliteanas pionóis mar gheall ar an earráid neamhurchóideach sin. Is é sin le rá, gur thug an cáiníocóir cúram réasúnta cloí lena dhualgaís/dualgaís chánach.

Ní chuirfear neamhfheidhmiú pionóis san áireamh ach amháin má bhí an neamhoibriú cánach bunaithe ar ‘choigeartú teicniúil’ aitheanta.

Féach Ailt 3.3 (Earráid Neamhurchóideach a Cheartú) agus 3.4 (Coigeartuithe Teicniúla) den Chód Cleachtais seo chun na tosca is gá a chur san áireamh maidir le cásanna d'Earráid Neamhurchóideach agus Coigeartú Teicniúil.

3.5.6 An leibhéal iomchuí pionóis a mheas

Ar na tuiscintí le cur san áireamh in éileamh ‘gan caillteanas cánach’ tá:

- cuntas comhlíontachta ginearálta an cháiníocóra agus an leibhéal comhoibrithe a chuirtear ar fáil
- cibé acu an raibh an loiceadh ina eachtra aon uaire, nó cibé an ndearna an cáiníocóir éileamh ‘gan caillteanas cánach’ roimhe sin
- cibé acu ar tógadh céimeanna dóthanacha chun cosc a chur ar an eachtra tarlú arís
- cibé acu an ndearnadh nochtadh cáilitheach ‘gan caillteanas cánach’.

I gcásanna ina n-éilítear ‘gan caillteanas cánach’, ba chóir don cháiníocóir nochtadh cáilitheach ‘gan chaillteanas cánach’ a dhéanamh trí na fíricí iomlána a chur isteach i scríbhinn agus na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas faoin mainneachtain cánach. Tá duine faoi dhliteanas leibhéal níos ísle pionóis i gcás gur ghlac na Coimisinéirí loncaim le nochtadh cáilitheach ‘gan caillteanas cánach’ déanta ag an duine sin.

I ngach cás, leagtar amach na pionóis lena bhfuil duine dlite ar an tábla pionóis atá in alt 3.5.7 anseo thíos.

3.5.7 Dliteanas pionóis as Mainneachtain Cánach ‘Gan Caillteanas Cánach’

Éiríonn dliteanas pionóis aníos i ngach cás ‘gan caillteanas cánach’ seachas sa chás go gcomhlíontar na critéir ‘earráid neamhurchóideach’ nó ‘coigeartú teicniúil’. Féach tábla pionóis thíos.

MAINNEACHTAIN CÁNACH GAN CAILLTEANAS CÁNACH		CATAGÓIR NA MAINNEACHTANA	NOCHTADH CÁILITHEACH GAN CAILLTEANAS CÁNACH	
Gach mainneachtain cánach gan caillteanas cánach de ‘iompar míchúramach’ sa chás go bhfuil ‘nochtadh cáilitheach’ i gceist			Nochtadh cáilitheach spreagtha agus comhoibriú iomlán	Nochtadh cáilitheach neamhspreagtha agus comhoibriú iomlán
An chéad nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo		iompar míchúramach	An méid is lú de 6% nó €15,000	An méid is lú de 3% nó €5,000
An dara nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo		iompar míchúramach	An méid is lú de 6% nó €30,000	An méid is lú de 3% nó €20,000
An tríú nochtadh cáilitheach nó nochtuithe dá éis sin sna catagóirí seo		iompar míchúramach	An méid is lú de 6% nó €60,000	An méid is lú de 3% nó €40,000
MAINNEACHTAIN CÁNACH GAN CAILLTEANAS CÁNACH		CATAGÓIR NA MAINNEACHTANA	COMHOIBRIÚ IOMLÁN	
Gach mainneachtain cánach gan caillteanas cánach de ‘iompar míchúramach’ sa chás nach bhfuil ‘nochtadh cáilitheach’ i gceist		iompar míchúramach	An méid is lú de 9% nó €100,000	
Nótaí: Mainneachtain Cánach ‘Gan Caillteanas Cánach’				
Ní thabharfar aird ar éilimh ar ‘gan caillteanas cánach’ más rud é go bhfuil loiceadh ginearálta ann an córas cánach a oibriú nó mura bhfuil aon chomhoibriú ón gcáiníocóir				
Ní bhaileofar an cháin seo sa chás go gcruthaíonn an cáiníocóir , chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, nach bhfuil aon chaillteanas cánach don Státchiste				
Ní fhéadtar ús a ghearradh, ach amháin don tréimhse d’aon chaillteanas cánach sealadach				
Éiríonn dliteanas pionóis aníos i ngach cás seachas sa chás go gcomhlíontar na critéir ‘earráid neamhurchóideach’ nó ‘coigeartú teicniúil’. Is é €100,000 an t-uasphionós.				
Ba chóir gach éileamh ‘gan caillteanas cánach’ a chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim i scríbhinn agus ba cheart go n-áireofaí ann (in aon aighneacht amháin) na doiciméid tacaíochta uile chun éileamh ‘gan caillteanas cánach’ a fhíorú.				

3.6 Nochtadh Cáilitheach

Ba chóir a chur san áireamh go léiriú iad socruithe cánacha agus dleachta ar roinnt cúinsí:

- An raibh nochtadh cáilitheach ann? (Féach an sainmhíniú in alt 3.7)
- An nochtadh spreagtha nó neamhspreagtha a bhí sa nochtadh cáilitheach?
- Cén chatagóir mainneachtana cánach a tharla?

Roinntear iompar mainneachtana cánach sna catagóirí seo a leanas:

- iompar d'aon turas
- iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha cánach agus
- iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha cánach.

- Cibé acu ar chomhoibrigh nó nár chomhoibrigh an cáiníocóir i reáchtáil an iniúchta

Is príomhthosca iad na coincheapa ‘nochtadh cáilitheach’, ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ agus ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ chun dliteanas do phionós sibhialta a mheas i socraíochtaí idir cáiníocóirí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Agus nochtadh cáilitheach déanta ag an gcáiníocóir, tá an cáiníocóir i dteideal laghdú suntasach a fháil sa phionós in aon socraíocht chánach. Léirítear i dTábla Pionóis 1, alt 5.6.2 den Chód Cleachtais seo an chaoi a mbaineann na tosca a leagtar amach thuas le pionóis cháin-ghiaráilte a ríomh i socraíocht idirghabhála comhlíontachta.

Tá an tábhacht a bhaineann le nochtadh cáilitheach a dhéanamh agus tráthúlacht nochtuithe cáilitheacha araon follasach sna táblaí ag Ailt 3.11.1, 3.11.2 agus 3.16.1.

Ní dhéanfar imscrúdú d’fhonn ionchúiseamh i ndáil leis an gceist nochtar ar cháiníocóir a dhéanann ‘nochtadh cáilitheach’ agus ní fhoilseofar a shocraíocht/socraíocht chánach ar liosta na mainnitheoirí cánach de réir Alt 1086 den ACC, 1997.

Tá sainmhínithe reachtúla ann ar an méid seo –

- nochtadh cáilitheach
- nochtadh cáilitheach spreagtha, agus
- nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

3.7 Sainmhíniú ar ‘Nochtadh Cáilitheach’

Spreagtar cáiníocóirí chun nochtadh a dhéanamh i leith dliteanais bhreise chánach nó dleachta nár tuairiscíodh nó nár dearbhaíodh roimhe sin nó earráidí eile a rinneadh i dtuairisceán, féinmheasúnú nó éileamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ag am ar bith ach tá na deiseanna atá ar fáil do cháiníocóirí chun ‘nochtadh cáilitheach’ a dhéanamh leagtha amach sa reachtaíocht chánach.

Is éard is ‘nochtadh cáilitheach’ ann ná nochtadh eolais iomláin agus sonraí iomlána maidir le gach ábhar is cionsiocair le dliteanas i leith cánach lena dtagann pionós aníos, agus **a dhéantar i scríbhinn, sínithe ag an gcáiníocóir nó thar ceann an cháiníocóra** agus lena ngabhann:

- a) **dearbhuí**, de réir mar is fearr is eol dom, mar a cuireadh i bhfios dom agus mar a chreidim, go bhfuil na nithe uile sa nochtadh cruinn agus iomlán
- b) **íocaíocht** den cháin nó dleacht agus ús ar íocaíocht dheireanach den cháin nó dleacht sin.

Ina theannta sin –

- ní mór do sonrófaí i ngach nochtadh cáilitheach (spreagtha agus neamhspreagtha) sa chatagóir *iompar d’aon turas* de mhainneachtain chánach, na suimeanna a bhaineann le **gach dliteanas cánach, dleachta agus úis, i ndáil le gach cáin agus tréimhse**, ina dtagann dliteanais aníos, mar thoradh ar iompar d’aon turas, nár nochtadh roimhe sin
- i gcás nochtadh cáilitheach spreagtha sa chatagóir *iompar míchúramach* de mhainneachtain chánach, ní mór go luafaí sa nochtadh cáilitheach na suimeanna a bhaineann le **gach dliteanas cánach, dleachta agus úis maidir le cáin agus tréimhsí ábhartha** laistigh den scóip den idirghabháil bheartaithe mholta
- i gcás nochtadh cáilitheach neamhspreagtha sa chatagóir *iompar míchúramach* de mhainneachtain chánach, ní mór go luafaí sa nochtadh cáilitheach na suimeanna a bhaineann le **gach dliteanas cánach, dleachta agus úis maidir le cáin agus tréimhsí** atá mar ábhar de nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

Nóta Tábhachtach: Sa chás go ndéanann cáiníocóir nochtadh agus nach n-íoctar

an dliteanas breise cánach, dleachta agus úis, ní ghlacfaidh na Coimisinéirí loncaim leis an nochtadh mar “Nochtadh Cáilitheach” chun críocha neamh-ionchúiseamh agus neamhfhoilsiú. Déantar atháireamh chomh maith ar shuim an phionóis iníoctha.

Le go mbreathnófar ar nochtadh mar ‘nochtadh cáilitheach’, **ní mór go mbeadh an dliteanas atá dlite íoctha**. Féach alt 3.7.3 thíos maidir le híocaíocht.

3.7.1 Dliteanais nach dtagann faoi scóip Iniúchtaí Cánach

I gcásanna nach bhfuil mainneachtain de bhun tola i gceist, má tharraingíonn na Coimisinéirí loncaim aird an cháiníocóra ar cheisteanna nach bhfuil laistigh de scóip tosaigh an Iniúchta Chánach, gan an t-iniúchadh a leathnú go foirmiúil, beidh an buntáiste ag an gcáiníocóir ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ a dhéanamh i ndáil le haon dliteanais a nochtar.

3.7.2 Nochtadh Cáilitheach agus Pionóis a Ríomh

Ní gá do ‘nochtadh cáilitheach’, mar a shainmhínítear sa reachtaíocht, aon tagairt a dhéanamh do phionóis ná suim an phionóis a lua. Tar éis nochtadh cáilitheach a fháil, comhaontóidh na Coimisinéirí loncaim suim an phionóis leis an gcáiníocóir agus gheobhaidh íocaíocht den tsuim iomlán den tsocraíocht lena n-áirítear cáin, dleacht, ús agus pionóis.

3.7.3 Nochtadh Cáilitheach agus Íocaíocht

Ar cheann de na coinníollacha de nochtadh cáilitheach NÍ MÓR go mbeadh an dliteanas atá dlite íoctha. Maidir le moladh fíor, dílis agus aitheanta an dliteanas comhaontaithe a íoc (lena mbaineann íocaíocht nó socrú tráthíocaíochtaí socraithe de réir nósanna comhaontaithe tráthíocaíochta na gCoimisinéirí loncaim) sásóidh an méid sin na critéir íocaíochta le haghaidh nochtadh cáilitheach. Sa chás nach seasann cáiníocóir le socrú tráthíocaíochtaí, agus go bhfuil na Coimisinéirí loncaim sásta nach raibh an nochtadh agus an rún íocaíochta a dhéanamh bona fide, measfar nach nochtadh cáilitheach é an nochtadh. Coimeádann na Coimisinéirí loncaim de cheart acu tús a chur le himscrúdú nó dul sa tóir air d’fhonn ionchúiseamh coiriúil i gcásanna den sórt sin.

Féach alt 5.9 den Chód Cleachtais seo chun tuilleadh eolais a fháil faoi mhodhanna íocaíochta.

3.7.4 Nochtuithe Cáilitheacha agus Neamhfhoilsiú

I gcás gach mainneachtain cánach, beag beann ar an dáta a tharla an mhainneachtain cánach, cuirfidh nochtadh cáilitheach, mar a mhínítear in alt 3.7, ar chumas an cháiníocóra buntáistí an neamhfhoilsiú a urrú.

3.7.5 Nochtuithe Cáilitheacha agus Ionchúiseamh

Más rud é go ndéanann cáiníocóir ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ nó ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’, ní chuirfidh na Coimisinéirí loncaim tús le himscrúdú d’fhonn an cáiníocóir a ionchúiseamh i ndáil leis an gceist nochtá. Féadtar cáiníocóir a imscrúdú d’fhonn ionchúiseamh a dhéanamh sa chás nach nochtadh cáilitheach é nochtadh na mainneachtana cánach.

3.7.6 Nochtuithe Cáilitheacha agus Cuideachtaí

Féadfaidh sé go mbeadh gá le hiniúchadh ar chuideachtaí eile laistigh de ghrúpa tar éis iniúchadh ar mháthairchuideachta nó fochuideachta. Murar cuireadh comhairle ar chuideachta faoi iniúchadh go gclúdaíonn an ‘tlniúchadh Cánach’ cuideachtaí eile laistigh den ghrúpa, ní chuireann an fógra iniúchta cosc ar ghrúpachuideachtaí eile nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh. Más

rud é gur eisíodh cheana féin ‘Fógra um Iniúchadh Cánach’ do chuideachta eile laistigh den ghrúpa, áfach, mheasfaí ansin gur nochtadh spreagtha aon nochtadh a rinne an chuideachta eile.

3.8 Sainmhíniú ar Nochtadh Cáilitheach Spreagtha

Ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ nochtadh cáilitheach a rinneadh do na Coimisinéirí loncaim sa tréimhse idir –

- a) an dáta a thug na Coimisinéirí loncaim fógra don duine maidir leis an dáta a chuirfear tús leis an iniúchadh, agus
- b) an dáta a thosaítear an t-iniúchadh.

Is é ‘An dáta a tugadh fógra don duine’ an dáta ar an litir ‘Fógra um Iniúchadh Cánach’.

Sa chleachtas ciallaíonn sé sin gur nochtadh é an ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ a dhéantar tar éis ‘Fógra um Iniúchadh Cánach’ a bheith eisithe ag na Coimisinéirí loncaim ach roimh scrúdú ar na leabhair agus na cuntais nó na doiciméid eile. Sa chás gur eisíodh fógra um iniúchadh deisce, meastar an scrúdú ar na leabhair agus na taifid a bheith tosaithe ar an lá tar éis don fhógra dul in éag. (Féach **Eisiaimh** a leagtar amach in alt 3.10 thíos)

3.9 Sainmhíniú ar Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha

Ciallaíonn ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ nochtadh cáilitheach lena bhfuil na Coimisinéirí loncaim sásta go bhfuil sé tugtha go saorálach dóibh;

- a) roimh dóibh tosú ar iniúchadh nó imscrúdú ar aon ní is cionsiocair le dliteanas nó cáin, nó
- b) roimh an bhfógra sa chás go dtugann na Coimisinéirí loncaim fógra don duine faoin dáta ar a dtosófar ar iniúchadh nó imscrúdú in aon ní is cionsiocair le dliteanas i leith cánach don duine sin.

Sa chleachtas ciallaíonn sé seo gur ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ é nochtadh a dhéantar sula n-eisítear litir an ‘Fhógra um Iniúchadh Chánach’ (is é sin, roimh an dáta a eisíodh an litir um fhógra) nó roimh thús an ‘Imscrúdaithe Cánach’. Féach alt 3.10 thíos chun eisiaimh a fheiceáil.

3.10 Eisiaimh – Nochtadh nach sonraítear mar Nochtadh Cáilitheach

Tá cáiníocóir i dteideal nochtadh a dhéanamh ag am ar bith i leith dliteanais bhreise chánach nó dleachta nár dearbhaíodh nó earráidí eile a rinneadh i dtuairisceán/ féinmheasúnú chuig na Coimisinéirí loncaim. Leagtar amach sa Chaibidil seo na deiseanna agus na modhanna atá ar fáil do cháiníocóir chun a g(h)nóthaí cánach a thabhairt chun rialtachta.

I gcás nochtadh déanta ag cáiníocóir, áfach, eisiann an reachtaíocht go bhféachtar ar an nochtadh mar ‘nochtadh cáilitheach’ sna cúinsí seo a leanas:-

1. sa chás gur cuireadh tús le ‘Imscrúdú Canach’ nó sa chás go bhfuil feidhm ag aon cheann de na cúinsí seo a leanas:
 - a) Más rud é, sula ndéantar an nochtadh, gur thosaigh na Coimisinéirí loncaim imscrúdú ar aon ní sa nochtadh sin agus go ndearnadh teagmháil leis an gcáiníocóir, nó le duine thar a gceann, i ndáil leis seo
 - b) Más nithe mar seo a leanas atá sa nochtadh –
 - (i) nithe atá ar eolas, nó atá ar tí a bheith ar eolas, ag na Coimisinéirí loncaim trína gcuid imscrúduithe féin nó trí imscrúdú déanta ag comhlacht nó gníomhaireacht reachtúil

- (ii) nithe atá laistigh den scóip d'fhiosrúchán atá á dhéanamh go poiblí go hiomlán nó i bpáirt, nó
 - (iii) nithe lena bhfuil nasc ag an duine a rinne an nochtadh, nó lena mbeidh nasc, go poiblí.
2. sa chás go n-áirítear in aon nochtadh a dhéantar tar éis 30 Aibreán 2017, aon nithe a bhaineann go díreach nó go hindíreach le aon cheann den mhéid seo a leanas:
- (a) cuntas atá coinnithe nó lonnaithe i dtír nó i gcríoch seachas an Stát
 - (b) ioncam nó gnóthachain a éiríonn as foinse, nó a fhabhraíonn, i dtír nó i gcríoch seachas an Stát
 - (a) maoin atá suite i dtír nó i gcríoch seachas an Stát.

Ní ghlacfar le nochtadh i ndáil le dliteanais a eascraíonn sa Stát a bheith cáilithe má tá nithe eile eischósta ann atá ar eolas ag na Coimisinéirí loncaim nó a thagann chun solais dóibh lena dtagann pionós níos mó ná 15% aníos.

Anuas air sin, ní 'nochtadh cáilitheach' atá i nochtadh sna cásanna seo –

- más nochtadh neamhiomlán é an nochtadh a rinne an duine de bhun tagartha do na coinníollacha atá leagtha amach in alt 3.7 den Chód Cleachtais seo agus mar a fhoráiltear dó sna hAchtanna Cánach
- má thugtar an nochtadh ó bhéal. Ní mheasfar gur 'nochtadh cáilitheach' é nochtadh a dhéantar ó bhéal. Ní mór 'nochtadh cáilitheach' a bheith i scríbhinn.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi idirghabhálacha comhlíontachta neamhiniúchta Cánach agus sainmhíniú ar 'Iniúchadh Cánach' agus 'Imscrúdú Cánach', féach Caibidil 2 den Chód Cleachtais seo.

3.11 An Chéad, Dara, Tríú agus Nochtuithe Cáilitheacha agus Pionóis ina dhiaidh sin

I gcásanna nach mbaineann an riail 5 bliana (alt 3.12 thíos) le hábhar, bunaítear dliteanas pionóis ar chatagóir an iompair (míchúramach, d'aon turas) ag an gcáiníocóir a tharla mar thoradh ar an mainneachtain cánach nó dleachta nochtá agus an líon 'nochtuithe cáilitheacha' a rinne an cáiníocóir roimhe.

Baineann na rialacha maidir leis an gcéad, dara, tríú agus nochtuithe cáilitheacha ina dhiaidh sin le gach 'nochtadh cáilitheach neamhspreagtha' agus gach 'nochtadh cáilitheach spreagtha' a fhaigheann na Coimisinéirí loncaim.

Tabharfar neamhaird ar nochtadh cáilitheach mainneachtainí cánach, ar mainneachtainí cánach iad a tharla roimh athrú úinéireachta (laistigh de bhrí Alt 1, Sceideal 9, den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) cuideachta nuair atáthar ag féachaint ar fheidhmiú an rannáin seo do nochtadh cáilitheach a dhéantar tar éis an athraithe úinéireachta, chomh fada is gur tar éis don athrú seo tarlú a nochtar na mainneachtainí cánach.

3.11.1 Nochtuithe Cáilitheacha Neamhspreagtha agus Pionóis

Leagtar amach i dTábla Pionóis A thíos an dliteanas pionóis atá i gceist le 'nochtadh cáilitheach neamhspreagtha' déanta ag an gcáiníocóir. Sa chás go gcomhoibríonn an cáiníocóir go hiomlán le hIdirghabháil Comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí loncaim, laghdaítear an pionós mar a leagtar amach sa tábla.

TÁBLA PIONÓIS A		AN NOCHTADH CÁILITHEACH NEAMHSPREAGTHA ATÁ DÉANTA	
NOCHTADH	CATAGÓIR IOMPAIR	PIONÓS	COMHOIBRIÚ IOMLÁN PIONÓS LAGHDAITHE GO
		%	
Gach Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha sa chatagóir seo	Iompar Míchúramach gan iarmhairtí suntasacha	20%	3% den mhainneachtain cánach/dleachta
An chéad Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha sa chatagóir seo	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	5% den mhainneachtain cánach/dleachta
	Iompar d'aon ghnó	100%	10% den mhainneachtain cánach/dleachta
An dara Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha sa chatagóir seo	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	20% den mhainneachtain cánach/dleachta
	Iompar d'aon turas	100%	55% den mhainneachtain cánach/dleachta
An tríú Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha nó nochtuithe ina dhiaidh sin sa chatagóir seo	Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	40% de mhainneachtain cánach/dleachta (gan laghdú)
	Iompar d'aon ghnó	100%	100% de mhainneachtain cánach/dleachta (gan laghdú)

Mar eolas;

- tá an sainmhíniú ar an téarma ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ in alt 3.9
- tá míniú ar na téarmaí ‘iarmhairtí tromchúiseacha’ agus ‘iompar d'aon turas’ in alt 5.6
- tá míniú ar ‘Comhoibriú Iomlán le hIdirghabháil Comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim’ in alt 3.16
- tá míniú ar ríomh na ‘difríochta’ chun críocha pionóis cánach agus dleachta in alt 5.5.1
- tá míniú ar phionóis in alt 5.5

3.11.2 Nochtuithe Cáilitheacha Spreagtha agus Pionóis

Leagtar amach i dTábla Pionóis B thíos an dliteanas pionóis atá i gceist le ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ déanta ag an gcáiníocóir. Sa chás go gcomhoibríonn an cáiníocóir go hiomlán le hIdirghabháil Comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, laghdaítear an pionós mar a leagtar amach sa tábla.

TÁBLA PIONÓIS B		AN NOCHTADH CÁILITHEACH SPREAGTHA ATÁ DÉANTA	
NOCHTADH	CATAGÓIR IOMPAIR	PIONÓS	COMHOIBRIÚ IOMLÁN PIONÓS LAGHDAITHE GO
		%	
Gach Nochtadh Cáilitheach Spreagtha sa chatagóir seo	lompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha	20%	10% den mhainneachtain cánach/dleachta
An chéad Nochtadh Cáilitheach Spreagtha sa chatagóir seo	lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	20% den mhainneachtain cánach/dleachta
	lompar d'aon ghnó	100%	50% den mhainneachtain cánach/dleachta
An dara Nochtadh Cáilitheach Spreagtha sa chatagóir seo	lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	30% den mhainneachtain cánach/dleachta
	lompar d'aon ghnó	100%	75% den mhainneachtain cánach/dleachta
An tríú Nochtadh Cáilitheach Spreagtha nó nochtuithe ina dhiaidh sin sa chatagóir seo	lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	40% de mhainneachtain cánach/dleachta (gan laghdú)
	lompar d'aon ghnó	100%	100% de mhainneachtain cánach/dleachta (gan laghdú)

Mar eolas;

- tá an sainmhíniú ar an téarma ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ in alt 3.8
- tá míniú ar na téarmaí ‘iarmhairtí tromchúiseacha’ agus ‘lompar d'aon turas’ in alt 5.6
- tá míniú ar ‘Comhoibriú Iomlán le hIdirghabháil Comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim’ in alt 3.16
- tá míniú ar ríomh na ‘difríochta’ chun críocha pionóis cánach agus dleachta in alt 5.5.1
- tá míniú ar phionóis in alt 5.5

3.12 An Rial 5 Bliana maidir le Nochtuithe Cáilitheacha

Más rud é nach ndéanann cáiníocóir aon nochtuithe cáilitheacha breise laistigh de chúig bliana de nochtadh cáilitheach roimhe sin, déileáiltear le haon nochtuithe cáilitheach amach anseo mar an gcéad nochtadh cáilitheach.

Sa chomhthéacs seo, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- ní fhéadann nochtadh cáilitheach a bheith ina dara nochtadh cáilitheach ach amháin má bhí dliteanas i leith an cheannteidil cánach shonraigh sa chéad nochtadh cáilitheach

Sampla: Más i ndáil le CBL amháin a bhí an nochtadh cáilitheach roimhe sin agus gurb i ndáil le Cáin Chorporáide atá an nochtadh cáilitheach reatha, is ansin a mheastar an nochtadh cáilitheach reatha a bheith mar an gcéad nochtadh cáilitheach.

- ní chuirtear nochtuithe cáilitheacha sa chatagóir *lompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha* nuair atá líon na nochtuithe cáilitheacha déanta ag an gcáiníocóir á ríomh. Tá an chatagóir seo beartaithe le foráil a dhéanamh do mhainneachtainí cánach nó dleachta ar mion-mhainneachtainí iad.

3.13 Tréimhse chun Nochtadh Cáilitheach a ullmhú

Chun tréimhse chomhaontaithe ama a dheimhniú chun nochtadh cáilitheach a réiteach agus a dhéanamh lena linn, ní mór don cháiníocóir agus/nó a g(h)níomhaire fógra rúin chun nochtadh cáilitheach a dhéanamh a thabhairt do na Coimisinéirí loncaim i **scríbhinn**.

Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha

I gcás nochtadh cáilitheach neamhspreagtha, ní mór fógra rúin chun nochtadh cáilitheach a dhéanamh a thabhairt do na Coimisinéirí loncaim i **scríbhinn** roimhe seo a leanas:

- roimh 'Fógra um Iniúchadh Cánach' a bheith eisithe, nó
- roimh theagmháil a bheith déanta ag na Coimisinéirí loncaim leis an gcáiníocóir maidir le 'hlmscrúdú Cánach' a bhaineann lena g(h)nóthaí cánach. Leagtar amach in alt 3.10 (Eisiaimh) thuas, cásanna nach nglactar le nochtadh mar 'nochtadh cáilitheach'.

Maidir le 'nochtadh cáilitheach neamhspreagtha', má tá gá le 60 lá breise chun an nochtadh a ullmhú, ní mór an fógra rúin chun an nochtadh neamhspreagtha a dhéanamh a thabhairt do na Coimisinéirí loncaim i **scríbhinn** mar aon le hiarratas chun an tréimhse bhreise a cheadú chun nochtadh a dhéanamh. Ligeann an tréimhse 60 lá don cháiníocóir nó dá g(h)níomhaire dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí loncaim chun aon ní a phlé a thagann chun cinn, lena n-áirítear an chatagóir mhainneachtana ar a mbunófar an pionós.

Nochtadh Cáilitheach Spreagtha

Is le linn na tréimhse idir dáta an 'Fhógra um Iniúchadh Cánach' agus tús an 'Iniúchta Cánach' a chuirfear formhór nochtuithe cáilitheacha isteach. Tar éis an agallaimh tosaigh, cuirfear tús le scrúdú ar na leabhair agus na taifid agus measfar ansin go bhfuil tús curtha leis an 'Iniúchadh Cánach'.

Maidir le 'nochtadh cáilitheach spreagtha', má theastaíonn 60 lá breise chun an nochtadh a ullmhú, ní mór an fógra rúin i scríbhinn chun an nochtadh a dhéanamh a thabhairt laistigh de 14 lá de dháta eisithe an 'Fhógra um Iniúchadh Cánach'.

I gcás duine a thug fógra i scríbhinn laistigh den am a tugadh dó nó di chun a rún 'nochtadh cáilitheach spreagtha' a dhéanamh, tabharfar 60 lá chun an t-easnamh a mheas agus an íocaíocht ábhartha a dhéanamh. Cuirfear tús leis an tréimhse 60 lá ón lá a tugadh an fógra rúin chun 'nochtadh cáilitheach spreagtha' a dhéanamh agus cuirfidh na Coimisinéirí loncaim in iúl don cháiníocóir (agus don ghníomhaire) i scríbhinn é. Ligeann an tréimhse 60 lá don cháiníocóir nó dá g(h)níomhaire dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí loncaim chun aon ní a phlé a thagann chun cinn, lena n-áirítear an chatagóir mhainneachtana ar a mbunófar an pionós.

Leagtar amach sna hailt roimhe seo teorainn ama amach chun tréimhse a chomhaontú a bhféadtar nochtadh cáilitheach a ullmhú lena linn (gan an riosca a bhaineann le fógra a bheith tugtha don cháiníocóir faoi iniúchadh, ná tús a bheith curtha leis an scrúdú ar na leabhair agus na taifid sa chás gur tugadh fógra don cháiníocóir cheana féin) agus fad ama na tréimhse sin.

Fógra Rúin maidir leis an gceist nó tréimhse chéanna

Ní cheadófar fógra rúin chun nochtadh cáilitheach a dhéanamh sa chás go bhfuil leas bainte cheana féin ag an gcáiníocóir as tréimhse 60 lá i ndáil leis an gceist nó tréimhse chéanna, is é sin nach gceadófar ach aon tréimhse amháin 60 lá chun nochtadh cáilitheach a ullmhú don cheist nó tréimhse chéanna.

3.14 Scrúdú ar Nochtuithe Cáilitheacha Neamhspreagtha nó Spreagtha

Scrúdaíonn na Coimisinéirí loncaim rogha de nochtuithe cáilitheacha neamhspreagtha le haghaidh cruinnis agus iomláine. I gcás scrúdú den chineál sin, ní mór don cháiníocóir comhoibriú go hiomlán chun leas a bhaint as an déileáil ábhartha. Nuair nach roghnaítear an cás lena scrúdú, cuirfear comhairle ar an gcáiníocóir, bunaithe ar an eolas atá ar fáil ag an am a scríobhadh é, nach molann na Coimisinéirí loncaim aon fhiosruithe eile a dhéanamh i leith dhliteanais an cháiníocóra san am roimhe sin.

Scrúdaíonn na Coimisinéirí loncaim gach nochtadh cáilitheach spreagtha chun na sonraí a nochtadh a fhíorú agus lena chinntiú go bhfuil an nochtadh iomlán. Ní mór don cháiníocóir comhoibriú go hiomlán i rith an scrúdaithe chun leanúint den déileáil ábhartha a fháil.

Má aimsítear neamhréitigh i nochtuithe spreagtha nó neamhspreagtha mar thoradh ar scrúdú ag na Coimisinéirí loncaim, ní chuirfidh na neamhréitigh seo an nochtadh cáilitheach seo ar ceal ar an gcoinníoll nach bhfuil na neamhréitigh suntasach ná d'aon turas.

Breathnaítear ar an mionscrúdú ar nochtadh neamhspreagtha déanta ag cáiníocóir mar 'Iniúchadh Cánach' agus tá feidhm ag an gCód Cleachtais seo dá réir. Eiseofar 'Fógra um Iniúchadh Cánach' don cháiníocóir (agus don ghníomhaire).

3.15 Nochtuithe Cáilitheacha – Cairt Achoimre na Riachtanas

Catagóir na Mainneachtana	Cineál an Nochta Cháilithigh	Riachtanas maidir le Nochtadh Cáilitheach (in éineacht le híocaíocht chánach, dleachta agus úis)
<i>Iompar d'aon turas</i>	Spreagtha agus Neamhspreagtha	Sonraigh suimeanna gach dliteanas i leith cánach agus úis, i ndáil le gach ceannnteideal chánach agus tréimhse ina dtagann dliteanais chun cinn, mar thoradh ar iompar d'aon turas
<i>Iompar míchúramach</i>	Spreagtha	Sonraigh suimeanna gach dliteanas i leith cánach agus úis, i ndáil leis an gceannnteideal chánach agus na tréimhsí ábhartha taobh istigh de scóip an iniúchta bheartaithe
<i>Iompar míchúramach</i>	Neamhspreagtha	Sonraigh suimeanna gach dliteanas i leith cánach agus úis, i ndáil leis an gceannnteideal chánach agus na tréimhsí atá faoi réir an nochta cháilithigh
Ní gá go sonrúfaí suim na bpionós sa nochtadh cáilitheach. Ina dhiaidh sin, comhaontófar na pionóis agus íocfar iad.		
Ní mór an cháin, dleacht agus ús atá dlite a íoc		
Ní mór míniú iomlán agus sonraí i ndáil leis na suimeanna inmhuirir nár nochtadh roimhe seo a chur san áireamh		
Ní mór ráiteas, ríomhanna san áireamh, mar aon le nochtadh ar mheastacháin a úsáideadh, más ann dóibh, den mhéid chánach, dleachta, ÁSPC agus Tobhaigh dlite do gach tréimhse lena mbaineann a chur san áireamh		
I gcás tuairisceán cánach a bheith déanta nó tíolactha ag duine ach gan a bheith déanta d'aon turas ná go míchúramach, agus go dtagann sé chun aird an duine sin go raibh sé mícheart, caithfear leis an tuairisceán mícheart ansin mar thuairisceán a rinne nó a thíolaic an duine sin, ach amháin má leigheastar an earráid, más ábhartha, gan mhoill mhíréasúnach [alt 1077E (9) den ACC, 1997 srl.]		

3.16 Comhoibriú Iomlán – Gan Nochtadh Cáilitheach a Bheith Déanta – Pionóis

Sa chás nach ndearnadh aon nochtadh cáilitheach, tá pionós níos ísle fós infheidhme sa chás go gcomhoibríonn an cáiníocóir go hiomlán i rith na hidirghabhála comhlíontachta.

Tá an méid seo a leanas san áireamh faoi chomhoibriú iomlán;

- na leabhair, taifid agus doiciméid nascacha, is cuma cén chaoi a gcoimeádtar iad, a bheith ar fáil do na Coimisinéirí loncaim ag tús an iniúchta
- an pearsanra iomchuí a bheith ar fáil ag tráth an iniúchta
- freagra pras a thabhairt ar gach iarratas ar eolas agus mínithe
- freagra pras a thabhairt ar gach comhfhreagras
- an dliteanas socraíochta iniúchta a íoc go pras.

Samplaí d'easpa comhoibrithe ná:

- diúltú do rochtain réasúnta ar an áitreabh gnó
- diúltú do rochtain réasúnta ar na taifid ghnó, lena n-áirítear doiciméid nascacha
- loiceadh faisnéis a chur ar fáil do na Coimisinéirí loncaim le linn an iniúchta nó na hidirghabhála, ar faisnéis í is eol don cháiníocóir agus a d'úsáidfí chun socrú a dhéanamh cé acu an dtagann gearríocaíocht chánach aníos
- moilleanna ar an gcáiníocóir i rith an iniúchta nó na hidirghabhála sa chás nach bhfuil leithscéal réasúnta ann as na moilleanna sin.

Féach an treoir oibríochta maidir le loiceadh comhoibriú iomlán a dhéanamh le hidirghabháil comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí loncaim in *'Failure to Cooperate Fully with a Revenue Compliance Intervention'* foilsithe ar www.revenue.ie faoi Tax an Duty Manuals – section 16/Compliance agus alt 4.4 den Chód Cleachtais seo maidir le *Bac*.

Cuirfidh na Coimisinéirí loncaim gach cúnamh ar fáil a theastaíonn ó cháiníocóirí chun cur ar a gcumas comhoibriú leis an iniúchadh, lena n-áirítear cead a thabhairt dóibh am réasúnta a bheith acu freagra iomlán a thabhairt ar chomhfhreagras agus chun freagra tráthuil a chur ar fáil d'aighneachtaí nó ceisteanna ó cháiníocóirí nó óna ngníomhairí.

3.16.1 Dliteanas pionóis sa chás nach ndearnadh Nochtadh Cáilitheach

Leagtar amach an dliteanas pionóis i ndáil le mainneachtain cánach nó dleachta míchúramach nó d'aon turas i gcás nach ndéanann an cáiníocóir 'nochtadh cáilitheach' i dTábla Pionóis C. I gcás go gcomhoibríonn an cáiníocóir go hiomlán le hidirghabháil Comhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim, laghdaítear an pionós mar a leagtar amach sa tábla.

TÁBLA PIONÓIS C	GAN NOCHTADH CÁILITHEACH A BHEITH DÉANTA	
CATAGÓIR IOMPAIR	PIONÓS	COMHOIBRIÚ IOMLÁN PIONÓS LAGHDAITHE GO
	%	
Iompar Míchúramach gan iarmhairtí suntasacha	20%	15% den mhainneachtain cánach/dleachta
Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha	40%	30% den mhainneachtain cánach/dleachta
Iompar d'aon ghnó	100%	75% den mhainneachtain cánach/dleachta

Mar eolas;

- tá míniú ar na téarmaí 'iarmhairtí tromchúiseacha' agus 'iompar d'aon turas' in alt 5.6
- tá míniú ar 'Comhoibriú iomlán le hidirghabháil Comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí loncaim' in alt 3.16

- tá sainmhínithe ar ‘nochtadh cáilitheach spreagtha’ agus ‘nochtadh cáilitheach neamhspreagtha’ in ailt 3.8 agus 3.9
- tá míniú ar ríomh na ‘difríochta’ chun críocha pionóis cánach agus dleachta in alt 5.5.1
- tá míniú ar phionóis in alt 5.5

3.17 Luachálacha Cánach Gnóthachan Caipitiúil

Tagann luachálacha aníos ó am go ham nach bhféadtar tacú leo agus a shocraítear iad a bheith gan bhunús in idirghabhálacha comhlíontachta um an gCáin Gnóthachan Caipitiúil (agus cánacha eile). Is é an toradh ar luachálacha bréagacha ná go gcuirtear fad le comhfhreagras, cuirtear moill ar shocraíochtaí iniúchóireachta agus déantar éilimh nár chóir pionóis a ghearradh ar an mbonn go bhfuarthas tuairim luachálaí ghairmiúil. In éagmais fianaise tacaíochta ábhartha, ní chuirfidh tuairim gairmiúil, as féin, cosc ar phionóis a bheith á ngearradh. Tá sé aitheanta go bhféadfadh sé a bheith deacair ar cháiníocóir luachálacha cruinne a fháil ag brath ar chúrsaí eacnamaíocha na huaire.

D’ainneoin na dtreoirilínite i ndáil le Catagóirí Iompair (Caibidil 5), sa chás nár cuireadh fianaise iontaofa ar fáil, cibé ó idirbhearta inchomparáide nó eile, ar fáil chun tacú leis na luachálacha cáiníocóra, éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos de bhun tagartha do na critéir seo a leanas:

- faigh amach an difríocht (“A”) idir an figiúr luachála a comhaontaíodh ar deireadh (“B”) agus an figiúr a mhol an cáiníocóir
- mura bhfuil A níos mó ná (B X 30%), measfar gur cás é an cás nach n-éiríonn pionós aníos ina leith
- má tá A níos mó ná (B X 30%) ach gan a bheith níos mó ná (B X 50%), éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos agus is é an chatagóir mainneachtana cánach chun críocha na bpionós laghdaithe ná *iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha*
- má tá A níos mó ná (B X 50%) ach gan a bheith níos mó ná (B X 60%), éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos agus is é an chatagóir mainneachtana cánach chun críocha na bpionós laghdaithe ná *iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha*
- má tá A níos mó ná (B X 60%), éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos agus is é an chatagóir mainneachtana cánach chun críocha na bpionós laghdaithe ná *iompar d’aon turas*.

3.18 Luachálacha Cánach Fáltas Caipitiúil agus Dleachtanna Stampa

Folaítear sa reachtaíocht um Cháin Fáltas Caipitiúil agus Dleachtanna Stampa d’fhormhuirir ar gearrluachálacha maoine in Alt 53 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus Alt 15 agus 16 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 faoi seach.

3.19 Luachálacha Cánach Maoine Áitiúla – Pionóis

Foráiltear sa reachtaíocht Cánach Maoine Áitiúla do phionóis as ráiteas nó léiriú bréagach nó tuairisceán mícheart i leith luach inmhuirir maoine in Alt 147 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (arna leasú).

3.20 Riaráistí Cánacha agus Dleachtanna Dearbhaithe

Chun comhlíontacht chánach a fheabhsú faoi na ceannteidil chánach uile, iarrann na Coimisinéirí Ioncaim go n-íoctar gach cáin nó dleacht ar an taifead atá neamhíoctha, mar

aon le híocaíocht na socraíochta iniúchta, más dlite. Téann na Coimisinéirí loncaim sa tóir ar gach tuairisceán cánach amuigh mar aon le haon dliteanas agus pionós gaolmhar.

3.21 Taifid a Choimeád

Is ar an gcáiníocóir atá an dualgas taifid chuí a choinneáil.

Ní mór na taifid, bíodh siad i bhfoirm páipéir nó leictreonach, a bheith ar chaighdeán dóthanach chun cuntas iomlán cruinn a thabhairt i leith an ghnó ionas go bhféadtar na dliteanais chearta chánach a ríomh. I ngach cás ina n-aimsítear easpaí suntasacha sna taifid, tugtar forálacha na rannán cuí chun aird na gcáiníocóirí.

Is cuid de leabhair agus taifid an cháiníocóra mar a shainmhínítear in Alt 886 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 iad na doiciméid nascacha a úsáidtear nuair atá cuntais á n-ullmhú.

Taifid Cánach Breisluacha

Coinneoidh gach duine cuntasach, de réir ailt 84 agus 85 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, taifid iomlána cearta ar gach idirbheart a mbíonn tionchar aige nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a d(h)líteanas cánach agus a t(h)eidlíocht i leith in-asbhainteachta.

- **Scipéid Airgid**

Tá bileog eolais faoi thaifid a choimeád do gach gnó a úsáideann scipéad airgid nó córas díolphointe leictreonach (EPOS) ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí loncaim.

<https://www.revenue.ie/en/tax-professionals/tdm/value-added-tax/part09-obligations-accountable-persons/records/obligations-records-cash-registers.pdf>

- **Córais Díolphointe Leictreonaigh [EPOS]**

I gcás ina ngintear, ina dtaifeadtar nó ina stóráiltear taifid i bhformáid leictreonach ar bith, ní mór na taifid sin a choinneáil ar feadh na tréimhse íosta a éilítear sa reachtaíocht chánach agus dleachta. Ní shásófar riachtanais na nAchtanna maidir le taifid a choinneáil go díreach trí chóipeanna páipéir a choinneáil de dhoiciméid nó de thuarascálacha a gineadh, a taifeadadh nó a stóraladh go leictreonach, ag tráth ar bith.

Féach Alt 887 den ACC, 1997 (agus Alt 232 den Acht Airgeadais, 2001 tagtha ina áit) agus Fógra um Thaifid Chánach a Choinneáil i bhFormáid Leictreonach arna fhoilsiú ag na Coimisinéirí loncaim in Eanáir 2012 in [Iris Oifigiúil](#).

Taifid Fhéinmheasúnaithe

Ba chóir don cháiníocóir nó don ghníomhaire cóip pháipéir nó leictreonach a choinneáil i gcónaí den tuairisceán Cánach loncaim nó Cháin Chorparáide mar aon leis an bhféinmheasúnú agus ríomh an dliteanais deiridh chánach ar feadh tréimhse 6 bliana mar a iarrtar faoi Alt 886 den ACC, 1997.

Trádálaithe Ola Mianra

Coinneoidh trádálaí ola mianra, chun críocha cánach ola mianraí, taifid mar aon le haon taifid a éilítear faoi alt 886 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus alt 84 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, mar a leagtar amach i gCuid 5 de [na Rialacháin um Cháin Ola Mianra, 2012](#).

Taifid Chánach a Choinneáil i bhFormáid Leictreonach

Faoi Alt 887 den ACC, 1997, ceadaítear do ghnóthaí taifid a choinneáil go leictreonach gan faomhadh sonrach ó na Coimisinéirí Ioncaim, ar an gcoinníoll go gcoinnítear iad de réir na riachtanas a fhoilsíonn na Coimisinéirí Ioncaim. Tá na riachtanais maidir le taifid chánach a choinneáil i bhformáid leictreonach ar fáil ar leathanach 3 **d'Iris Oifigiúil** a foilsíodh in Eanáir 2012.

Ní mór gach taifead a stóráiltear go leictreonach a bheith inrochtana do na Coimisinéirí Ioncaim. Sonróidh na Coimisinéirí Ioncaim an modh seachadta agus formáid na dtaifead leictreonach a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim ag an tráth a iarrtar na taifid.

Sonraítear in Alt 912 den ACC, 1997 go bhfuil na dualgais i ndáil le taifid a choinneáil chomh hinfheidhme céanna don trealamh sonraí mar aon le haon bhogearraí, sonraí, fearas nó ábhar.

Dualgas Fostóirí chun clárú agus Clár Fostaithe a choinneáil

Cuirtear in iúl d'fhostóirí go n-éilítear ar gach fostóir, faoi Alt 988A den ACC, 1997, Clár Fostaithe a choinneáil (i bhformáid pháipéir nó leictreonach) ar a dtaispeántar ainm, seoladh, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí, dáta tosaigh agus, más cuí, dáta scoir fostaíocht gach fostaí. Éilítear faoi Alt 988 den ACC, 1997 ar gach fostóir a íocann luach saothair clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Tugtar achoimre in **Aguisín V** den Chód Cleachtais seo ar an reachtaíocht faoina bhfuil dualgas ar cháiníocóirí taifid chuí a choimeád.

An tIniúchadh Cánach

Clúdaíonn an chaibidil seo:

- Láthair, Iompar agus Lucht Freastail Ionchais ar Iniúchadh Cánach
- Scóip an iniúchta
- Ath-Iniúchadh ar chásanna a iniúchadh roimhe sin
- Nósanna imeachta i gcás táscairí de thromchion cánach

4. AN tINIÚCHADH CÁNACH

Nuair is cuí, tá feidhm ag na tagairtí thíos d'Iniúchtaí Cánach agus do gach Idirghabháil Comhlíontachta Cánach.

4.1 Láthair an Iniúchta agus Lucht Freastail a bhfuiltear ag súil leo

Mura bhfuil gá leis ar bhealach eile, déantar an tIniúchadh Cánach in áit ghnó an cháiníocóra. Táthar ag súil go bhfreastalóidh an cáiníocóir (agus an gníomhaire) air. Sa chás go bhfuil roinnt gnóthaí nó láithreacha ann, déantar an t-iniúchadh sa phríomháit ghnó. Mar chuid den phróiseas iniúchta, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim cuairt a thabhairt ar gach láthair ina bhfuil gnó ar bun.

I gcás cuideachtaí, is iondúil go ndéantar an t-iniúchadh sa phríomháit ghnó, seachas ag seoladh na hOifige Cláraithe.

Sa chás nach bhfuil áitreabh trádála ag an gcáiníocóir agus go gcoimeádtar na leabhair agus na taifid i dteach chónaithe phríobháideach an cháiníocóra, ní fhéadtar an t-iniúchadh a dhéanamh sa teach cónaithe ach amháin le toiliú an cháiníocóra, [féach Alt 905(2) (e) den ACC, 1997]. Sa chás nach dtugtar toiliú, bailítear na leabhair agus na taifid agus déantar an t-iniúchadh in oifig chuí de chuid na gCoimisinéirí loncaim.

Go ginearálta, is iniúcháirí de chuid na gCoimisinéirí loncaim ó oifig áitiúil na gCoimisinéirí loncaim a dhéanann na hiniúchtaí nó idirghabhálacha comhlíontachta. Ar chúiseanna oibríochtúla, áfach, féadfaidh iniúcháirí de chuid na gCoimisinéirí loncaim ó oifigí áitiúla eile na gCoimisinéirí loncaim idirghabháil comhlíontachta a dhéanamh ar ghnó i limistéar ar bith.

Ní hiondúil go ndéantar Iniúchtaí Cánacha in oifig gníomhaire. Má choimeádtar na leabhair agus na taifid in oifig an ghníomhaire, ba chóir socruithe a dhéanamh iad a chur ar fáil in ionad gnó an cháiníocóra roimh thús an iniúchta.

Sa chás, i gcúinsí áirithe, go mbeadh sé neamhphraiticiúil iniúchadh a dhéanamh ar áitreabh an cháiníocóra nó go gcothódh sé míchaoithiúlacht thromhchúiseach don cháiníocóir, cuirfidh na Coimisinéirí an t-iniúchadh i gcrích in oifig na gCoimisinéirí loncaim.

Is cuma cén áit ndéantar an tIniúchadh Cánach go hiarbhrí, is gnách d'iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí loncaim cuairt ar an áitreabh gnó.

Nuair a áirítear úsáid modhanna ríomh-iniúchta san idirghabháil comhlíontachta sceidealaithe, mar atá nótaíte in alt 1.9 Uirlisí agus Teicnící Leictreonacha Tacaíochta, féadfaidh sé gur gá do shaineolaí teicneolaíochta nó soláthraí bogearraí/EPOS an cháiníocóra freastal air chomh maith.

4.2 Iniúchadh Cánach a Dhéanamh

Ar theacht chuig an láthair an iniúchta nó na hidirghabhála comhlíontachta, taispeánfaidh an t-iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí loncaim a c(h)árta aitheantais agus a (h) údarú agus míneoidh sé nó sí don cháiníocóir nó don ionadaí cuideachta cuspóir na hidirghabhála. Is beartas na gCoimisinéirí loncaim é gan an chúis chruinn (nó cúiseanna) a nochtadh chun cás ar leith a roghnú le haghaidh iniúchta.

Má dhéantar fiosrú gné nó agallamh próifíle roimh an iniúchadh, is iondúil go dtéitear sa tóir ar na pointí i gceist a thuilleadh san iniúchadh mar aon le haon ní eile.

Cuirtear an cáiníocóir ar an eolas faoi chleachtas na Coimisinéirí loncaim ús agus pionóis a ghearradh ar dhliteanais cánach amuigh agus dliteanas an duine i leith pionóis agus tugtar an deis don cháiníocóir nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh.

Ina theannta sin, cuirfidh an t-iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí loncaim an cáiníocóir ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le nochtadh cáilitheach a dhéanamh maidir le pionóis a laghdú agus neamh-fhoilsiú.

Tar éis an agallaimh tosaigh, cuirfear tús le scrúdú ar na leabhair agus na taifid agus measfar ansin go bhfuil tús curtha leis an 'Iniúchadh Cánach'.

Déanfaidh na Coimisinéirí loncaim na nithe seo a leanas go hiondúil:

- deimhneoidh cineál an ghnó, sainaitheoidh na daoine atá freagrach as na taifid a choimeád, agus déanfaidh liosta de na taifid a choimeádtar
- scrúdóidh na leabhair agus na taifid, i gcibé formáid a choimeádtar iad, le haghaidh iomláine agus láimhseáil na n-idirbheart i ndáil le prionsabail chánach agus chuntasaíochta
- seiceálfaidh go bhfuil gach tuairisceán ábhartha déanta agus comhlánaithe de réir na dtaifead
- déanfaidh cibé fiosrú atá riachtanach don iniúchadh
- cuirfidh an cáiníocóir ar an eolas faoi aon earráidí, easnaimh nó mírialtachtaí sna tuairisceáin chánach nó dleachta tíolactha (lena n-áirítear iad siúd i bhfabhar an cháiníocóra), socróidh má éiríonn dliteanas aníos, iarrfaidh socraíocht a dhéanamh agus sonróidh aon ghníomh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an cáiníocóir a chur ar bhonn comhlíontach
- déanfaidh iniúchadh fisiceach agus doiciméadach céim ar chéim tríd an áitreabh chun comhlíontacht leanúnach a fhíorú i ndáil le critéir nó coinníollacha a leagtar síos in údaruithe le haghaidh nósanna Custam áirithe.

Déanann na Coimisinéirí loncaim gach iarracht gan aon taifid a chuirtear faoi bhráid na hoifige nó a bhailítear ón gcáiníocóir a choimeád ar feadh breis agus mí amháin. Má theastaíonn tuilleadh ama chun an t-iniúchadh a chur i gcrích, cuirfidh na Coimisinéirí loncaim, sula mbeidh an mhí curtha isteach, an cáiníocóir agus an gníomhaire ar an eolas faoi sin agus tabharfaidh tréimhse ama táscach chun an t-iniúchadh a chur i gcrích.

Sa chás go dteastaíonn, le linn Iniúchadh Cánach, aistriú sonraí leictreonacha ó ríomhaire an cháiníocóra nó ó chórais EPOS chuig na Coimisinéirí loncaim, iarrfar ar an gcáiníocóir nó ar sholáthraí/ionadaí/comhairleoir/gníomhaire teicneolaíochta faisnéise an cháiníocóra na híoslódálacha sonraí riachtanacha a chur ar fáil. Ní cheadaítear do na Coimisinéirí loncaim ríomhchóras an cháiníocóra a fheidhmiú. Aistreofar, áfach, na sonraí a iarradh chuig gléasanna stórais criptithe na gCoimisinéirí loncaim.

Féach chomh maith alt 1.9, 'Uirlisí agus Teicnící Leictreonacha Tacaíochta'.

Beidh treoirilínte slándála sonraí na gCoimisinéirí loncaim i bhfeidhm ar gach taifead a asbhaintear le linn iniúchta nó idirghabhála. Go háirithe, ní stórálfar sonraí ar ríomhairí glúine ná ar ghleasanna stórála iniompartha ach amháin i bhfoirm criptithe.

Deartar treoirilínte na gCoimisinéirí loncaim maidir le criptiú chun an chosaint is fearr is féidir a chinntiú do na sonraí. Féach **Cosaint Sonraí sna Coimisinéirí loncaim**.

Mura dtugtar do na Coimisinéirí loncaim na leabhair agus na taifid uile a iarrtar, cuirtear é sin in iúl don cháiníocóir. Tugtar admháil don cháiníocóir maidir le taifid a tógadh ó áitreabh cáiníocóra.

Nuair a bhaintear taifid agus nuair a theastaíonn siad ón gcáiníocóir chun críocha trádála reatha, tugtar don cháiníocóir cóipeanna de na taifid a bhaintear, nó, más gá, tugtar deis don cháiníocóir sleachta a bhaint amach as na cuntais a tógadh.

4.3 Ábharthacht i Socraíochtaí

Tá sé mar aidhm ag gach clár iniúchta agus comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí loncaim comhlíontacht shaorálach a chinntiú. Má tá sé soiléir go luath sa phróiseas iniúchta go bhfuil tuairisceáin an cáiníocóra ceart go substaintiúil, tarraingeoidh na Coimisinéirí loncaim siar ón iniúchadh.

Más rud é go bhfuil sé soiléir go bhfuil a dhícheall déanta ag an gcáiníocóir a chinntiú go bhfuil na tuairisceáin chánacha do na cánacha agus dleachtanna éagsúla cruinn, ní dhéantar coigeartuithe do mhíchruinnis bheaga (ar an mbunús go bhféadfaí iad a shannadh mar earráidí neamhurchóideacha agus iad a chomhardú ar bhealach eile mar mhionearráidí i bhfabhar na gCoimisinéirí loncaim). Is gné í an ábharthacht i gcónaí, mar sin, nuair atá suntasacht earráide nó easnamh á meas.

Is do na Coimisinéirí loncaim ábharthacht a bhreith go ciallmhar.

4.4 Bac

Is beartas na gCoimisinéirí loncaim d'iniúcháirí na gCoimisinéirí loncaim iad féin a chur in aithne ag tús an iniúchta nó na hidirghabhála comhlíontachta agus a gcárta údaráithe oifigiúil a thaispeáint. Míneoidh na Coimisinéirí loncaim an cuspóir a bhaineann leis an iniúchadh. Má dhiúltaíonn an cáiníocóir an t-iniúchadh a éascú nó na leabhair agus na taifid a iarradh a chur ar fáil i bhformáid inghlactha, measfar go bhfuil an cáiníocóir mar bac ar an bpróiseas iniúchta.

I gcúinsí den chineál sin, caithfidh na Coimisinéirí loncaim tréimhse réasúnta ama ag iarraidh comhoibriú a lorg ón gcáiníocóir. Más rud é go leantar den diúltú agus go bhfuil sé soiléir nach bhfuil bunús reachtúil nó dlíthiúil eile ann chun diúltú an t-iniúchadh a éascú, cuirfear in iúl don cáiníocóir gur cion coiriúil é bac nó cur isteach ar oifigeach údaráithe de chuid na gCoimisinéirí loncaim agus iad i mbun a ndualgas a chomhlíonadh [Alt 1078 (2) (j) den ACC, 1997].

Tagann cúinsí chun cinn nuair is gá do na Coimisinéirí loncaim gníomhú láithreach chun na leabhair agus na taifid a dhaingniú. Féadfaidh na Coimisinéirí loncaim, sa chás sin, dul i dteagmháil le bainisteoir de chuid na gCoimisinéirí loncaim chun tacaíocht a lorg.

I ngach cás seachas na cúinsí is eisceachtúla, déanfar tuairisc ar chásanna den chineál sin chuig Rannóg Imscrúduithe agus lonchúiseamh na gCoimisinéirí loncaim d'fhonn an t-ábhar a atreorú le haghaidh ionchúiseamh coiriúil.

4.5 Blianta, Treimhsí agus Ceistanna le haghaidh Iniúchta

Díríonn Iniúchtaí Cánach go ginearálta ar bhliain nó ar thréimhse inar sainaithníodh riosca ar leith. D'fhéadfaí, áfach, idirghabhálacha ilbhliantúla (nó tréimhsiúla) a dhéanamh sa chás go sainaithnítear rioscaí ábhair i leith roinnt blianta (nó tréimhsí), a thugtar le fios ón réimse leathan foinsí sonraí atá ar fáil do na Coimisinéirí loncaim.

Ní bheidh an tréimhse shonraithe a bhfuil achoimre air san fhógra um iniúchadh ina bhac ar na Coimisinéirí loncaim síneadh a chur le tréimhse an iniúchta.

Is é feidhm na gCoimisinéirí loncaim agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná:

- iniúchadh a dhéanamh ar na tuairisceáin do na blianta, na tréimhsí nó na hidirbhearta a léirítear san 'Fhógra um Iniúchadh Cánach' (is iondúil go léirítear na rioscaí a aithníodh)
- aon choigeartuithe riachtanacha a dhéanamh
- cáin agus dleachtanna breise a shocrú agus a bhailiú, más ann dóibh, mar aon le hús agus pionóis ghaolmhara agus
- na gníomhaíochtaí leasúcháin a theastaíonn chun gnóthaí cánach an duine faoi

iniúchadh a chur ar bhonn socair don am romhainn.

Díríonn na Coimisinéirí loncaim go príomha ar na blianta, tréimhsí nó idirbhearta a léirítear san 'Fhógra um Iniúchadh Cánach'.

Sa chás go leathnaítear scóip tosaigh an iniúchta chuig blianta, tréimhsí agus/nó ceannteidil eile chánach, féadfaidh sé go mbeidh deis eile ag an gcáiníocóir (más gá) nochtadh cáilitheach a dhéanamh. Féach alt 3.7.1 Dliteanais – nach dtagann faoi scóip Iniúchtaí Cánach.

Sa chás go dtagann mainneachtainí chánach aníos i gcuideachta faoi úinéireacht stiúrthóra, is gnách gur chun buntáiste duine nó níos mó de na stiúrthóirí atá sé. Dá réir sin, féadtar iniúchadh ar ghnóthaí chánach stiúrthóra a chur san áireamh in iniúchadh ar chuideachta faoi úinéireacht stiúrthóra. I gcásanna den chineál sin, gheobhaidh gach páirtí atá faoi réir an Iniúchta Cánach 'Fógra um Iniúchadh Cánach'.

4.6 Iniúchadh a dhéanamh ar Bhlianta, Tréimhsí nó Ceisteanna níos Luaithe nó níos Déanaí a Iniúchadh

Ar dtús díreoidh an t-iniúchadh ar na blianta, na tréimhsí agus na ceisteanna a léirítear ar an 'bhFógra um Iniúchadh Cánach'. Féadfaidh ceisteanna teacht aníos le linn an iniúchta, áfach, a éileoidh ar na Coimisinéirí loncaim machnamh a dhéanamh féachaint ar bhlianta níos luaithe nó níos déanaí. Sna cúinsí seo, féadfaidh deiseanna a bheith ag cáiníocóirí nochtadh cáilitheach a dhéanamh.

Nuair atáthar ag socrú cé acu féachaint ar bhlianta (nó ar thréimhsí) níos luaithe, cuirfear san áireamh i gcónaí na tosaíochtaí foriomlána, na cúinsí ama atá i gceist in iniúchtaí den chineál sin, an toradh dóchúil, an ábharthacht agus na costais bhreise a éiríonn aníos do cháiníocóirí agus do na Coimisinéirí loncaim as féachaint ar bhlianta (nó ar thréimhsí) níos luaithe.

Ní dhéanfar iniúchadh ar bhlianta nó ar thréimhsí chánach níos luaithe ach amháin má tá bunús maith ann le creidiúint gur tharla mainneachtainí suntasacha chánach.

Ní dócha go dtiocfaidh sé aníos go bhféachfar ar bhlianta/tréimhsí níos luaithe sna cineálacha cásanna seo a leanas;

- sa chás go bhfuil an mhaolaisnéis dliteanais measartha beag, agus
- sa chás nach bhfuil aon charnadh suntasach sócmhainní gan mhíniú
- sa chás go bhfuil difríocht tuairime sa déileáil theicniúil le mír ach go bhfuil an caillteanas ioncaim don Státchiste measartha beag.

I gcodarsnacht leis sin, sna cineálacha cásanna seo a leanas, d'fheadfadh cúinsí réasúnacha teacht aníos chun féachaint ar bhlianta níos luaithe faoi na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu thuas:

- sa chás go bhfuil carnadh suntasach sócmhainní gan mhíniú
- sa chás go bhfuil táscairí láidre ann go bhfuil scéim chun cáin nó dleacht a sheachaint i bhfeidhm
- sa chás go bhfuil táscairí láidre ann go bhfuil scéim chun cáin nó dleacht a sheachaint i bhfeidhm lena bhfuil gá le breis scrúdaithe
- sa chás gur tháinig caillteanas suntasach ioncaim aníos sa bhliain nó tréimhse iniúchta, agus gur dóigh go raibh cás mar sin ann i mblianta roimhe sin.

Sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag na Coimisinéirí loncaim le creidiúint go bhfuil tuairisceán mícheart de bharr gur comhlánaíodh é ar bhealach calaoiseach nó faillíoch, féadtar idirghabháil comhlíontachta a dhéanamh ar aon tuairisceán i leith aon tréimhse, is cuma an teorainn reachtúil 4 bliana a bheith imithe in éag, sa chás go mbaineann teorainn

ama leis an gcáin áirithe sin.

Tá sé mar chuid d'fhócas an iniúchta an cás a thabhairt cothrom le dáta. Dá réir sin, sa chás go dtarlaíonn an cheist is cúis le coigeartú i dtréimhse an iniúchta arís i dtréimhsí níos déanaí, iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, sa bhreis ar an gcáin a éiríonn aníos ó thréimse an iniúchta, iarrfaidh go n-íocfaí an cháin (réamhcháin san áireamh) a fhéadann a bheith dlite do na tréimhsí níos déanaí.

Go ginearálta ní chlúdóidh iniúchtaí a bhfuil dleachtanna Custam i gceist leo, tréimhsí níos faide ná 3 bliana. Tá sé seo amhlaidh mar gheall nach gcuirfear fiachas in iúl d'fhéichiúnaí tar éis tréimhse 3 bliana a bheith curtha isteach ón dáta a tabhaíodh an fiachas Custam. [Alt 103 (1) de Chód Custam an Aontais & Alt 221 (3) den Chód Custam]

Maidir leis an tréimhse chun fiachas Custam a chur in iúl d'fhéichiúnaí, féadtar fad a chur leis na 3 bliana sa chás gur dócha go raibh an gníomh ba chúis leis bhfiachas, ag an tráth a rinneadh é, chun bheith mar chúis d'imeachtaí cúirte coiriúla. [Alt 103(2) de Chód Custam an Aontais]

4.7 Athbhreithniú ar Chásanna a Iniúchadh Cheana Féin

Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar cháiníocóir a iniúchadh cheana féin lena chur san áireamh i gclár ath-iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim. Má bhraitear táscairí láidre de throm-imghabháil cánach nó cion Cánach san athbhreithniú, féadfar an cás atreorú chuig an Rannóg Imscrúduithe agus lonchúiseamh chun a oiriúnacht um ionchúiseamh a mheas.

Féach nóta mínithe ar Cláir Iniúchtaí Randamacha agus Cláir Ath-Iniúchtaí in alt 1.5.4 i 'gCaibidil 1 – Réamhrá' leis an gCód Cleachtais seo.

4.8 Táscairí de Chion Trom Cánach

Le linn iniúchta, tiocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim trasna ar tháscairí láidre ó am go ham a thugann cion trom cánach le fios den chineál atá sna critéir ionchúisimh (Féach Caibidil 7 den Chód Cleachtais seo). Tagann dhá chineál fianaise chun cinn i gcionta cánach; fianaise dhoiciméadach agus ráitis ón gcáiníocóir. Déileálfaidh na Coimisinéirí Ioncaim le fianaise den chineál sin mar seo a leanas:

Fianaise Dhoiciméadach

Ach amháin má tá Nochtadh Cáilitheach (féach alt 3.7) ann, atreorófar láithreach fianaise dhoiciméadach don chineál ciona a léirítear sna critéir ionchúisimh i gCaibidil 7, trí bhainisteoir na gCoimisinéirí Ioncaim chuig an Rannóg Imscrúduithe agus lonchúiseamh. Déanann an Rannóg machnamh ar cé acu an bhfuil an cás feiliúnach nó nach bhfuil le haghaidh imscrúdaithe chun ionchúiseamh a dhéanamh. Má mheastar go bhfuil an cás feiliúnach cuirfear an méid sin in iúl don cháiníocóir. Is i gcomhar leis an Rannóg a dhéantar bainistiú ar leanúint den chás agus é a chomhlánú.

Ráitis a rinne an Cáiníocóir

Ní léiriú é ráiteas ginearálta amhail “Tá cuntas bainc agam nach bhfuil nochta agam” go ndearnadh cion.

I gcodarsnacht, ní léiríonn ráiteas ar leith cosúil le: “Táim ag iarraidh a insint duit faoin mbealach a d'úsáid mé sonraisc bhréagacha chun cáin a sheachaint agus páinna faoin gcuntar a íoc” go ndearnadh cion.

Faoi réir na teorach i ndáil le nochtuithe cáilitheacha (féach alt 3.7), más cion é den chineál a shonraítear sna Critéir lonchúisimh agus é dóchúil go ndéanfar ionchúiseamh, tugtar rabhadh don cháiníocóir roimh ráitis ionchoiritheacha eile.

Ní thabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rabhadh do cáiníocóir go fánach, is nós é atá

curtha ar leataobh do chásanna a bhfuil cúinsí ann bheith in amhras faoi imghabháil throm cánach.

Ba chóir rabhadh a thabhairt do cháiníocóir a d'admhaigh go ndearna sé cion.

Foclaíocht an Rabhaidh

Is é seo a leanas an rabhadh atá le tabhairt:

“Níl oibleagáid ort aon rud a rá murar mian leat sin, ach cibé rud a deir tú, tógfar síos i scríbhinn é agus féadfar é a úsáid mar fhianaise”

4.9 An tAcht um Chosaint Sonraí

Bailíonn na Coimisinéirí loncaim faisnéis chun na córais chánach agus dleachtanna a riar.

Aon fhaisnéis a chuireann cáiníocóirí ar fáil, déileálfar léi faoi réir na gcaighdeán is airde slándála agus rúndachta agus de réir dhocht na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

Féach **beartas um Chosaint Sonraí na gCoimisinéirí loncaim**.

Beidh gach faisnéis faoi cháiníocóir a bheidh i seilbh na gCoimisinéirí loncaim faoi rún agus ní ceadmhach í a nochtadh ach amháin de réir Alt 851A (2) den ACC, 1997 nó mar a fhoráiltear a mhalairt le haon fhoráil reachtúil eile.

4.10 Beartas um Chosaint Sonraí

Mar atá luaite i gCaibidil 2, is éard atá i gceist le cláir Iniúchtaí agus Idirghabhálacha na gCoimisinéirí loncaim ná neamhchomhlíontacht a bhrath agus a stopadh. Cé go bhféadfaidh sé a bheith i gceist go ndéanfar scrúdú ar na taifid bhunaidh, is annamh a tharlaíonn sé go dtógtar na taifid, idir thaifid pháipéir agus/nó thaifid leictreonacha. Tréimhse theoranta is ea an tréimhse choinneála do na taifid bhunaidh seo agus tá sí faoi rialú ag Alt 905(2)(iv) (D) den ACC, 1997.

Féadfaidh sé go mbeidh cóipeáil taifead nó asbhaint taifead i gceist le hidirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim. Go hiondúil, féadfaidh aon cheann nó níos mó den mhéid seo a leanas a bheith i gceist:

- cóipeanna de “shonraí loma” i mbunachar sonraí, lena n-áirítear na bun-idirbhearta, mar shampla, idirbhearta leibhéil líne aonair i gcóras EPOS
- tuairiscí ó chórais, mar shampla, tuairiscí díolacháin, ceannacháin, íocaíochtaí, bainc srl.
- tuairiscí ó thaifid neamhairgeadais ghnó amhail taifid tacagraif, rialú stoic, agus próisis déantúsaíochta.

Scríosfar na sonraí laistigh de shé mhí ón dáta a thabharfar an idirghabháil chomhlíontachta chun críche. Nuair atá na sonraí mar chuid d'athbhreithniú rialaithe cáilíochta ar an idirghabháil, nó d'Iniúchadh Inmheánach de chuid na gCoimisinéirí loncaim nó gníomhaíocht den chineál sin, scríosfar iad nuair a bheidh deireadh leis an bpróiseas. Maidir le comhaid ina bhfuil torthaí na dtástálacha a rinneadh le linn na tástála idirghabhála agus comhaid chuí eile, coimeádfar iad chun críocha aon athbhreithniú inmheánach nó seachtrach nó chun faisnéis a thabhairt d'idirghabháil ina dhiaidh sin.

Idirghabháil Chomhlíontachta Cánach a Chur i gCrích

Clúdaíonn an chaibidil seo:

- Bunús Socraíochta
- Nósanna Imeachta um Thairiscint Socraíochta Faomhadh agus inghlacthacht
- Muirir Úis
- Formhuirir
- Táillí Pionóis/Fógraí Tuairime
- Catagóirí Iompair
- Pionóis Sheasta
- Íocaíocht dliteanais – Neamhábaltacht íoctha
- Nósanna Athbhreithnithe/Athchomhairc

5. IDIRGHABHÁIL COMHLÍONTACHTA CÁNACH A CHUR I GCRÍCH

5.1 Socraíocht Airgeadúil

Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar an gcomhthéacs inar ullmhaíodh an Cód Cleachtais seo. Tá ról tábhachtach ag socraíocht airgeadúil i gcláir chomhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim. Cleachtas a thagann le bainistiú éifeachtúil ar an gcóras cánach é úsáid a bhaint as nósanna imeachta cuí um shocraíocht airgeadúil agus is é an úsáid is fearr é as acmhainní na gCoimisinéirí loncaim agus déanann íoslaghdú ar chostas na comhlíontachta do cháiníocóirí.

Gan dochar do shocraíocht airgeadúil, tugann na Coimisinéirí loncaim faoi bheartas dian ionchúisimh le haghaidh cásanna iomchuí. Níl gach cás oiriúnach le hionchúiseamh, áfach: mar shampla, féadfaidh ceisteanna a bheith ann i ndáil leis an bhfianaise atá ar fáil.

Meastar gach cás de réir a bhfiúntais. Braitheann an cur chuige is feiliúnaí ar na cúinsí ar leith den chás ar leith.

5.2 Bunús Socraíochta um Idirghabháil Comhlíontachta

Is ar chomhoibriú agus ar mhuinín an phobail cáiníocóirí sna Coimisinéirí loncaim a bhraitheann cuspoirí na gCoimisinéirí loncaim chun an méid is mó comhlíontacht shaorálach a bhaint amach.

Méadaítear an dóchúlacht go mbeidh comhoibriú ina leith seo nuair a chloítear le ceart an cháiníocóra ar eolas agus nuair a thugtar roinnt ama don cháiníocóir machnamh a dhéanamh agus comhairle a ghlacadh maidir le torthaí an iniúchta/na hidirghabhála.

Sa chás nach bhfuil an dlíteanas cánach agus/nó dleacht measta cheana féin ag an gcáiníocóir (nó ag an ngníomhaire) i nochtadh, measfaidh na Coimisinéirí loncaim an gearrmhuirear i ndáil le cáin, dleacht, ús agus pionóis (más ann dóibh) agus tabharfaidh tairiscint i scríbhinn agus íocaíocht i leith na ndlíteanas a measadh mar sin. Má thagann foilsiú na socraíochta aníos, cuirtear an méid sin in iúl don cháiníocóir agus don ghníomhaire.

Ní fhéachfar ar thairiscint ón gcáiníocóir mar shocraíocht iomlán agus deiridh i leith na ndlíteanas ach amháin má dhéantar é gan easaontú nó gan choinníoll. Ní ghlacann na Coimisinéirí loncaim le tairiscintí socraíochta ar coinníoll.

Tá gach nochtadh cáilitheach agus tairiscintí socraíochta eile (íoctha nó gan íoc) a fhaightear ó cháiníocóirí faoi réir ceadú ó na Coimisinéirí loncaim agus/nó Lucht Ardbhainistíochta na gCoimisinéirí loncaim. Tagann gach tairiscint a sheoltar lena cheadú le tuairisc ina bhfuil moladh iniúcháir na gCoimisinéirí loncaim.

Aontaítear agus ceadaítear an chuid is mó de thairiscintí iniúcháireachta/idirghabhála socraíochta gan moill mhíchúí agus tá siad faoi réir nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta. Faoi na nósanna imeachta seo, scrúdaíonn bainisteoirí na gCoimisinéirí loncaim roinnt iniúchtaí/idirghabhálacha lena chinntiú go ndearnadh iad de réir an Chóid Chleachtais seo.

A luaithe is atá na hagallaimh agus na díospóireachtaí leis an gcáiníocóir/gníomhaire curtha i gcrích, beidh cruinniú deiridh (más gá) ag na Coimisinéirí loncaim leis an gcáiníocóir chun torthaí na hidirghabhála comhlíontachta a leagan amach. Má thagann socraíocht airgeadais aníos, beidh ar an gcáiníocóir tairiscint socraíocht a chur ar aghaidh i scríbhinn chuig na Coimisinéirí loncaim. Féadfaidh sé go n-iarrfar ar an gcáiníocóir deimhniú a thabhairt, i scríbhinn, gur ceartaíodh na ceisteanna a sainithníodh le linn na hidirghabhála.

Ag deireadh an Iniúchta Cánach nó na hidirghabhála comhlíontachta, deimhneoidh na Coimisinéirí loncaim an seasamh i scríbhinn chuig an gcáiníocóir mar seo a leanas:

- (i) Sa chás go léiríonn toradh an iniúchta/na hidirghabhála go bhfuil tuairisceán an cháiníocóra inghlactha, (nach dteastaíonn aon athrú) eiseofar litir chuig an gcáiníocóir agus an gníomhaire chun iad a chur ar an eolas dá réir sin
- (ii) Sa chás go mbaintear comhaontú amach leis an gcáiníocóir (agus an gníomhaire) maidir le 'nochtadh cáilitheach' nó dliteanas breise cánach/dleachta, eiseoidh na Coimisinéirí loncaim litir dheiridh chuig an gcáiníocóir (agus an gníomhaire) ina leagfar amach sonraí na socraíochta aontaithe, agus tarraingeofar aird an cháiníocóra ar aon easnaimh sna taifid nó sa déileáil cánach a cuireadh i bhfeidhm, agus más cuí, agus luafar deimhniú an cháiníocóra gur ceartaíodh na nithe seo.

Roimh eisiúint na litreach deiridh ó na Coimisinéirí loncaim, bíonn gach tairiscint socraíochta (lena n-áirítear nochtuithe cáilitheacha) faoi réir cheadú na gCoimisinéirí loncaim agus/nó Lucht Ardbhainistíochta na gCoimisinéirí loncaim

- (iii) Sa chás nár thángthas ar chomhaontú leis an gcáiníocóir (agus an gníomhaire) ar thoradh an iniúchta/na hidirghabhála, eiseoidh na Coimisinéirí loncaim litir shoiléir, achomair ina mbeidh achoimre de na coigeartuithe ba chúis leis an dliteanas breise i leith cánach, dleacht, ús agus pionóis (má tháinig siad aníos).

Sa litir seo, iarrfar ar an gcáiníocóir aontú leis na figiúirí, é sin nó murar bhféadann siad aontú leo, iarrfar orthu míniú a thabhairt cén fáth nach n-aontaíonn siad leo.

Sa chuid is mó de chásanna, tagtar ar chomhaontú a luaithe is atá an cáiníocóir/ an gníomhaire sásta go bhfuil cur chuige na gCoimisinéirí loncaim iomchuí maidir le socraíocht.

Mura dtagtar ar chomhaontú foirmiúil (nó mura bhfuil íocaíocht ar fáil i gcásanna aontaithe) déanfaidh na Coimisinéirí loncaim gach measúnú, leasú ar mheasúnachtaí nó ar mheastacháin is gá agus eiseofar na fógraí ábhartha chuig an gcáiníocóir agus gníomhaire.

Mura bhfaightear achomharc foirmiúil nó más rud é, tar éis don achomharc a mheasta nó diúscartha ar bhealach eile, nach bhfuil na Coimisinéirí loncaim in ann íocaíocht a dhaingniú, déanfar bailiú na cánach agus an úis reachtúil a atreorú le haghaidh imeachtaí cuí forfheidhmiúcháin gan mhoill.

Sa chás go dtugtar an dliteanas cánach agus/nó dleachta chun críche ach nach gcomhaontaítear pionóis leis an gcáiníocóir, nó sa chás nach n-íoctar pionóis chomhaontaithe, eiseofar Fógra Tuairime chuig an gcáiníocóir. Féach alt 5.5.4 thíos.

5.3 Ús

Más rud é, mar thoradh ar idirghabháil, go bhfuil sé soiléir nach dearnadh cáiníocóir tuairisceán iomlán agus ceart agus go dtagann gearrhuirear cánach nó dleachta aníos, tagann muirir úis aníos faoi na forálacha ábhartha i leith úis. **Ní mhaolaítear ús dlite.**

Más rud é go dtagann gearrhuirear aníos agus go n-íoctar é trí fhritháireamh íocaíochta barrachais ó thréimhse níos déanaí, gearrtar ús ar an ngearríocaíocht ón dáta dlite go dtí dáta na híocaíochta barrachais.

Maidir le hús ar cháin, ní mór íocaíocht a dhéanamh laistigh de mhí amháin den cháiníocóir tairiscint socraíochta a dhéanamh. Mura bhfaightear an íocaíocht laistigh de mhí amháin, déantar an muirear úis sa tsocraíocht a athríomh. Más rud é, i gcás eisceachtúil, nach bhféadtar socraíocht a íoc ach amháin thar thréimhse, tiocfaidh ús breise aníos chun tréimhse na socraíochta tráthíocaíochtaí a chlúdach.

Más rud é, sa chás nach bhfuil comhaontú idir an cáiníocóir agus na Coimisinéirí Ioncaim, go bhfuil sé riachtanach measúnachtaí nó meastacháin a dhéanamh agus an cháin a atreorú le haghaidh bailiúchán forfheidhmithe, éireoidh ús aníos ó na dátaí dlite bunaidh suas le dáta na híocaíochta.

Le haghaidh eolas ar mhuirir úis i gcásanna ‘gan caillteanas cánach’ – féach alt 3.5.5.

Custaim

Gearrfar muirir úis de réir Alt 114 de Chód Custam an Aontais agus Alt 232 de Chód Custam an Chomhphobail [Rialachán Uimhir 2913/92 ón gComhairle (CEE)].

Mál

Gearrfar muirir úis de réir Alt 103 den Acht Airgeadais, 2001 (arna leasú le hAlt 97 den Acht Airgeadais, 2003) agus Alt 74 den Acht Airgeadais, 2002.

Tobhach Comhshaoil

Tagann muirir úis aníos faoi Alt 72(4A) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (curtha isteach ag Alt 50 den Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003).

5.4 Formhuirear ar Thuairisceáin a Thíolacadh go Déanach

5.4.1. Alt 1084 den ACC, 1997 – Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáideach agus CGC

Beidh na cáiníocóirí faoi dhliteanas formhuirear, faoi fhorálacha Alt 1084 den ACC, 1997, as ucht tuairisceán a thíolacadh go déanach.

Cuirfear an formhuirear infheidhme i gcónaí le socraíocht iniúchta nó idirghabhála sa chás nár tíolacadh tuairisceán Cánach Ioncaim, Cáin Gnóthachan Caipitiúil, Cáin Chorporáide, Cáin Fáltas Caipitiúil (Alt 53A den Acht Comhdhlúite Cánacha Fáltas Caipitiúil, 2003) nó Cáin Maoine Áitiúil (féach thíos) ar an dáta sonraithe tuairisceáin, nó roimhe sin.

Folaítear in alt 1084 go meastar gur tíolacadh déanach é tuairisceán mícheart, in am, a thíolacadh, bíodh sé go ndéantar é go míchúramach, nó d’aon ghnó.

Ní lorgófar formhuirear tíolactha dhéanaigh sa chás gur tíolacadh an tuairisceán ar an dáta sonraithe tuairisceáin nó roimhe sin, agus má gearradh pionós cáin-ghiaráilte ar shocraíocht.

5.4.2. Alt 38 den Acht Airgeadais (Cáin Maoine Áitiúil), 2012 – CMÁ

Cúinsí a thionscnóidh Formhuirear ginte ag an gCáin Mhaoine Áitiúil

Féadfaidh Daoine atá Inmhuirearaithe i leith Cáin Ioncaim/Cáin Corparáide/Cáin Gnóthachan Caipitiúil, ar daoine dliteanacha iad i leith CMÁ chomh maith, formhuirear ginte ag CMÁ a thabhu, is é sin **10% dá ndliteanas Cánach Ioncaim/Cánach Corparáide/Cánach Gnóthachan Caipitiúil** a thabhu (*faoi réir formhuirear uasta €63,485*), ach amháin má chomhlíontar an méid seo a leanas ar **dháta tíolactha** in am an Tuairisceáin Cánach Ioncaim/Cánach Corparáide/Cánach Gnóthachan Caipitiúil

- go dtíolactar gach Tuairisceán CMÁ a theastaíonn **agus**
- gur íocadh an dliteanas CMÁ ina iomláine nó go ndearnadh socraíocht íocaíochta chomhaontaithe (ní áirítear anseo aon riaráistí Muirir Teaghlaigh – féach an nóta thíos)

Sa chás go dtabhaíonn duine formhuirear ginte ag CMÁ agus go dtíolacann sé ina dhiaidh sin Tuairisceán CMÁ agus/nó go n-íocann sé an cháin, (nó go socraítear

socraíocht íocaíochta chomhaontaithe), cuirtear teorainn le suim an dliteanais CMÁ (seachas aon riaráistí Mhuirir Teaghlaigh – féach an nóta thíos) sa chás go bhfuil sé seo níos ísle ná suim an fhormhuirir.

Tabhair do d'aire: Ní thabhfófar formhuirear de bharr neamhíocaíocht Mhuirir Teaghlaigh nuair atá Tuairisceáin Cánach Ioncaim/Cánach Corparáide/Cánach Gnóthachan Caipitiúil á dtíolacadh, ná ní áireofar na riaráistí nuair atá an teorainn a bhaineann le formhuirear á ríomh, tar éis don cháiníocóir na saincheistanna CMÁ a bhí ina gcúis leis an bhformhuirear a réiteach.

5.4.3. Alt 14A d'Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999

Foráiltear le hAlt 14A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 formhuirear a chur leis an dleacht stampa iníoctha i leith ionstraime sa chás go mainníonn duine cuntasach tuairisceán dleachta stampa a sheachadadh ar an dáta sonraithe tuairisceáin nó roimhe sin.

5.5 Pionóis

Leagtar amach in **Aguisín III** an reachtaíocht a bhaineann le pionóis a ghearradh i socraíochtaí cánach agus dleachta.

Sa chás ina n-éiríonn pionós aníos, is iondúil go ríomhann na Coimisinéirí Ioncaim suim an phionóis, go gcomhaontaítear é leis an gcáiníocóir agus go n-íoctar é. Sa chás nach gcomhaontaíonn duine le dliteanas i leith pionóis, é sin nó nach n-íocann an duine ar chomhaontaigh sé nó dliteanas ina leith, is ceist atá ann don chúirt ansin a chinneadh cé acu an bhfuil an duine sin faoi dhliteanas i leith pionóis.

Níl aon fhorálacha le haghaidh pionóis cháin-ghiaráilte i ndáil le mainneachtainí Custam. Is faoi Alt 40 den Acht Custam, 2015 a ghearrtar pionóis riaracháin sheasta as ucht Cód Custaim an Aontais agus a Ghníomhartha Cur Chun Feidhme agus Tarmligthe a shárú.

Is faoi Alt 54 den Acht Airgeadais, 2011 a ghearrtar pionóis riaracháin sheasta as ucht Cód Custam an Chomhphobail agus a Fhorálacha Cur Chun Feidhme a shárú (féach alt 5.7 den Chód Cleachtais seo).

I gcásanna Dleachta Stampa, le haghaidh ionstraimí a fheidhmítear ar an 7 Iúil 2012 nó dá éis, má thíolactar ionstraim le haghaidh stampála (trí thuairisceán Dleachta Stampa a thíolacadh) tar éis an t-am a ceadaíodh, beidh cáiníocóirí faoi dhliteanas ús a íoc i leith íocaíocht dhéanach, nuair atá an dleacht neamhíoctha níos mó ná €30, agus faoi dhliteanas formhuirear a íoc faoi Ailt 14 agus 14A, faoi seach, den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

Sa chás go bhfuil suim chomhiomlán na mainneachtana cánach nó dleachta duine níos lú ná €6,000 agus nach bhfuil an mhainneachtain sa chatagóir iompair de bhun tola, ní bheidh an duine faoi dhliteanas i leith pionóis de bharr na mainneachtana.

Sa chás gur aontaíodh pionós cáinghiaráilte i ndáil le mainneachtain cánach/dleachta i leith tréimhse nó tréimhsí sonracha, measfar go gclúdódh leibhéal foriomlán an phionóis cáinghiaráilte aon phionóis sheasta chun tuairisceán mícheart nó déanach a thíolacadh i ndáil le haon tréimhse a chlúdaítear sa tsocraíocht.

5.5.1 An 'difríocht' a ríomh chun críocha pionóis cháinghiaráilte agus dhleachtghiaráilte

Is iondúil a éiríonn dliteanas aníos i leith pionós céatadáin cáinghiaráilte ar an 'difríocht' idir suim na cánach a bheadh iníoctha, nó a d'fhéadfaí a éileamh, dá ríomhfaí an cháin de réir an tuairisceáin nó de réir an éilimh mhícheart nó bhréagaigh, agus suim na cánach a bheadh iníoctha nó in-aisíoctha dá ríomhfaí an cháin de réir an tuairisceáin fhíor agus chirt. [Alt 1077E(11) den ACC, 1997]

I gcás CBL, is iondúil go ríomhtar an ‘difríocht’ idir:

- a) Suim na cánach (más ann di) a d’íoc nó a d’éiligh an duine lena mbaineann don tréimhse ábhartha ar bhonn an tuairisceáin, an éilimh nó an dearbhaithe mhícheart mar a tugadh nó a rinneadh ar bhealach eile é, agus
- b) An tsuim iníoctha i gceart ag, nó in-aisíoctha leis an duine sin don tréimhse sin.

[Alt 116 (11) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010]

- i gcás na Cánach Fáltas Caipitiúil, féach Alt 58 (5) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltais Caipitiúil, 2003
- i gcás na Dleachta Stampa, féach Alt 134A (7), (8) agus (9) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999

5.5.2 Pionóis trí Chomhaontú

I rith gach idirghabháil comhlíontachta, is príomhábhar cúraim do na Coimisinéirí loncaim iad pionóis shibhialta. Ní bheidh gach cineál coigeartaithe a thagann aníos mar thoradh ar idirghabháil comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí loncaim ina chúis le dliteanas i leith pionóis.

Is iondúil go mbíonn na ceisteanna seo a leanas ina gcúis le pionóis;

- díolacháin, fáltais, ioncam nó gnóthachain neamhluaite
- luach saothair nó íocaíocht conartha ábhartha neamhluaite
- sócmhainní a measadh faoi bhun an chirt, lena n-áirítear luacháil stoic agus féichiúnaithe
- dliteanais a measadh thar an gceart, lena n-áirítear creidiúnaithe
- neamhchomhlíontacht leis na rialacháin CBL, ÍMAT nó CCI
- éilimh mhíchuí ar chostais nó asbhaintí trí dhochar ar an gcuntas brabúis nó caillteanais nó eile
- éilimh mhíchuí ar liúntais chaipitiúla nó liúntais nó faoisimh eile
- loiceadh gach fírice agus cúinse i ndáil le dliteanas Dleacht Stampa a lua
- luach inmhuirir maoine nó maoin i leith na Cánach Maoine Áitiúla a meas go mór faoi bhun an chirt
- loiceadh gach fírice agus cúinse i ndáil le dliteanas Cánach Fáltas Caipitiúla a lua.

Ní liosta uileghabhálach é seo agus is ar chúinsí gach cáis a bhraitheann sé acu an éiríonn dliteanas i leith pionóis aníos.

Beidh na Coimisinéirí loncaim cúramach agus iad ag féachaint ar cé acu an bhféadfaidh sé an bhfuil cáiníocóir faoi dhliteanas pionóis in aon chás ar leith. Sa chás go bhfuil amhras maidir leis an gcatagóir cheart mainneachtana cánach, nó amhras maidir le cé acu an bhfuil duine faoi dhliteanas pionóis, pléifidh an t-iniúchóir de chuid na gCoimisinéirí loncaim an cheist lena bhainisteoir sna Coimisinéirí loncaim.

Agus sáruithe ar reachtaíocht chánach agus dleachta an duine aitheanta, cuirfidh na Coimisinéirí loncaim, agus aird chuí ar an treoir a leagtar amach sa Chód Cleachtais seo, in iúl don duine faoi na pionóis reachtúla (agus candam na bpionós sin) a éiríonn aníos i leith na sáruithe sin. Comhaontófar an pionós leis an gcáiníocóir agus íocfar é.

5.5.3 Pionóis arna gCinneadh ag Cúirt Iomchuí

Déantar an chuid is mó de shocraíochtaí le haghaidh cánach, úis agus pionós de bhun comhaontú leis an gcáiníocóir ar an modh a bhfuil achoimre air sa Chód Cleachtais seo.

Sa chás, áfach, nach n-aontaíonn duine le dliteanas i leith pionóis, nó nach n-íocann an duine pionós a bhfuil dliteanas ina leith aontaithe aige nó aici, is ábhar don chúirt iomchuí é ansin cinneadh a dhéanamh an bhfuil an duine sin faoi dhliteanas pionóis.

Ciallaíonn an téarma ‘cúirt iomchuí’ an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda nó an Ard-Chúirt, de réir mar is cuí, de bhun tagartha do na teorainneacha dlínsiúla do nithe sibhialta a leagadh síos san Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, arna leasú, agus Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, arna leasú.

Is iad seo a leanas na teorainneacha dlínsiúla:

- an Chúirt Dúiche – suimeanna suas le €15,000.00
- an Chúirt Chuarda – suimeanna suas le €75,000.00
- an Ard-Chúirt – suimeanna os cionn €75,000.00 (gan teorainn)

Sa chás go bhfuil dliteanas i leith pionóis le cinneadh ag cúirt iomchuí, tá na nósanna imeachta seo a leanas le feidhmiú:

- Céim 1:** Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, féadfaidh iniúchóir de chuid na gCoimisinéirí tuairim a cheapadh go bhfuil cáiníocóir faoi dhliteanas pionóis.
- Céim 2:** Má táthar le dul sa tóir ar phionós, ní mór Fógra Tuairime a eisiúint chuig an gcáiníocóir (agus seolfar cóip chuig gníomhaire an cháiníocóra chomh maith) – féach Fógra Tuairime, alt 5.5.4 thíos. Má aontaíonn an cáiníocóir le tuairim an iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí agus má n-íocann sé nó sí an pionós, sin an deireadh a bheidh leis an ábhar.
- Céim 3:** Mura bhfuil aon chomhaontú ar shuim an phionóis nó mura n-íoctar pionós comhaontaithe (nó mura bhfaightear freagra ón gcáiníocóir) laistigh de 30 lá, féadfaidh an t-iniúchóir de chuid na gCoimisinéirí iarratas a dhéanamh le cúirt iomchuí sa chaoi agus go gcinneadh an chúirt sin gur sháraigh an cáiníocóir reacht ábhartha lena dtagann pionós aníos – féach alt 5.5.5 thíos.
- Céim 4:** Sa chás go ndéanann cúirt cinneadh go bhfuil cáiníocóir faoi dhliteanas pionóis agus go dtugann sé ordú an pionós sin a aisghabháil, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim an tsuim a bhailiú agus a aisghabháil ar an gcaoi chéanna le cáin a bhailiú – féach alt 5.5.7 thíos.

5.5.4 Fógra Tuairime maidir le Pionós a Eisiúint

[Alt 1077B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997]

Tagraíonn an chuid seo den Chód Cleachtais do chásanna nach bhféadtar comhaontú a fháil leis an gcáiníocóir maidir le dliteanas i leith pionóis. Clúdaíonn sé aon chás inar comhaontaíodh pionós ach nár íocadh é.

Sna cúinsí seo, cuireann an t-iniúchóir Cánach tuairim in iúl maidir le dliteanas duine i leith pionóis agus tugann fógra faoin tuairim sin don cháiníocóir agus do ghníomhaire an cháiníocóra.

Ar an bhFógra Tuairime beidh sonraí de na nithe seo a leanas;

- a) na forálacha reachtúla faoina dtagann an pionós aníos
- b) na cúinsí lena bhfuil an duine sin faoi dhliteanas an phionóis
- c) suim an phionóis a bhfuil an duine sin faoi dhliteanas ina leith, agus
- d) aon sonraí eile de réir mar a mheasann an t-iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí loncaim a bheith riachtanach

Maidir le pionóis cháinghiaráilte, ní mór candam na cánach a thabhairt chun críche sula n-eisítear Fógra Tuairime.

Féadfaidh iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí loncaim Tuairim a leasú ag aon am agus tabharfaidh fógra faoin Tuairim leasaithe don cáiníocóir (agus don ghníomhaire) ar an gcaoi chéanna leis an bhFógra Tuairime bunaidh mar atá leagtha amach thuas. [Alt 1077B (2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997]

Ar mhaithe le comhsheasmhacht agus riarachán a éascú, úsáideann gach Rannóg sna Coimisinéirí loncaim Fógra Tuairime caighdeánach.

Agus an t-iniúcháir ag ceapadh tuairime maidir le dliteanas duine i leith pionós cáinghiaráilte, cuirfidh an t-iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí loncaim san áireamh cibé ar thug nó nár thug an cáiníocóir nochtadh cáilitheach agus/nó comhoibriú iomlán cheana féin.

Eiseofar an Fógra Tuairime chuig an gcáiníocóir agus seolfar cóip chuig an ngníomhaire.

Más rud é nach bhfreagraíonn cáiníocóir comhfhreagras a bhaineann le Fógra Tuairime iniúcháir de chuid na gCoimisinéirí loncaim, ní fhéadann na Coimisinéirí loncaim glacadh leis nó cinneadh a dhéanamh go bhfuil an cáiníocóir faoi dhliteanas pionóis – is faoi chúirt iomchuí atá an cinneadh sin.

5.5.5 Iarratas ar Chinneadh Pionóis le Cúirt Iomchuí

[Alt 1077B (3) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997]

I gcás cáiníocóra lena n-eisítear Fógra Tuairime, nach n-aontaíonn i scríbhinn, laistigh de 30 lá tar éis dháta an fhógra (nó laistigh de 30 lá tar éis dháta an fhógra leasaithe), leis an tuairim nó leis an tuairim leasaithe san fhógra agus nach n-íocann leis na Coimisinéirí loncaim suim an phionóis a sonraíodh san fhógra, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim iarratas a dhéanamh le cúirt le go gcinntíodh an chúirt cibé ar sháraigh nó nár sháraigh an cáiníocóir an reacht as ar tháinig an pionós aníos.

Ní shéantar ar theidlíocht an cáiníocóra ar phionós laghdaithe nó maolaithe i leith comhoibriú iomlán ná i leith nochtadh cáilitheach a dhéanamh mar gheall gur eisigh na Coimisinéirí loncaim Fógra Tuairime nó go ndearna na Coimisinéirí loncaim iarratas chuig cúirt iomchuí. Léireofar suim an phionóis ar an bhFógra Tuairime.

5.5.6 Socrú Pionóis ag Cúirt Iomchuí

Bunaithe ar an bhfianaise os a comhair, beidh sé mar ábhar ag an gcúirt cinneadh a dhéanamh cé ar sháraigh nó nár sháraigh an cáiníocóir an reachtaíocht as ar éirigh dliteanas i leith pionóis aníos.

5.5.7 Pionós socraithe ag Cúirt Iomchuí a Aisghabháil

[Alt 1077C den ACC, 1997]

Sa chás go ndéanann cúirt cinneadh go bhfuil cáiníocóir faoi dhliteanas i leith pionóis, féadfaidh an chúirt freisin, sa chás go bhfuil iarratas ábhartha os a comhair, ordú a dhéanamh an pionós sin a aisghabháil, agus gan dochar d'aon bhealach eile é a aisghabháil, go bhféadtar an pionós sin a bhailiú agus a aisghabháil ar an gcaoi chéanna a dhéanfaí le suim chánach.

5.5.8 Achomhairc in aghaidh Pionóis socraithe ag Cúirt Iomchuí

Faoin struchtúr um pionóis a shocrú, tá sé tábhachtach a thuiscint gurb í an chúirt (seachas na Coimisinéirí Ioncaim) a shocraigh go bhfuil cáiníocóir faoi dhliteanas i leith pionóis. Dá bhrí sin níl aon cheart achomhairc a dhéanamh ar chinneadh den sórt sin chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach.

Dá bhrí sin, is laistigh de na Rialacha Cúirte a bhaineann le gach cúirt ábhartha seachas laistigh de na hAchtanna Cánach atá achomhairc a dhéantar in aghaidh cinneadh ag cúirt iomchuí.

5.5.9 Pionóis – Teorainneacha Ama

Seachas i gcásanna a luaitear in alt 5.5.10 (Pionóis i gCásanna Báis), níl aon teorainn ama le haghaidh imeachtaí nó iarratais ar phionóis a aisghabháil.

5.5.10 Pionóis i gCásanna Báis

Go ginearálta, ní féidir imeachtaí dlíthiúla a ghlacadh chun pionóis a fháil ar ais ó eastát nó ó sheiceadóir cháiníocóir nach maireann maidir le dliteanais réamhbhás. Sa chás, áfach, roimh bhás cáiníocóra, gur thángthas ar réiteach i scríbhinn leis an gcáiníocóir nó le gníomhaire an cháiníocóra, nó gur chinn cúirt iomchuí go raibh dliteanas i leith pionóis ann, beidh pionós dlite ansin agus féadann na Coimisinéirí Ioncaim imeachtaí a ghlacadh chun é a fhorfheidhmiú agus a bhailiú ó eastát an cháiníocóra. [Alt 1077D den ACC 1997]. Leagtar amach dearbhú níos uileghabhálaí den chás in **Aguisín VII**.

5.5.11 Léargas Ginearálta, i bhfoirm tábla, de Phionóis Shibhialta Cáinghiaráilte agus Dleachtghiaráilte

Achtaíodh an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008 ina dhlí ar an 24 Nollaig 2008.

Maidir leis an nós imeachta, ina n-iarrtar ar 'chúirt iomchuí' socrú a dhéanamh i leith cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cáiníocóir faoi dhliteanas i leith pionóis (i gcás nár thángthas ar réiteach ar phionós nó nár íocadh pionós comhaontaithe), tá an nós imeachta ar fáil chun gach cás de pionóis mainneachtana cánach a réiteach, **is cuma cén uair a tharla an mhainneachtain**. [Alt 1077B den ACC, 1997 (arna chur isteach ag an Acht Airgeadais (Uimh.2), 2008)]

Is mar seo a leanas atá an achoimre ar an staid roimh Acht Airgeadais (Uimh.2), 2008 agus dá éis, maidir le pionóis cháinghiaráilte:

	Cásanna inar tharla an mhainneachtain cánach roimh an 24 Nollaig 2008	Cásanna inar tharla an mhainneachtain cánach ar an 24 Nollaig 2008 nó dá éis
Leibhéal an Phionóis	Is é an leibhéal pionóis shibhialta le cur i bhfeidhm ar chásanna den chineál sin ná an pionós 100% cáinghiarálte mar a mhaolaítear de réir chatagóir na mainneachtana agus mhinicíocht na mainneachtana mar atá leagtha amach ar Thábla Pionós 2 (Aguisín IV)	Is é an leibhéal pionóis shibhialta le cur i bhfeidhm ar chásanna den chineál sin ná an pionós cáinghiarálte mar atá leagtha amach sna hAchtanna Cánach (Alt 1077E den ACC, 1997, Alt 116 den ACCB, 2010 srl.) (Tábla Pionós 1 alt 5.6.2)
Catagóirí Mainneachtana	Is iad na catagóirí mainneachtana as a n-éiríonn pionós sibhialta aníos ná iad siúd a dhéantar go 'calaoiseach' nó go 'faillíoch': (a) <i>Mainneachtain de bhun tola;</i> (b) <i>Oll-mhíchúram;</i> (c) <i>Cúram neamhleor.</i>	Athraíodh na catagóirí mainneachtana as a n-éiríonn pionós sibhialta aníos go dtí an méid seo: (a) <i>lompar de bhun tola;</i> (b) <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha; nó lompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha.</i>
Maolú	Tá achoimre i dTábla Pionós 2, Aguisín IV den Chód Cleachtais seo ar an maolú a bhíonn i gceist nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe	Cé go bhfuil cumhacht ghinearálta an mhaolaithe coimeádta i reacht, tá pionóis laghdaithe san áireamh sna pionóis cáinghiarálte agus dleachtghiarálte in Acht Airgeadais (Uimh.2), 2008 sa chás go gcomhlíontar coinníollacha áirithe (Tábla Pionós 1, alt 5.6.2)

Is é an bhuncheist lárnach, áfach, ná socrú a dhéanamh maidir le cén uair a tharla an mhainneachtain cánach as ar tháinig an pionós, agus léirítear é seo sna samplaí seo a leanas:

Tréimhse Chánach	Doiciméad Tíolactha	Dáta an Tíolactha	Sárú	Dáta an tSáraithe	Pionóis le cur i bhFeidhm
2007	Foirm 11	1/09/2008	Tuairisceán Mícheart	1/09/2008	Pionóis faoi Alt 1053 den ACC, 1997
2007	Foirm 11	1/03/2009	Tuairisceán Mícheart	1/03/2009	Pionóis faoi Alt 1077E den ACC, 1997
2007	Foirm 11	Gan tíolacadh	Loiceadh comhlíontachta	1/11/2008	Pionóis faoi Alt 1053 den ACC, 1997
2008	Foirm 11	Gan tíolacadh	Loiceadh comhlíontachta	1/11/2009	Pionóis faoi Alt 1077E den ACC, 1997
2008 Ean-Fea	CBL 3	14/03/2008	Tuairisceán Mícheart	14/03/2008	Pionóis faoi Alt 27 den Acht CBL, 1972
2009 Már-Aib	CBL 3	10/05/2009	Tuairisceán Mícheart	10/05/2009	Pionóis faoi Alt 116 den ACCB, 2010
2008	Foirm 11	1/10/2009	Tuairisceán Mícheart	1/10/2009	Pionóis faoi Alt 1077E den ACC, 1997

Sa chás go loiceann cáiníocóir comhlíonadh le riachtanas tuairisceán nó ráiteas a chur ar fáil den chineál a luaitear in aon cheann de na forálacha a luaitear i gcolún 1 de Sceideal 29 den ACC, 1997 beidh an cáiníocóir sin faoi dhliteanas i leith pionóis.

5.5.12 – Formhuirear um Sheachaint Cánach

Maidir leis na nósanna imeachta maidir le Fógra Tuairime agus Iarratas Cúirte de réir na hachomre thuas, baineann siad chomh maith leis an ‘bhfoirmhuirear um sheachaint cánach’ a bhfuil achoimre air i gCaibidil 8.

Sa chás ina dtagann ‘formhuirear um sheachaint cánach’ aníos, is iondúil gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim a ríomhann suim an ‘fhormhuirir um sheachaint cánach’, agus go gcomhaontaítear leis an gcáiníocóir í agus go n-íoctar í. I gcás nach gcomhaontaíonn duine le dliteanas i leith ‘formhuirear um sheachaint cánach’ nó nach n-íocann an duine ‘formhuirear um sheachaint cánach’ ar aontaigh sé nó sí leis, ábhar don chúirt atá ann ansin cinneadh a dhéanamh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an duine sin faoi dhliteanas ‘formhuirir um sheachaint cánach’.

5.6 Catagóirí Iompair: Míchúramach agus De Bhun Tola

Tá achoimre thíos ar na catagóirí mainneachtana cánach as a n-éiríonn pionós sibhialta aníos;

5.6.1 Catagóirí mainneachtana cánacha a tharla ar an 24/12/2008 nó dá éis

Is é an leibhéal pionóis sibhialta atá le cur i bhfeidhm ar mhainneachtana cánacha de bhun tola nó míchúramacha ná an pionós cáinghiaráilte mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

a) Pionóis i leith Iompar De Bhun Tola

Ní shainmhínítear *iompar de bhun tola* sna hAchtanna agus, dá bhrí sin, tugtar a ghnáthmhíniú.

Go ginearálta, baineann *iompar de bhun tola* le hoibleagáid chánach a sháru agus táscairí ann a thagann le rún an cháiníocóra nó sáru nach bhféadtar a mhíniú le míchúram amháin.

Chun pionóis a ghearradh i leith *iompar de bhun tola*, tá na Coimisinéirí Ioncaim sásta;

- go dtagann fíricí an cháis le rún mainneachtain a dhéanamh, nó
- de rogha air sin, gur cosúil gur mainneachtain cánach a bheadh mar thoradh ar ghníomhartha nó neamhghníomhartha an cháiníocóra agus nach bhféadtar na gníomhartha nó neamhghníomhartha úd a mhíniú trí mhíchúram amháin.

Áirítear an méid seo a leanas i measc na dtáscairí ar *Iompar De Bhun Tola*;

- gan leabhair agus cuntais chuí a choimeád mar a éilítear sa dlí cánach chun go bhféadtar dliteanas cánach ceart an cháiníocóra a shocrú
- easnaimh leanúnacha nó easnamh mór amháin d’idirbhearta ó leabhair agus cuntais an ghnó
- Easnaimh ó thuairisceáin chánacha
- Doiciméid nó eolas atá easnamhach, bréagach nó míthreorach a chur ar fáil
- Aisíocaíocht chánach a éileamh i gcás nach bhfuiltear i dteideal go dleathach an aisíocaíocht sin
- Teip thromchúiseach chun cánacha muiníneacha a oibriú
- Cuntais bhainc nó sócmhainní eile a cheilt.

Ní liosta uileghabhálach é seo.

Leagtar amach an pionós cáinghiaráilte ar mhainneachtain sa chatagóir seo ar Thábla Pionóis 1, alt 5.6.2.

b) Pionóis Iompar Míchúramach

Ní mór do cháiníocóirí a bheith cúramach a gcuid oibleagáidí cánacha a chomhlíonadh. Is éard is *iompar míchúramach* ann ná easpa cúram cuí a fhágann dliteanais chánacha atá tíolactha ag an gcáiníocóir, nó éilimh aisíocaíochtaí a rinneadh, a bheith mícheart.

Sonraítear *iompar míchúramach* ó *iompar de bhun tola* trí easnamh táscairí, sna fíricí agus cúinsí den mhainneachtain, atá comhsheasmhach le rún.

Sainmhínítear ‘go míchúramach’ sna hAchtanna mar “*gan cúram réasúnach a ghlacadh*”.

Is é an tástáil ar chúram réasúnta ná “an bhféadfadh go bhfeicfeadh cáiníocóir le gnáth-oilteacht agus gnátheolas, arna gcomhairliú go cuí, mar dhóchúlacht nó dealraitheacht réasúnta an t-ionchas go mbeadh ganníocaíocht chánach mar thoradh ar ghníomh (nó neamhghníomh), ag féachaint do na himthosca uile”. Ní féidir leis an gcáiníocóir an fhreagracht as tuairisceán ceart a dhéanamh a chineadh do ghníomhaire. Más rud é nár tugadh gach ní ábhartha ar aird an ghníomhaire, níl cúram cuí glactha ag an gcáiníocóir.

I gcás go bhfuil iompar míchúramach ann, braitheann an pionós atá le cur i bhfeidhm as ar eascair iarmhairtí suntasacha as an iompar míchúramach.

Sonraítear *iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha* ó *iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha* faoi threoir do mhéid an easnaimh i gcoibhneas leis an dliteanas cánach ceart lena mbaineann.

Iarmhairtí suntasacha: ní shainmhínítear an frása seo sna hAchtanna ach úsáidtear é chun cur síos a dhéanamh ar phionós reachtúil infheidhmithe i gcás gur mó an cháin gearríochta ná 15% den cháin iníochta i gceart.

Tá an tástáil 15% le cur i bhfeidhm ar leithligh maidir le gach cineál cánach agus tréimhse a gceanglaítear ar an gcáiníocóir tuairisceán nó ráiteas dliteanais a dhéanamh ina leith.

I gcás laghdú aisíocaíochta a rinneadh, más ann dó, i gcomparáid leis an aisíocaíocht a éillíodh, más mó an laghdú le 15% de mhéid na haisíocaíochta a d'éiligh an cáiníocóir, cuirfear pionós sa chatagóir *iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha* i bhfeidhm má tháinig an t-éileamh mícheart chun cinn mar gheall ar easpa cúraim mar ba chuí ar thaobh an cháiníocóra.

Ar na táscairí a bheadh i gcomhréir le *hiompar míchúramach* ar thaobh an cháiníocóra bheadh an liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí seo a leanas, sa mhéid go mbíonn gearríocaíochtaí suntasacha cánacha mar thoradh orthu (trí thagairt don treoir sa chéad alt eile thíos);

- meastachán ar mhíreanna cuntais
- Faillí a dhéanamh caiteachas a chur i gcatagóirí incheadaithe agus dícheadaithe chun críocha cánach
- Faillí a dhéanamh comhairle a ghlacadh ar cheist léirmhínithe uair ba chóir dul i dteagmháil le gníomhaire cánach nó leis na Coimisinéirí

Ioncaim chun treoir a fháil

- an bhfuair an cáiníocóir comhairle roimh gníomh a chinneadh
- méid na cánach atá i mbaol. A mhéid is mó an baol cánach, is mó cúram a bheidh ag teastáil
- méid agus cineál an ghnó
- na rialúcháin inmheánacha atá i bhfeidhm
- an caighdeán coimeádta taifead sa ghnó
- Aon chliseadh córas agus na fáthanna don chliseadh sin
- minicíocht na hearráide a rinneadh. Féachfar ar chás ina bhfuil earráid ar leithlis le himpleachtaí beaga cánacha ar bhealach eile ó chás le níos mó earráidí.

c) Iompar míchúramach LE hiarmhairtí suntasacha

Leagtar amach an pionós cáinghiaráilte ar mhainneachtain sa chatagóir seo ar Thábla Pionóis 1, alt 5.6.2

d) Iompar míchúramach GAN iarmhairtí suntasacha

Leagtar amach an pionós cáinghiaráilte ar mhainneachtain sa chatagóir seo ar Thábla Pionóis 1, alt 5.6.2

Samplaí de chatagóirí d'Iompar Míchúramach;

- Sampla A – iompar míchúramach LE hiarmhairtí suntasacha
- Sampla B – iompar míchúramach GAN iarmhairtí suntasacha

Iompar Míchúramach	Sampla A	Sampla B
Cáin iníoctha de réir tuairisceáin cánach mícheart, abair	€10000	€55,000
Cáin atá dlite sa deireadh thiar	€30000	€63,000
Cáin gearríoctha	€20000	€8,000
Pionós	<i>Tá feidhm ag an bpionós maidir le hiompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha mar gur mó an cáin gearríoctha ná 15% den €30,000 dlite sa deireadh thiar</i>	<i>Tá feidhm ag an bpionós maidir le hiompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha mar nach mó an cáin gearríoctha ná 15% den €63,000 dlite sa deireadh thiar.</i>

5.6.2 Tábla Pionóis 1 – Céatadáin Phionóis (ar nó i ndiaidh an 24/12/2008)

Tagraíonn Tábla Pionóis 1 do mhainneachtana a tharla ar nó tar éis 24/12/2008 más rud é go ndéanann an cáiníocóir nochtadh cáilitheach, agus freisin le mainneachtana i gcás nach ndéantar nochtadh cáilitheach.

Eascraíonn dliteanas i leith pionós céatadáin cáinghiaráilte as an 'difríocht' idir méid na cánach a bheadh iníoctha, nó a d'fhéadfaí a éileamh, dá ríomhfaí an cháin de réir an tuairisceáin/éilimh mhícheart nó bhréagaigh, agus méid na cánach a bheadh iníoctha nó inaisíoctha dá ríomhfaí é de réir an tuairisceáin nó éilimh fhíor agus chirt. [1077E ACC 1997].

Féach an nóta maidir leis an 'difríocht' a ríomh i gcomhair CBL srl. ag alt 5.5.1 thuas.

Foráiltear le hAlt 134A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 gur féidir pionós céatadáin cháinghiaráilte agus/nó pionós seasta €1,265 a ghearradh do mhainneachtana dhleacht stampa.

TÁBLA PIONÓIS 1	CATAGÓIR IOMPAIR	PIONÓS	NOCHTADH CÁILITHEACH DÉANTA	
NOCHTUITHE		%	COMHOIBRIÚ IOMLÁN – PIONÓS LAGHDAITHE GO	
Gach mainneachtain chánach/dleachta ina bhfuil nochtadh cáilitheach	Tábla pionóis de mhainneachtana cánacha/dleachta a tharla ar nó i ndiaidh 24/12/2008	I gcás nach gcomhoibríonn an cáiniocóir go hiomlán	Nochtadh Cáilitheach Spreagtha agus comhoibriú iomlán – pionós laghdaithe chuig:	Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha agus comhoibriú iomlán – pionós laghdaithe go:
Gach nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo	<i>lompar¹ míchúramach gan iarmhairtí suntasacha</i>	20%	10%	3%
An chéad nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	<i>lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha²</i>	40%	20%	5%
	<i>lompar d’aon turas³</i>	100%	50%	10%
An dara nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	<i>lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha</i>	40%	30%	20%
	<i>lompar d’aon ghnó</i>	100%	75%	55%
An tríú nochtadh cáilitheach nó nochtuithe dá éis sin sna catagóirí seo	<i>lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha</i>	40%	40% (gan laghdú)	40% (gan laghdú)
	<i>lompar d’aon ghnó</i>	100%	100% (gan laghdú)	100% (gan laghdú)
TÁBLA PIONÓIS 1	CATAGÓIR IOMPAIR	PIONÓS	GAN NOCHTADH CÁILITHEACH A BHEITH DÉANTA	
GAN NOCHTADH		%	COMHOIBRIÚ IOMLÁN – PIONÓS LAGHDAITHE GO	
Gach mainneachtain i gcás nach bhfuil nochtadh cáilitheach	<i>lompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha</i>	20%	15%	
	<i>lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha</i>	40%	30%	
	<i>lompar d’aon ghnó</i>	100%	75%	
I gcás go ndéantar ‘nochtadh cáilitheach’, ní bheidh an cáiniocóir faoi réir ionchúisimh i ndáil leis an gceist a bhí ina chúis leis an mainneachtain chánach/dleachta ná foilsíú ar liosta na mainnitheoirí cánach. Don tríú nó aon nochtadh cáilitheach dá éis sin maidir le catagóirí iompair ‘iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha’ nó ‘iompar d’aon turas’, ní laghdaítear céatadán an phionóis.				
Eascraíonn dliteanas i leith pionós céatadáin cháinghiaráilte as an “difríocht” (alt 5.5.1) idir an dliteanas cánach/éileamh cánach ar na tuairisceáin mhíchearta agus chearta				

Féach ar alt 3.16 chomh maith maidir le 'Comhoibriú iomlán le hIdirghabháil Comhlíontachta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim'

¹ I reachtaíocht chánach, in ionad 'lompar míchúramach[etc.]', is é an téarma a úsáidtear 'go míchúramach ach ní d'aon turas'. Tá na céatadán phionóis mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

² Mínítear 'iarmhairtí suntasacha' in alt 5.6.1 (b) den Chód Cleachtais seo

³ I reachtaíocht chánach, is é an téarma a úsáidtear ná 'd'aon turas'. Tá na céatadán phionóis mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

5.7 Pionóis Sheasta

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh duine a bheith faoi dhliteanas i leith pionóis seasta as mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi reachtaíocht chánach nó dleachta. Áirítear i measc na samplaí de na pionóis sheasta sin-

TUAIRISCEÁIN MHÍCHEARTA

Folaítear in alt 1055 den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997 go ndlífear pionós €4,000 ar aon duine a chabhraíonn nó a aslaíonn chun aon chríocha cáin ioncaim nó cáin chorparáide le déanamh nó le seachadadh aon tuairisceáin, cuntais, ráitis nó dearbhaithe mícheart.

Folaítear in alt 1078 (2) (b) den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997 gur cion coiriúil a bheidh ann 'go gcabhróidh nó go neartóidh nó go gcuideoidh nó go ngríosóidh nó go n-aslóidh' duine go feasach chun aon tuairisceán nó ráiteas mícheart nó aon chuntais mhíchearta i ndáil le haon cháin a thabhairt.

Is é rún na gCoimisinéirí Ioncaim ionchúiseamh a bhreithniú faoi Alt 1078 in imthosca iomchuí.

CÁIN BHREISLUACHA

Tá dualgas ar cháiníocóirí taifid iomlána agus fóra a choimeád maidir le gach idirbheart Cháin Breisluacha.

Faoi Alt 115 (1) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, tá duine faoi dhliteanas pionós €4,000 as neamhchomhlíonadh leis an dualgas chun taifid iomlána agus fóra a choinneáil.

Faoi Alt 116 (18) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, i gcás go n-iompórtálann duine go mícheart earraí gan cháin a íoc in imthosca ina bhfuil cáin imhuirearaithe, tá sé nó sí faoi dhliteanas pionós €4,000 agus beidh siad faoi dhliteanas méid aon chánach ba chóir a íoc ar an iompórtáil a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Fostóirí ÍMAT - i gcás blianta suas le 2018 agus an bhliain sin san áireamh

Má mhainníonn fostóir reachtaíocht chánach nó le haon cheann de Rialacháin ÍMAT a chomhlíonadh, d'fhéadfadh pionós €4,000 a bheith dlite ar gach sárú Rialacháin.

- Riachtanas le clárú mar fhostóir leis na Coimisinéirí Ioncaim
[Rialachán 7, [Rialacháin Cánach Ioncaim \(Fostaíochtaí\) 2012](#)]
Tá tuilleadh faisnéise maidir le [Clárú Fostóirí chun Críocha ÍMAT](#) ar fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Riachtanas chun 'Clár Fostaithe' a choimeád agus a chothabháil i bhformáid pháipéir nó leictreonach
[Rialachán 8, [Rialacháin Cánach Ioncaim \(Fostaíochtaí\) 2012](#)]
- Riachtanas sonraí a thíolacadh faoi fhostaí nua a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar Fhoirm P45
[Rialachán 20, [Athrú Fostaíochta](#)]
- Riachtanas chun fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim i gcás nach bhfuair fostóir P45 ó fhostaí nua
[Rialachán 22, [Bunús Éigeandála d'Asbhaint Cánach](#)]

Tá faisnéis bhreise ar rialacháin fostaíochtaí cánach ioncaim ar fáil anseo: [Rialacháin Cánach Ioncaim \(Fostaíochtaí\) \(Comhdhlúite\) 2001](#).

Fostóirí ÍMAT - le héifeacht ó 1 Eanáir 2019

Má loiceann fostóir reachtaíocht chánach a chomhlíonadh dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Chuid 42 den ACC 1997 nó le haon cheann de na [Rialacháin Cánach Ioncaim \(Fostaíochtaí\), 2018](#) d'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh mar thoradh air sin go ndlífí pionós €4,000 ar gach sárú.

An riachtanas chun clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim mar fhostóir - Alt 988 den ACC 1997. Tá tuilleadh faisnéise maidir le [Clárú Fostóirí chun Críocha ÍMAT](#) ar fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim

- Riachtanas chun 'Clár Fostaithe' a choimeád agus a chothabháil i bhformáid pháipéir nó leictreonach - Alt 988A den ACC, 1997
- Riachtanas an Bhonn Éigeandála Asbhainte Cánach a oibriú - Rialachán 19
- Riachtanas ar fhostóir tuairisceán míosúil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim - Alt 985G den ACC, 1997
- Fógra i dtaobh díolaíochtaí a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim roimh an íocaíocht - Rialachán 10 de na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) 2018
- Loiceadh cloí leis an reachtaíocht MSU – Cuid 18D den ACC, 1997 agus na Rialacháin MSU, 2018
- Loiceadh cloí leis an reachtaíocht ÁSPC – An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 agus na Rialacháin Leasa Shóisialaigh, 1996 (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht).

SÁRUITHE AR CHÓD CHUSTAIM AN AONTAIS

Foráiltear le hAlt 40 den Acht Custaim 2015 d'fheidhmiú pionóis riaracháin as sáruithe ar Chód Custaim an Aontais agus na Gníomhartha Tarmlichthe agus Cur Chun Feidhme a ghabhann leis agus tá éifeacht acu ón 31 Nollaig 2016.

SÁRUITHE AR AN gCÓD CUSTAIM

Foráiltear le hAlt 54 den Acht Airgeadais 2011 d'fheidhmiú pionóis riaracháin as sáruithe ar Chód Custaim an AE (Rialachán na Comhairle 2913/92) agus a Fhorálacha Cur Chun Feidhme (Rialachán an Choimisiúin 2454/93).

Tá cruinneas dearbhuithe trádálaí, agus a gcomhlíonadh ginearálta le riachtanais na reachtaíochta custaim, mar bhunchloch do bhainistiú éifeachtach ghnó na gcustam agus tá sé i gceist go n-atreiseoidh cur chun feidhme na bpionós seo an teachtaireacht seo le gach duine lena mbaineann.

Chun tuilleadh sonraí a fháil ar chur i bhfeidhm na bpionós riaracháin maidir le saincheistean na Custaim – féach [Pionóis Riaracháin as Sáruithe ar Rialacha Custaim](#).

CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

I gcásanna Cánach Maoine Áitiúla, mura gcomhlíonfar le hAsbhaint Cánach Maoine Áitiúla ag an bhFoinse, tá fostóirí faoi dhliteanas pionóis faoi Alt 145 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012. Mura gcomhlíonfar le tuairisceán a sheachadadh nó má dhéantar ráiteas bréagach nó uiríoll bréagach nó tuairisceán mícheart, tá cáiníocóirí faoi dhliteanas pionóis faoi Alt 146 agus Alt 147 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (arna leasú).

DLEACHT STAMPA

Foráiltear le hAililt 8A agus 8B den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 do phionóis sheasta €3,000 de dheasca mainneachtana tuairisceán ceart a sheachadadh nó mar gheall ar mhainneachtain tuairisceán a sheachadadh.

5.8 Tréimhse ama maidir le hidirghabhálacha na gCoimisinéirí loncaim a thabhairt chun críche

Tá sé chun leasa gach duine go gcuirtear iniúchadh nó idirghabháil chomhlíontachta i gcrích a luaithe agus is féidir. I gcás go bhfuil gach ceist a bhí le réiteach déileáilte ag an gcáiníocóir, agus é a bheith déanta laistigh de thréimhse réasúnta ama, agus go bhfanann an t-iniúchadh/idirghabháil oscailte go ceann tréimhse eile trí mhí, tabharfaidh na Coimisinéirí loncaim, ar iarraidh a fháil ón gcáiníocóir nó ón ngníomhaire, comhairle don cháiníocóir maidir le stádas reatha an iniúchta/ na hidirghabhála agus déanfar meastachán, a mhéid is féidir, ar uair ar dócha go mbeidh críoch curtha leis an iniúchadh/idirghabháil.

Mura bhfuil aon chúis shoiléir ar an moill le críoch a chur leis an iniúchadh/idirghabháil, ní chuirfear moill ná ní choinneofar siar teidlíocht cháiníocóra le creidmheasanna nó aisíocaíochtaí cánacha.

5.9 Íocaíocht

Dlitanais Urscaoilte má tá am breise ag teastáil ó cháiníocóir chun an socraíocht aontaithe a íoc

I bhformhór iniúchtaí agus idirghabhálacha comhlíonta, urscaoilfear aon dliteanas breise (lena n-áirítear cáin, ús agus pionóis) trí íocaíocht(aí), a tugadh chun cuntais in aghaidh na dliteanais bhreise do gach ceanncánach.

Féadfar socrú céimnithe íocaíochta a dhéanamh leis an gcáiníocóir lena bhfuil rochtain teoranta ar chistí leachtacha ach a leanann le hioncam a ghiniúint. Déanfar socrúithe den chineál sin de réir nósanna imeachta reatha na gCoimisinéirí loncaim, ar féidir teacht orthu ó shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí loncaim.

- **Faisnéis Ghinearálta ar Bhailiúchán Cánach agus Bainistiú Fiach**
- **Treoirínte i gcomhair Íocaíocht Chéimnithe – Socruithe Tráthchoda**

Tá ar an gcáiníocóir i ngach cás eolas leordhóthanach a chur ar fáil chun breithniúchán a fhírinniú do shocraíocht íocaíochta céimnithe. Ba chóir an méid seo a leanas a mheas;

- Sreabhadh airgid réadúil le haghaidh na 6 mhí ina dhiaidh sin
- Próifíl féich cothrom le dáta
- Cuntais bhainistíochta cothrom le dáta
- Leagan amach ar conas an sceideal athíocaíochta molta a sheirbhísiú
- Ráitis bhainc cothrom le dáta a thabharfaidh cead do na Coimisinéirí loncaim féachaint cibé an bhfuil barraíochtaí méadaitheacha ar an gcuntas agus tuairim a ghlacadh ar mhéid an luascadh cuntais
- Próifíl féichiúnaithe agus creidiúnaithe.

Tá éagsúlacht ar an leibhéal d'íocaíocht síos a theastaíonn, fad ama agus tús na socraíochta, ag brath ar chúinsí an cháis.

Más rud é gur úsáideadh socraithe tráthíocaíochta ní mór do cháiníocóirí na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh;

- Ní mór an t-ús dlite a bheith san áireamh sa tsocraíocht tráthíocaíochta, agus
- Ní mór cánacha reatha a choimeád cothrom le dáta le linn an téarma den tsocraíocht tráthíocaíochta.

Maidir le dleacht stampa, fanfaidh an ionstraim neamhstampáilte go mbeidh na dliteanais ar fad, lena n-áirítear an dleacht inmhuirir ina iomlán, íoctha.

5.10 Neamhábaltacht chun Éilimh a Íoc

Tá sé mar fhreagracht ar an gcáiníocóir a éilíonn ‘neamhábaltacht íoca’ le socraíocht cánach nó dleachta mainneachtana an neamhábaltacht sin a léiriú go sásúil. Ní mór fianaise doiciméadach ar an ‘neamhábaltacht íoca’ a chur isteach chuig na Coimisinéirí loncaim.

Ní ghlacfar le héilimh ‘neamhábaltacht íoca’ nach bhfuil i scríbhinn nó nach bhfuil réasúnaithe le fianaise dhoiciméadach.

Teagmhaíonn na Coimisinéirí loncaim le héilimh uaireanta nach gceadaíonn acmhainní airgeadais cáiníocóra le híocaíocht iomlán den cháin dlite. Tabharfaidh na Coimisinéirí loncaim breithniúchán cúramach in éilimh den sórt sin. Meastar uaschumas cáiníocóra íocaíocht a dhéanamh trína sócmhainní agus a gcumas tuillimh den trádáil, gairm nó fostaíocht. Agus an t-éileamh a mheas, féadfaidh sláinte agus aois an cháiníocóra a bheith ábhartha.

Ba chóir gach fianaise a thacaíonn le héileamh ‘neamhábaltacht íoca’ a chur san áireamh in aon iarratas uileghabhálach amháin chuig na Coimisinéirí loncaim.

Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith san fhianaise dhoiciméadach de neamhábaltacht íoca a mheasann an cáiníocóir a bheith iomchuí:

- Doiciméad Tairisceana de shocraíocht fhoirmiúil
- Ráiteas faoi Chúrsaí (SOA) a léiríonn seasamh reatha an cháiníocóra ag am na socraíochta, sínithe ag an gcáiníocóir

Teastaíonn ráiteas cúrsaí chun gnóthaí airgeadais cháiníocóra a shoiléiriú agus cuidíonn leis na Coimisinéirí loncaim cinneadh eolach a dhéanamh faoi in-aisghabhálacht féich.

[Riachtanas Ard-Bhailitheora – Alt 960R ACC 1997]

- Cóip de na cuntais is déanaí
- Liosta de gach sócmhainn a coimeádadh agus an chúis le haghaidh neamhdhiúscairt na sócmhainní sin chun cáin nó dliteanas dleachta a íoc
- Aon chuid den eolas dá dtagraítear in alt 5.9
- Míniú ar an gcúis nach féidir iasacht a fháil chun dliteanas cánach nó dleachta a urscaoileadh nó fianaise ar dhiúltú iasachta
- Ríomhanna d’ioncam/chaiteachas réamh-mheasta
- Ráiteas sínithe chun dhearbhuí go bhfuil an mainneachtain chánach a bhí mar chúis leis an dliteanas breise socraithe

Nóta Tábhachtach: Ní féidir leis na Coimisinéirí loncaim glacadh le nochtadh a dhéanann cáiníocóir mar ‘nochtadh cáilitheach’ mona ndéanann an cáiníocóir íocaíocht iomlán ar na dliteanas aontaithe. Ní ghlactar le ‘nochtadh cáilitheach’ i gcásanna ‘neamhábaltacht íochta’.

- Féach alt 3.7 den Chód Cleachtais seo chun míniú iomlán a fháil ar ‘nochtadh cáilitheach’

Féach ailt 3.7.3 agus 5.9 den Chód Cleachtais seo i ndáil le socraíochtaí íocaíochta agus tráthíocaíochtaí

Custaim

Foráiltear le hAlt 112 de Chód Custaim an Aontais (952/13) áiseanna íocaíochta a cheadú chun íocaíocht a dhéanamh i dtráthíocaíochtaí. Tá coinníollacha ag baint le cead a thabhairt d’áiseanna den sórt seo, caithfear slándáil a chur ar fáil chun an méid fiachais a

chlúdach, cé go bhféadfaí an coinníoll seo a tharscaoileadh má chuireann an féichiúnaí fianaise scríofa i láthair go gcruthódh an soláthar sin deacrachtaí eacnamaíochta agus sóisialta tromchúiseacha.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach [Lámhleabhar Bailiúchán Fiacha Custaim](#).

Mínítear sa lámhleabhar na gníomhartha a thógtar i ndáil le bailiú fiacha custaim. I bhformhór cásanna bailítear dleachtanna iompórtála tráth na hiompórtála le córas leictreonach um dhearbhu custaim (AEP). Ní bhaineann an Lámhleabhar seo ach le cásanna go sainaithnítear dleachtanna iompórtála neamhíochta (m.sh fiach custaim) tar éis iompórtála; eascróidh sé seo mar thoradh ar iniúchadh custaim nó seiceáil comhlíonta iar-iompórtála eile.

5.11 Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin – Nósanna Imeachta Achomhairc

Faoi chlár um Dhearbhu Cáilíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, déantar monatóireacht ar rogha de chásanna iniúchta/idirghabhála chun cáilíocht a chinntiú. Más rud é go dtagann difríocht tuairime chun cinn, áfach, maidir leis an iniúchadh nó idirghabháil comhlíonta, tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim meas do cheart an cháiníocóra athbhreithniú a iarraidh nó chun nós achomhairc reachtúil a fháil, agus éascóidh sé an cáiníocóir ar mian leis iarratas den sórt sin a dhéanamh nó achomharc a thaisceadh.

5.11.1 Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin

Trí Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim, cuirtear meicníocht atá oscailte agus thrédhearcach ar fáil do cháiníocóirí chun gearán a dhéanamh agus athbhreithniú a iarraidh ar an bealach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim cás a láimhseáil.

Leagtar amach sonraí iomlána de na nósanna imeachta sa bhileog eolais CS4:

[Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim – CS4](#).

Custaim

Tá sé de cheart ag cáiníocóir éisteacht a fháil (ceart freagra) roimh chinneadh dhíobhálach a ghlacadh maidir le dleacht chustaim a íoc. Tá sonraí ar fáil sa

[Lámhleabhar Cheart Éisteachta](#).

Achomhairc Custaim

Féach [Bileog Eolais C&E 5](#) a rialaíonn Nósanna Imeachta Custaim.

Achomhairc Máil

Féach [Bileog Eolais C&E 6](#) agus [CCF 6](#) a rialaíonn Nósanna Imeachta Achomhairc Máil.

5.11.2 Nósanna Imeachta maidir le hAchomharc

Tá an cáiníocóir i dteideal achomharc a thaisceadh in aghaidh torthaí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an ioncam agus na gnóthachain le meas i measúnacht athbhreithnithe nó meastachán cánach. Is féidir achomharc a dhéanamh ar mheasúnú dleachta stampála.

Ní ghearrfar ús reachtúil ach amháin nuair a mheastar an cáin agus ní féidir achomharc a chur isteach. Ní féidir pionóis cháinghiarálte a mheas ach amháin nuair atá an cháin measta.

Ní chuireann athbhreithnithe, mar a chuirtear síos orthu san alt roimhe seo,

isteach ar chearta reachtúla an cháiníocóra achomharc a lorg. Más rud é, tar éis athbhreithniú, go measann cáiníocóir go bhfuil socraíocht mholta do-ghlactha, féadfaidh siad leanúint le hachomharc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, ar an gcuntar ar an gcoinníoll gur taisceadh achomharc laistigh den amscála reachtúil.

- D'fhonn achomharc a chur isteach in aghaidh mheasúnaithe, caithfear an dliteanas **nach bhfuil faoi achomharc** a íoc. I gcás go bhfuil socrú íocaíochta aontaithe ag an gcáiníocóir chun an cháin a íoc (lena n-áirítear ús agus táillí bailithe), measfar an dliteanas a bheith íoctha.
- Tá sonraí maidir le hachomhairc in aghaidh pionóis measta ag breitheamh i gcúirt ábhartha clúdaithe in alt 5.5.8.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le hachomhairc le fáil i [Lámhleabhar Achomharc Cánach agus Dleachta na gCoimisinéirí Ioncaim](#).

Foilsithe i Liosta de Mhainnitheoirí Cánacha

Clúdaíonn an chaibidil seo:

- Dualgais na gCoimisinéirí Ioncaim socraíochtaí a fhoilsiú
- Eisiaimh ó fhoilsitheoireacht
- Tairseacha foilsitheoireachta

6. LIOSTA DE MHAINNITHEOIRÍ CÁNACHA A FHOILSIÚ

6.1 Dualgais Foilsitheoireachta

Gabhann dualgais le hAlt 1086 den Acht um Cháin Láimhdeachais, 1997 ar na Coimisinéirí loncaim liosta a fhoilsiú d'ainm, de sheoladh agus de ghairm gach cáiníocóra, laistigh de thrí mhí de dheireadh gach ceathrú:

- ar a ghearradh fíneáil nó pionós eile ag cúirt faoi aon cheann de na hAchtanna maidir le nithe a bhaineann le cáin nó dleacht le linn na ceathrún sin. I gcás go bhfuil cáiníocóir infhoilsithe faoin gcatagóir seo, foilseofar an méid cánach a chinneann an chúirt gur féidir an pionós a fhoilsiú air, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an cháin nó pionós íoctha
- más rud é gur chomhaontaigh na Coimisinéirí loncaim le cáiníocóir staonadh ó nósanna a thosú chun aon fhíneáil nó pionós a ghnóthú agus gur ghlac siad suim airgid ar leith i socraíocht de haon éileamh ó na Coimisinéirí loncaim le haghaidh:
 - (i) cáin nó dleacht a íoc,
 - (ii) ús ar an gcáin nó dleacht sin a íoc, agus
 - (iii) fíneáil nó pionós airgeadaíochta eile maidir leis an gcáin nó dleacht sin lena n-áirítear pionóis maidir leis an teip tuairisceáin nó doiciméid eile a chur ar fáil a bhain leis an gcáin nó dleacht sin.

Tá feidhm ag an bhforáil seo fiú má theipeann ar an gcáiníocóir an tsuim ar leith a íoc laistigh den tréimhse ábhartha. [Alt 1086 (2B) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997]

Más rud é go nglacann na Coimisinéirí loncaim suim ar leith nó go ngeallann siad suim ar leith a ghlacadh i socraíocht de mhainneachtain chánach, meastar gur glacadh leis an tsuim i socraíocht de bhun comhaontú idir na Coimisinéirí loncaim agus an cáiníocóir. [Alt 1086 (2A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997]

Cuireann na forálacha d'Alt 1086 den ACC 1997 oibleagáid ar na Coimisinéirí loncaim liosta de shocraíochtaí a fhoilsiú, laistigh de thrí mhí ag deireadh gach ceathrún, san Iris Oifigiúil.

Ina theannta sin, tugtar an discríd do na Coimisinéirí loncaim;

- an liosta a phoibliú agus a atáirgeadh ar bhealach, foirm nó formáid den sórt a mheastar a bheith iomchuí, agus
- sonraí den sórt sin ar an liosta a shonrú den tsocraíocht agus na nithe as a dtagann an tsocraíocht chun cinn de réir mar a mheasann na Coimisinéirí loncaim a bheith feiliúnach.

Cuirfidh na Coimisinéirí loncaim comhairle ar na cáiníocóirí a bhaineann amach an critéir foilseacháin go bhfoilseofar iad ar Liosta na Mainnitheoirí Cánacha, agus cuirfear comhairle orthu faoi na sonraí a fhoilseofar.

Nochtadh Cáilitheach le haghaidh Neamhfhoilsiú

Más rud é gur glacadh nochtadh cáilitheach, ní fhoilseofar sonraí den socraíocht a rinneadh leis an gcáiníocóir ar liosta na mainnitheoirí cánacha. Maidir le nochtaí a tharla ar nó i ndiaidh 24 Nollaig 2008, ní cuirfear an nochtadh san áireamh don fhoilsitheoireacht ach amháin más rud é gur nochtadh cáilitheach é sna hAchtanna (Féach sainmhíniú 'nochtadh cáilitheach' in alt 3.7). Ní mheasfar gur 'nochtadh cáilitheach' é nochtadh a dhéantar ó bhéal chun críche neamhfhoilsiú.

6.2 Eisiaimh ó Fhoilsitheoireacht

Eisiaimh Reachtúla

Foráiltear na h-eisiaimh reachtúla ó fhoilsitheoireacht faoi Alt 1086 den ACC 1997 – ní fhoilsíonn na Coimisinéirí loncaim na cásanna seo a leanas;

- cásanna ina nglactar le nochtadh cáilitheach; [Alt 1086(4)(a) den ACC 1997]
- cásanna ina bhfuil suim ar leith dá dtagraítear in Alt (c) nó (d) d'Alt 1086 fo-alt (2) nach ngabhann thar €35,000 (figiúr do cháin, ús agus pionós) [Alt 1086(4) (c) den ACC 1997]
- cásanna nach ngabhann an pionós (comhaontaithe le cáiníocóir nó measta ag cúirt) thar 15% den mhéid den cháin dlite dá réir sin [Alt 1086 (4)(d) den ACC 1997]
- cásanna ina nglactar le 'nochtadh cáilitheach seachanta ' agus/nó ina dtarlaíonn 'formhuirear/formhuirir um sheachaint cánach' [Alt 811D ACC 1997].

Custaim

Cé go bhfuil cásanna Custaim infhoilsithe faoi Alt 1086 (2) (a) agus (b) den ACC 1997, níl siad infhoilsithe faoi Alt 1086 (2) (c) nó (d) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

6.3 Figiúr Foilsitheoireachta

Ar an bhfigiúr foilsithe tá an cháin, an dleacht, an t-ús agus na pionóis atá curtha le chéile chun an tsocraíocht a dhéanamh.

- Tá méideanna infoilsithe comhbhailithe le haghaidh gach cáin agus le haghaidh gach bliain/tréimhse a chlúdaíonn an idirghabháil
- Ní laghdóidh ró-íocaíocht chánach nár tháinig go díreach ón idirghabháil an figiúr foilsitheoireachta.

Níl cáin agus ús ar leith san áireamh maidir leis foilsiú mona bhfuil pionós i bhfeidhm.

Go háirithe:

- Maidir leis an méid atá le foilsiú, más ann dó, ní chuirtear cáin san áireamh i socraíocht (nó ús agus pionóis ghaolmhara) más rud é nach ngabhann an pionós maidir leis an gcáin thar 15% den mhéid cánach sin.

Baineann an tástáil seo ar leithligh le gach ceanncánach faoi iamh i socraíocht chomhbhailithe.

Tá gach socraíocht chánach faoi réir ceadú Bhainistíocht Sinsearaigh na gCoimisinéirí loncaim. Eiseoidh na Coimisinéirí loncaim 'Litir Ghhlactha' i ngach cás ina n-aontaítear le 'tairiscint socraíochta' ón gcáiníocóir agus a fhaomhann Bainistíocht Sinsearach na gCoimisinéirí loncaim í. Deimhneofar sa litir eisithe ag na Coimisinéirí loncaim an mhéid infhoilsithe (más ann dó). Foilsítear an socraíocht laistigh de thrí mhí ó dheireadh an ráithe ina n-eisíonn na Coimisinéirí loncaim an litir ghlactha.

Foilsítear gach socraíocht a shásaíonn na critéir foilsitheoireachta in Iris Oifigiúil, d'ainneoin an íoctar nó nach n-íoctar an méid atá dlite le haghaidh cánach, dleachta, úis agus pionós, de réir A1086 (5) ACC 1997.

Samplaí: Foilsitheoireacht faoi Alt 1086 den ACC 1997

1. Socraíocht (Cáin Ioncaim, ÍMAT agus CBL) a tháinig chun cinn laistigh de 2 bliain nó tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2011. Bhí na pionóis chomhaontaithe maidir le mainneachtain chánach sa chatagóir de *mhainneachtain de bhun tola* tar éis comhoibriú iomlán ón gcáiníocóir ach ní dhearnadh aon nochtadh cáilitheach. Ba é 75% céatadán an phionóis.

Ba mar seo a leanas a rinneadh an tsocraíocht de €51,700:

Tréimhse Chánach	Cáin	Ús	Pionóis	Iomlán
Bliain go dtí 31/12/2010	€12000	€4,000	€9,000	€25,000
Bliain go dtí 31/12/2011	€14000	€2,200	€10,500	€26,700
Iomlán				€51700

Aisíocaíocht CBL ar chreidmheasanna dlite (tréimhse reatha): €5000

Íocaíocht dlite €46,700

Figiúr foilsitheoireachta €51,700

2. Socraíocht (Cáin Ioncaim, ÍMAT agus CBL) a tháinig chun cinn le haghaidh 1 bliain/tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2011. Bhí na pionóis aontaithe san áireamh sa tsocraíocht de réir mainneachtain sa chatagóir *iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha* de mhainneachtain chánach. Ní dhearnadh aon nochtadh cáilitheach ach thug an cáiníocóir comhoibriú iomlán le linn an iniúchta. Ba é 15% céatadán an phionóis.

Ba mar seo a leanas a rinneadh an tsocraíocht de €35,200:

Tréimhse Chánach	Cáin	Ús	Pionóis	Iomlán
Bliain go dtí 31/12/2011	€30000	€700	€4,500	€35,200
Iomlán				€35200

Ní thagann foilsitheoireacht chun cinn toisc nach ngabhann an pionós cáinghiaráilte thar 15% den cháin atá san áireamh sa tsocraíocht.

Caibidil 7

Ionchúiseamh

Clúdaíonn an chaibidil seo:

- Forbhreathnú ar ionchúiseamh
- Cineálacha cionta cánacha
- Soláthar agus úsáid bogearraí sochta díolachán
- Tuairisceáin dearbhú nó cuntais mhíchruinn

7. IONCHÚISEAMH

7.1 Réamhrá

Is é an príomhthiomáint in aghaidh imghabháil cánach ná tríd an Idirghabháil Chomhlíonadh Cánach, Iniúchadh Cánach agus na cláir Imscrúdaithe Cánach. Cruthaíodh go bhfuil na cláir sin an-éifeachtach chun cáin agus ús a bhailiú agus chun pionós a ghearradh ar chalaois chánach, dleachta agus imghabháil cánach.

Mar gheall ar an seasamh láidir a tógadh in aghaidh na tromchiontóirí/na tromchionta cánacha is mó tríd an gclár ionchúiseamh ciallaíonn sé gur féidir leo siúd a ciontaíodh (mar aon le cáin, leacht, ús agus pionóis dlite a íoc) bheith faoi dhliteanas fíneála nó príosúnachta nó an dá rud.

Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a dhéanann cinntí an cóir cás a ionchúiseamh.

7.2 Na cineálacha cionta cánacha is coitianta go mbeadh ionchúiseamh mar thoradh orthu

Leagtar amach anseo thíos na cineálacha cionta is coitianta go mbeadh ionchúiseamh mar thoradh orthu;

- easnaimh de bhun tola ó thuairisceáin chánacha
- éilimh bhréagacha le haghaidh aisíocaíocht
- doiciméid bhrionnaithe nó fhalsaithe a úsáid
- imghabháil cánach calaoiseach a éascú
- scéim córasach chun cáin a imghabháil
- cuntais bhainc easchósta a úsáid chun cáin a imghabháil
- scéimeanna cliste d'imghabháil cánach
- teip ar chánacha muiníneacha a chur ar ais (ar leith ó mhionmhoilleanna)
- teip le taifid ghnó a chur ar fáil nuair is gá.

7.3 Cinneadh imscrúduithe d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh

Agus an cion den chineál a cuireadh síos air thuas a shainaithint, meastar go bhfuil na gnéithe seo a leanas le meas roimh cinneadh a imscrúdú d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh;

- neart na fianaise inghlactha atá ar fáil (nó a bheadh ar fáil is coitianta). Ní mór go mbeadh sé sách láidir lena chur ar chumas an ionchúisimh a chruthú thar amhras réasúnach go raibh an ciontóir líomhnaithe ciontach as an gcion líomhnaithe
- féadfaidh an tréimhse ama ó thángthas ar an gcion líomhnaithe, agus an mhoill sin chun tús a chur le nósanna ar aird, dochar a dhéanamh do chás
- fad agus costas is coitianta a bheadh ag baint le triail. Ní cóir go mbeadh an costas dul ar thóir ar ionchúiseamh a bheith díréireach leis an leas féideartha le fáil as
- an méid ciontaíola, freagrachta agus taithí den chiontóir líomhnaithe
- an gá le díspreagadh, go pearsanta agus go ginearálta araon, maidir le cionta ar leith
- an bhfuil nochtadh iomlán déanta ag ciontóir líomhnaithe de na mírialtachtaí, ag

comhoibriú chun socraíocht a bhaint amach agus an cáin, an dleacht, an t-ús agus na pionóis ar fad íoctha a bhí dlite.

Níl an liosta de chritéir uileghabhálach ach tá sé mar aidhm aige achoimre a thabhairt faoin gcineál cionta ar féidir a ionchúiseamh, agus cuid de na gnéithe, ar féidir leo, ina n-aonar nó i gcomhpháirt, béim a leagan ar chinneadh cás a imscrúdú d'fhonn ionchúiseamh.

7.4 Cionta eile lonchúisimh

Téann na Coimisinéirí loncaim sa tóir ar bheartas ionchúisimh tréan maidir leo seo a leanas;

- Teip le tuairisceáin chánacha a chomhdú
- gan leabhair, cuntais 7rl. a chur ar fáil, nuair a bhí oibleagáid orthu é sin a dhéanamh
- gan Ráiteas Cúrsaí a chur isteach nuair a ba ghá leis
- eolas bréagach nó míthreorach a chur ar fáil do na Coimisinéirí loncaim
- cuntais a scrios nó gan chuntais a choimeád
- earraí a smuigleáil
- ola mhianrach marcáilte a mhí-úsáid
- trádáil gan cheadúnas máil reatha.

Ní liosta uileghabhálach é seo.

7.5 Soláthar Bogearraí Sochta Díolachán

Déanann aon duine a bhfuil bogearraí sochta díolachán leictreonacha (ar a dtugtar 'zappers' go coitianta) acu nó a úsáideann iad go feasach nó go toiliúil chun críocha cáin nó dleacht a sheachaint, nó a chuireann ar fáil iad, gan na sonraí bunaidh a chaomhnú cion coiriúil faoi Alt 1078 ACC 1997.

Is é beartas na gCoimisinéirí loncaim ionchúiseamh a lorg ar na cionta sin.

7.6 Tuairisceáin, Ráitis nó Cuntais Mhíchearta

Folaítear in alt 1078 (2) (b) den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997 gur cion coiriúil a bheidh ann 'go gcabhróidh nó go neartóidh nó go gcuideoidh nó go ngríosóidh nó go n-aslóidh' duine go feasach chun aon tuairisceán nó ráiteas mícheart nó aon chuntais mhíchearta i ndáil le haon cháin a thabhairt.

Is é beartas na gCoimisinéirí loncaim ionchúiseamh a lorg faoi na forálacha thuas sna cúinsí cuí.

Seachaint Cánach

Clúdaíonn an chaibidil seo:

- Seachaint Cánach
- Riail Ghinearálta Frithsheachanta
- Forálacha Sonracha Frithsheachanta
- Formhuirear um Sheachaint Cánach
- Fógra Cosanta
- Nochtadh Éigeantach
- Nochtadh Seachanta Cáilitheach

8. Seachaint Cánach

8.1 Réamhrá

Leagtar amach i gCaibidil 8 dlí cánach, beartas agus nósanna imeachta na gCoimisinéirí loncaim chun dliteanais chánacha agus dleachta a rialtú a thagann aníos mar gheall ar chineálacha áirithe um sheachaint cánach.

8.1.1 Cad is Seachaint Cánach ann?

Tá cáiníocóirí i dteideal a ngnóthaí a eagrú ar bhealach éifeachtúil. Ach, tá difríocht idir gnóthaí cánacha duine a eagrú ar bhealach éifeachtúil, mar shampla, faoisimh a éilimh ar an mbealach ina raibh sé i gceist ag an Oireachtas go n-éileofaí iad, agus seachaint cánach.

Go ginearálta, is é is seachaint cánach ann ná tabhairt faoi idirbheart óna bhfaightear buntáiste cánach de chineál éigin (m.sh laghdú, seachaint nó iarchur cánach nó dleachta, nó aisíoc nó aisíoc méadaithe de cháin nó dleacht) agus nár tugadh faoi go príomha chun críche neamhchánach éigin. Ní seachaint cánach atá in idirbhearta bréige (m.sh. i gcás go n-éilíonn cáiníocóir go bhfuarthas iasacht nó go ndearnadh infheistíocht nuair nach ndearnadh a leithéid) agus ní bhaineann an chaibidil seo leis na cásanna sin.

I gcás go dtugtar faoi idirbheart d'fhonn brabúis a réadú i gcúrsa gnó agus i gcás gurb é an príomhchúis, nó gurb é ceann de na príomhchúiseanna, an idirbhearta gan bhuntáiste cánach a fháil, níor bhreathnófar ar an idirbheart go ginearálta mar sheachaint cánach.

Chomh maith leis sin, ní bhreathnófar go ginearálta ar idirbheart a dhéantar d'fhonn tairbhe faoisimh, liúntais nó díolúine a fháil, a fhoráiltear i reachtaíocht, mar sheachaint cánach mura mbíonn mí-úsáid ná drochúsáid, agus aird chuí ar an gcúis a bhí i gceist leis an bhfaoiseamh, liúntas nó díolúine.

8.1.2 Gnóthaí cánacha agus dleachtanna a rialtú i gcás gur tharla Seachaint Cánach

Spreagann na Coimisinéirí loncaim cáiníocóirí chun a ngnóthaí cánacha agus dleachta a athbhreithniú go rialta agus chun aon mhírialtachtaí a mheas agus a thuairisciú do na Coimisinéirí loncaim. Spreagann na Coimisinéirí loncaim an cur chuige céanna le seachaint cánach. D'fhéadfadh luathnochtadh na seachanta cánach sin airgead a shábháil don cháiníocóir.

Mar aon leis na modhanna a leagtar amach i gCaibidil 3 den Chód Cleachtais seo, féadfaidh cáiníocóir a g(h)gnóthaí cánacha a rialtú trí 'nochtadh seachanta cáilitheach' a dhéanamh ar Fhoirm QAD1. Ní féidir 'nochtadh seachanta cáilitheach' a dhéanamh ach i ndáil le hidirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Is féidir 'nochtadh seachanta cáilitheach' a dhéanamh ag aon am roimh éisteacht achomharc an cháiníocóra ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach d'ainneoin ar cuireadh tús le haon Idirghabháil Comhlíonta na gCoimisinéirí loncaim nó nár cuireadh.

D'fhéadfaí a áireamh le buntáistí 'nochtadh seachanta cáilitheach':

- laghdú féideartha ar an 'bhformhuirear um sheachaint cánach' iníoctha ó 30% chomh híseal le náid agus
- ní fhoilseofar ainm ná sonraí socraíochta an cháiníocóra ar liosta na mainnitheoirí cánacha (alt 8.10).

Cinnfear leibhéal an ‘fhorghuirir um sheachaint cánach’ a bheith le híoc mar gheall ar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh trí roinnt tosca lena n-áirítear:

- cén uair a rinneadh an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’,
- cé chomh fada ar aghaidh is atá Idirghabháil Comhlíonta na gCoimisinéirí,
- ar thuairiscigh nó nár thuairiscigh an cáiníocóir fógra cosanta bailí, agus
- ar tharla na nithe seo mar gheall ar an idirbheart:
 - dualgas tuairiscithe faoin réimeas nochta éigeantach, agus
 - an gcuidíonn an cáiníocóir leis na Coimisinéirí loncaim chun tionscnóir nó margóir a aithint agus dul sa tóir orthu faoin réimeas nochtheadh éigeantach.

Má bhíonn pionós cáinghiaráilte ann mar gheall ar idirbheart, níl feidhm ag forálacha ‘fhorghuirir um sheachaint cánach’.

8.2 Riail Ghinearálta Frithsheachanta

Forálacha ginearálta frithsheachanta iad Alt 811 agus 811C den ACC 1997. Tá sé i gceist go sáródh na forálacha seo tionchair na n-idirbheart nach bhfuil réadúlacht tráchtála ar bith nó nach bhfuil ach réadúlacht tráchtála beag acu a shárú, ach tá sé i gceist go laghdódh, go seachnódh nó go n-iarchuirfeadh siad táille chánach nó dleachta nó go gcruthódh siad go saorga nó go méadódh siad laghdú cánach nó aisíoc dleachta.

8.2.1 Idirbhearta a tosaíodh ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014

I gcomhair idirbhearta a tosaíodh ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014, folaíonn an riail frithsheachanta ghinearálta, atá in Alt 811 den ACC, 1997, gur féidir leis na Coimisinéirí loncaim (nó oifigeach ainmnithe) tuairim a chruthú gur idirbheart um sheachaint cánach atá in idirbheart agus fógra a thabhairt chuige sin do gach duine a bhfuil tionchar ag an tuairim seo orthu.

8.2.2 Idirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014

D'idirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014, tá an riail frithsheachanta ghinearálta in Alt 811C den ACC, 1997 agus anois is gá don cháiníocóir í a chur san áireamh agus a thuairisceán á réiteach. Folaítear san alt nach bhfuil teidlíocht dlí ag duine d'aon bhuntáiste cánach a eascraíonn as nó trí idirbheart um sheachaint cánach lena mbaineann an t-alt. Is gá go mbeadh aird chuí ag an gcáiníocóir ar an alt seo agus tuairisceán á thíolacadh, éileamh á dhéanamh nó aisíoc á lorg agus níor cheart dóibh tairbhe an bhuntáiste cánach a d'eascair mar thoradh ar an idirbheart um sheachaint cánach a éileamh.

8.2.3 Iarmhairtí idirbhirt ar idirbheart um sheachaint cánach é

I gcás go n-éilíonn duine buntáiste cánach ag eascairt as nó trí idirbheart um sheachaint cánach, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim gach beart réasúnach a ghlacadh chun an buntáiste cánach a aistarraingt nó a dhiúltú.

8.3 Forálacha Sonracha Frithsheachanta

Folaítear i Sceideal 33 den ACC 1997 gur ‘forálacha sonracha frithsheachanta’ iad na hait a liostaítear i dTábla 1 thíos. Níl aon tionchar ag rangú na n-alt seo mar ‘fhorálacha sonracha frithsheachanta’ ar an gcaoi a bhfuil feidhm acu ar cháiníocóirí. Ach, mar a leagtar amach in alt 8.4.2 den Chód Cleachtais seo, i gcás go ndéanann duine iarracht tairbhe a fháil ó aon bhuntáiste cánach a aistarraingítear le ceann de na hait seo,

d'fhéadfadh 'formhuirear um sheachaint cánach' bheith i bhfeidhm. Ní bhaineann an 'formhuirear um sheachaint cánach' i gcás go dtabhaíonn an cáiníocóir, agus iarracht á dhéanamh aige buntáiste cánach a fháil, pionós cáinghiaráilte.

Tábla 1 Liosta forálacha sonracha frithsheachanta	
ACC 1997	Teideal an Rannáin
Alt 381B	Srianadh faoiseamh caillteanais – trádálacha éighníomhacha
Alt 381C	Srianadh faoiseamh caillteanais – frithsheachaint
Alt 546A	Srianta chaillteanais incheadaithe
Alt 590	Gnóthachain inmhuirir a thabhaítear le cuideachta neamhchónaithe a chur i leith rannpháirtithe
Alt 806	Muirear cháin ioncaim nuair a aistrítear sócmhainní thar lear
Alt 807A	Dliteanais neamhaistreoirí
Alt 811B	Cóir chánach iasachtaí ó scéimeanna sochair fostaí
Alt 812	Cánachas ioncaim a mheastar a thagann ó aistrithe ar an gceart le hús a fháil ó urrúis
Alt 813	Cánachas idirbhearta chomhcheangailte le hiasachtaí nó creidmheas
Alt 814	Cánachas ioncaim a mheastar a thagann ó idirbhearta i dteastais thaisce agus taiscí insannta
Alt 815	Cánachas ioncam a mheastar a eascraíonn as díolachán urrús áirithe
Alt 816	Cánachas scaireanna arna eisiúint in ionad díbhinní airgid
Alt 817	Scéimeanna chun dliteanas cánach a sheachaint faoi Sceideal F
Alt 817A	Srian ar fhaoiseamh le haghaidh íocaíochtaí úis
Alt 817B	Cóireáil úis i gcúinsí áirithe
Alt 817C	Srian in-asbhainteacht úis áirithe

8.4 Formhuirear agus Ús um Sheachaint Cánach

8.4.1 Idirbhearta a tosaíodh ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014

Foráiltear in Alt 811A den ACC 1997 go bhfuil 'formhuirear um sheachaint cánach' agus ús iníoctha i gcás go gcinntear gur thug cáiníocóir faoi idirbheart um sheachaint cánach agus go mbaineann Alt 811 den ACC 1997. Baineann an t-alt seo le hidirbhearta a tosaíodh ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Braitheann an ráta 'fhormhuirir um sheachaint cánach' ar cén uair a tharla an t-idirbheart:

Baineann 'formhuirear um sheachaint cánach' 20% i gcás gur tugadh faoi nó gur socraíodh aon chuid den idirbheart ar nó tar éis an 19 Feabhra 2008.

• Baineann 'formhuirear um sheachaint cánach' 10% i gcás:

- gur tugadh faoi nó gur socraíodh aon chuid den idirbheart ar nó tar éis an 2 Feabhra 2006, agus
- nár tugadh faoi nó nár socraíodh aon chuid den idirbheart ar nó tar éis an 19 Feabhra 2008.

8.4.2 Idirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014

Folaítear in alt 811D den ACC, 1997 go bhfuil ‘formhuirear um sheachaint cánach’ iníoctha i gcás go gcinntear gur iontráil cáiníocóir idirbheart um sheachaint cánach agus baineann na Coimisinéirí loncaim feidhm as Alt 811C den ACC 1997. Folaítear ann chomh maith gur féidir le ‘formhuirear um sheachaint cánach’ eascairt i gcás go ndéanann duine iarracht tairbhe a fháil ó aon bhuntáiste cánach a dhícheadaítear le foráil frithsheachanta sonrach. Baineann an t-alt seo le hidirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014.

Is iad príomhghnéithe an ‘fhormhuirir um sheachaint cánach’;

- d’fhéadfadh ‘formhuirear um sheachaint cánach’ suas le 30% bheith i bhfeidhm ach d’fhéadfaí é seo a laghdú i gcás go ndéantar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ laistigh d’achar ama áirithe (féach alt 8.6.3) nó i gcúinsí áirithe nuair a chuirtear fógra cosanta bailí isteach (feic alt 8.5).
- ní eascróidh ‘formhuirear um sheachaint cánach’ i gcás go dtabhaíonn cáiníocóir pionós cáinghiaráilte faoi Alt 1077E(2) den ACC 1997, Alt 116(2) nó (5) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, Alt 134A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 nó Alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltais Caipitiúil 2003. Leagtar amach tuilleadh treorach ar na catagóirí iompair as a n-eascraítear ardú i bpionóis cháinghiaráilte agus an mhodheolaíocht chun pionóis cháinghiaráilte a ríomh in alt 5.6 den Chód Cleachtais seo.
- i gcás nach n-aontaíonn duine le ‘formhuirear um sheachaint cánach’ nó nach n-íocann sé ‘formhuirear um sheachaint cánach’ ar aontaigh an duine leis, is ceist atá ann don chúirt a chinneadh an bhfuil an duine sin faoi dhliteanas ‘formhuirear um sheachaint cánach’. Baineann an anailís ar an gcaoi go bhféadfadh cúirt ábhartha na pionóis a chur i bhfeidhm, leagtha amach in ailt 5.5.3 go 5.5.10 den Chód Cleachtais seo, leis an ‘bhformhuirear um sheachaint cánach’ freisin.

Eascraíonn ús faoin ráta reachtúil faoi na gnáthrialacha féinmheasúnaithe.

Gearrtar ús ag an ráta reachtúil ón dáta a mbeadh an cháin nó an dleacht dlite le híos mura ndearnadh an t-idirbheart seachanta cánach.

8.5 Fógra Cosanta

Féadfaidh an cáiníocóir cosaint a fháil ón ‘bhformhuirear um sheachaint cánach’ agus moill a chur ar thabhuí úis i gcás go n-eascraíonn ganníocaíocht cánach nó dleachta mar gheall ar chur i bhfeidhm na rialach frithsheachanta chomh fada is gur chomhdaigh an cáiníocóir fógra cosanta faoi Alt 811A nó Alt 811D den ACC, 1997.

Déanfaidh fógra cosanta bailí na nithe seo a leanas;

- cosaint a thabhairt in aghaidh ‘formhuirear um sheachaint cánach’ a d’eascródh seachas sin mar thoradh ar dhúshlán rathúil de chuid na gCoimisinéirí loncaim faoi alt 811 nó alt 811C, agus
- tosú le hús a thabhuí a iarchur:
 - i gcás go dtosaítear an t-idirbheart tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014, go dtí go ndéantar cinneadh deiridh go mbaineann an riail ghinearálta frithsheachanta leis agus
 - i gcás go dtosaítear an t-idirbheart tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014, go dtí mí amháin tar éis d’oifigeach na gCoimisinéirí loncaim measúnú a dhéanamh nó a leasú leis an riail ghinearálta frithsheachanta.

D'fhonn a bheith bailí, ní mór fógra seachanta a chomhdú laistigh de 90 lá ó thosú an idirbhirt agus is gá an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh ann:

- sonraí iomlána an idirbhirt lena mbaineann an fógra cosanta, lena n-áirítear aon chuid den idirbheart sin nár tugadh faoi sula seachadtar an fógra cosanta,
- tagairt iomlán d'fhorálacha na nAchtanna a mheasann an cáiníocóir a bheith ábhartha le cóireáil an idirbhirt chun críocha cánach nó dleachta, agus
- sonraí iomlána maidir le cén chaoi, i dtuairim an cháiníocóra, go mbaineann, nó nach mbaineann, gach foráil dá dtagraítear san fhógra cosanta leis an idirbheart.

D'idirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014 is gá na coinníollacha breise seo a shásamh d'fhonn go mbeadh fógra cosanta bailí;

- ní mór go n-áireofaí san fhógra cosanta sonraí iomlána maidir le cén chaoi, i dtuairim an cháiníocóra, nach mbaineann an riail ghinearálta frithsheachanta,
- ní mór don cháiníocóir chomh maith cóipeanna don cháipéisíocht ar fad a bhaineann leis an idirbheart atá faoi réir an fhógra cosanta a sholáthar, agus
- níor chóir gur idirbheart atá sa cheann a thug an cáiníocóir faoi atá in-nochtaithe faoin réimeas nochta éigeantach (i.e. i gcás gur tháinig dualgas ó na hidirbhearta ar thionscnóir nó ar cháiníocóir ó shaintréithe na n-idirbheart chun na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas gur tharla na hidirbhearta). Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll seo i gcás go dteipeann ar thionscnóir nochtheadh a éilítear sa reachtaíocht a dhéanamh ach go ndéanann an cáiníocóir an nochtheadh sin ina dhiaidh sin agus go gcomhoibríonn sé leis na Coimisinéirí loncaim (Féach alt 8.7.3 chun na coinníollacha is gá a chomhlíonadh a fheiceáil.)

Ní bheidh aon éifeacht ag fógra cosanta má eascraíonn an ganníocaíocht cánach ná dleachta de bharr chur i bhfeidhm ceann de na forálacha sonracha frithsheachanta.

8.6 Nochtadh Seachanta Cáilitheach

Nuair a chinntear ar deireadh gur idirbheart um sheachaint cánach atá in idirbheart nó i gcás go gcuireann na Coimisinéirí loncaim foráil um sheachaint cánach i bhfeidhm, d'fhéadfadh cáiníocóir a áitiú gan tuiscint iomlán a bheith acu ar a chineál nó ar an bhfíric go dtiocfadh sé salach ar reachtaíocht frithsheachanta. Tá an fhreagracht ar an gcáiníocóir, áfach, a chinntiú go bhfuil sé/sí iomlán feasach ar an gcuspóir tráchtála agus ar iarmhairtí cánachais a (h)idirbhearta.

Tugtar deis sa réimeas 'nochtadh seachanta cáilitheach' deis do cháiníocóirí a chinneann, tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar an gceist, dúshlán ó na Coimisinéirí loncaim a rinneadh faoi reachtaíocht frithsheachanta a shocrú. D'fhéadfadh 'formhuirear um sheachaint cánach' laghdaithe bheith mar thoradh ar 'nochtadh seachanta cáilitheach'.

Is féidir le cáiníocóir 'nochtadh seachanta cáilitheach' a dhéanamh roimh dúshlán ó na Coimisinéirí loncaim nó sula chuireann na Coimisinéirí loncaim tús le hiniúchadh nó le himscrúdú. D'fhéadfadh formhuirear um sheachaint cánach laghdaithe bheith mar thoradh ar seo.

8.6.1 Tosca a chinneann leibhéal an fhormhuirir um chosaint cánach

Cinnfear leibhéal an 'fhormhuirir um sheachaint cánach' a bheith le híoc mar gheall ar shocrú cánach nó dleachta trí roinnt tosa:

- (i) Ar comhdaíodh nó nár comhdaíodh fógra cosanta bailí (féach alt 8.5)

- (ii) An ndearnadh nó nach ndearnadh ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ (féach sainmhíniú in alt 8.6.2)
- (iii) An chéim ag a bhfuil aon Iníúchadh Cánach nó Imscrúdú Cánach, measúnú agus dlíthíocht tráth a ndearnadh an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ (féach catagóirí nochta in alt 8.6.4)
- (iv) An idirbheart atá ann a thiteann laistigh den réimeas nochta éigeantach agus, más ea, an bhfuil cás ann inar theip ar an tionscnóir an nochtadh a éilítear sa reachtaíocht a dhéanamh ach go ndearna an cáiníocóir an nochtadh ina dhiaidh sin agus gur chomhoibrigh siad leis na Coimisinéirí loncaim (féach alt 8.7.3)

8.6.2 Sainmhíniú ar Nochtadh Seachanta Cáilitheach

Is éard is ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ ann ná nochtadh d’eolas iomlán maidir le, agus sonraí iomlána de, gach ábhar is cionsiocair le dliteanas ar cháin lenar tháinig ‘formhuirear um sheachaint cánach’ chun cinn, **a dhéantar i scríbhinn, a shíníonn an cáiníocóir nó a shínítear thar ceann an cháiníocóra** agus lena ngabhann:

- **dearbhuí**, a mhéid is fearr is eol don duine, agus mar a chreideann an duine go bhfuil gach ní sa nochtadh ceart agus iomlán, agus
- **íocaíocht** de cháin nó dleacht agus ús ar íocaíocht dheireanach den cháin nó dleacht sin.

Ba cheart Foirm QAD1 a úsáid chun ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a chur isteach. Féadtar Foirm QAD2 a chomhlánú agus a thíolacadh leis an bhFoirm QAD1 i gcás gur mian leis an gcáiníocóir méid an ‘fhormhuirir um sheachaint cánach’ a thabhairt le fios a chreideann siad atá infheidhmithe ina gcás.

Nóta Tábhachtach: I gcás go ndéanann cáiníocóir nochtadh agus nach n-íoctar an dliteanas breise (cánach, dleachta agus úis), ní ghlacfaidh na Coimisinéirí loncaim leis an nochtadh mar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ agus athríomhfar méid an ‘fhormhuirir um sheachaint cánach’. Beidh feidhm ag na critéir a leagadh amach in alt 3.7.4 den Chód Cleachtais seo maidir le céard a mheasfar mar íocaíocht chun críocha ‘nochtadh cáilitheach’ i gcás ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ chomh maith.

8.6.3 Formhuirear um Sheachaint Cánach

I gcúinsí áirithe, d’fhéadfadh ‘formhuirear um sheachaint cánach’ laghdaithe bheith mar thoradh ar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’. Is féidir ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh ag aon am roimh éisteacht achomharc an cháiníocóra ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach. Ní mór an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a bheith bainteach le hidirbheart a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014 agus i gcás go n-ardaítear dliteanas cánach nó dleachta mar gheall ar an riail frithsheachanta ghinearálta nó foráil frithsheachanta sonracha.

Laghdaítear ‘formhuirear um sheachaint cánach’ mar thoradh ar ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ arna achoimriú i dTábla 2.

Tábla 2 Formhuirear um Sheachaint Cánach i gcás go ndéantar Nochtadh Seachanta Cáilitheach

Céim an Iniúchta Cánach nó an Imscrúdaithe Cánach nó measúnaithe nó achomhairc	Ní Idirbheart In-nochtaithe ná Nochtadh a Thionscain Cáiníocóir é*	Idirbheart In-Nochtaithe
Níor tosaíodh Iniúchadh Cánach ná Imscrúdú Cánach agus cuirtear an nochtadh isteach laistigh 24 mhí de dheireadh na tréimhse inmhuirir	0%	3%
Níor aistarraing ná níor dhiúltaigh oifigeach na gCoimisinéirí loncaim buntáiste cánach	3%	6%
Aistarraingíodh an buntáiste cánach agus ní chomhdaíonn an cáiníocóir aon achomharc	5%	10%
Chomhdaigh an cáiníocóir achomharc ach níor éist an Coimisiún um Achomhairc Chánach an t-achomharc sin fós	10%	20%

*Féach alt 8.7 le haghaidh cur síos ar 'Idirbheart In-Nochtaithe' agus sainmhíniú ar 'Nochtadh a Thionscain Cáiníocóir'.

Níl aon tionchar ag 'nochtadh seachanta cáilitheach' den chineál seo a dhéanamh ar ús – tá ús reachtúil fós inmhuirir.

8.6.4 Catagóirí an Nochta Seachanta Cáilitheach

Cinntear leibhéal an 'fhorghuirir um sheachaint cánach', i bpáirt, mar gheall ar an tráth a dhéanamh 'nochtadh seachanta cáilitheach' agus an chéim atá sroichte ag Idirghabháil Comhlíonta na gCoimisinéirí loncaim.

Seo a leanas na ceithre chatagóir nochta:

- (i) Níor tosaíodh Iniúchadh Cánach ná Imscrúdú Cánach agus déanta an nochtadh laistigh de thréimhse 24 mhí de dheireadh na tréimhse inmhuirir inar tosaíodh an t-idirbheart.
- (ii) Tosaíodh Iniúchadh Cánach ná Imscrúdú Cánach nó tá deireadh leis an tréimhse 24 mhí tar éis deireadh na tréimhse inmhuirir inar tosaíodh an t-idirbheart ach níor aistarraing ná níor shéan oifigeach sna Coimisinéirí loncaim an buntáiste cánach go fóill.
- (iii) D'aistarraing nó dhiúltaigh oifigeach na gCoimisinéirí loncaim buntáiste cánach ach ní dhearna an cáiníocóir achomharc go fóill.
- (iv) Rinne an cáiníocóir achomharc in aghaidh aistarraing nó diúltú an bhuntáiste cánach ach níor éist an Coimisiún um Achomhairc Chánach leis an t-achomharc sin go fóill.

Léirítear leibhéal an 'fhorghuirir um sheachaint cánach' infheidhmithe le idirbhearta a thiteann laistigh d'ailt (i) go (iv) i dTábla 2.

8.6.5 Idirbhearta a tosaíodh ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014

Bhain réimeas 'nochtadh seachanta cáilitheach' ar leith le hidirbhearta a tosaíodh

ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014. D'fhonn úsáid a bhaint as an 'nochtadh seachanta cáilitheach' seo, is gá do cháiníocóir an nochtadh a dhéanamh ar nó roimh an 30 Meitheamh 2015. Tá sonraí iomlána maidir leis an gcaoi a bhfeidhmítear an cineál seo 'nochtadh seachanta cáilitheach' seo san eBrief 16/2015.

8.7 Nochtadh Éigeantach – Fógra Cosanta agus Nochtadh Seachanta Cáilitheach

Ní mór go dtabharfadh comhairleoirí nó cáiníocóirí faisnéis ar leith do na Coimisinéirí loncaim maidir le hidirbhearta a bhfuil saintréithe áirithe ag baint leis chun feidhm a bhaint as an réimeas nochtadh éigeantach. D'fhéadfadh go mbeadh gá don cháiníocóir deimhniú lena gcomhairleoir an bhfuil idirbheart in-nochtaithe faoin réimeas sin d'fhonn bheith in ann cinneadh a dhéanamh an mbeidh feidhm ag an réimeas seo leo. Más idirbheart in-nochtaithe atá ann, is gá don cháiníocóir uimhir an idirbhirt (nó uimhir thagartha na gCoimisinéirí loncaim) a áireamh ina dtuairisceán. Eisíonn na Coimisinéirí loncaim uimhreacha idirbhirt (nó uimhreacha tagartha na gCoimisinéirí loncaim faoin seanréimeas) chuig tionscnóir tar éis nochtadh éigeantach bailí a chur isteach.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoina bhfuil idirbheart in-nochtaithe nó nach bhfuil agus faoi shonraí dualgais cháiníocóra faoin réimeas Nochtadh Éigeantach, ba cheart go rachadh cáiníocóirí i gcomhairle le "Nótaí Treoracha faoin Réimeas Nochtadh Éigeantach" a foilsíodh in Eanáir 2015 agus atá ar fáil ar www.revenue.ie.

8.7.1 Iarmhairtí breise a bhaineann le rangú idirbhirt mar idirbheart in-nochtaithe

Tá na hiarmhairtí seo a leanas ag idirbheart ar idirbheart in-nochtaithe é mar aon le haon dualgais a eascraíonn faoin réimeas nochtadh éigeantach:

- Ní féidir le cáiníocóir fógra cosanta bailí a chomhdú i gcomhair idirbheart a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014. (féach alt 8.5)
- Cé gur féidir leis an gcáiníocóir 'nochtadh seachanta cáilitheach' a dhéanamh i ndáil leis an idirbheart, baineann ráta 'formhuirir um sheachaint cánach' níos airde ná a bhaineann le hidirbheart nach bhfuil in-nochtaithe. (féach Tábla 2)

8.7.2 Tionchar Nochtadh a Thosaíonn an Cáiníocóir

I gcúinsí teoranta áirithe, caithfear le hidirbheart ar idirbheart in-nochtaithe é amhail nach idirbheart in-nochtaithe é chun críocha reachtaíocht fógra cosanta agus chun críocha 'nochtadh seachanta cáilitheach' faoi Alt 811D den ACC 1997.

Féadfaidh cáiníocóir a thagann laistigh de na cúinsí arna leagan amach in 8.7.3 thíos fógra cosanta a chomhdú gus d'fhéadfadh sé cáiliú don leibhéal níos ísle 'formhuirir um sheachaint cánach' má dhéanann siad 'nochtadh seachanta cáilitheach' (féach Tábla 2).

8.7.3 Coinníollacha i gcomhair Nochtadh a Thionscain Cáiníocóir

D'fhéadfadh 'nochtadh a thionscain cáiníocóir' eascairt má tharlaíonn na ceithre chúinse seo a leanas ar fad sa chás céanna.

- (i) Bhí an t-idirbheart in-nochtaithe ag tionscnóir agus ní ag duine a thug faoin idirbheart. I bhformhór cásanna, beidh dualgas ar an tionscnóir nochtadh éigeantach a dhéanamh. Ach, d'fhéadfadh freagracht bheith ar cháiníocóir as nochtadh éigeantach a dhéanamh i dtosach báire i gcás go bhfuil an tionscnóir suite taobh amuigh den Stát, i gcás nach raibh aon tionscnóir nó i gcás gur éiligh an tionscnóir pribhléid ghairmiúil dlíthiúil.

- (ii) Níl uimhir idirbhirt ag an gcáiníocóir mar nár chloí an tionscnóir nó margóir lena ndualgais éigeantacha nochta nó, i gcás idirbhearta a nochtadh ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014, nár sannadh aon uimhir idirbhirt.
- (iii) Cuireann an cáiníocóir, agus an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ nó fógra cosanta á dhéanamh aige/aici, foirm nochta éigeantach (Foirm MD7) chomhlánaithe chuig na Coimisinéirí loncaim roimh an spriocdháta do chomhdú tuairisceáin maidir leis an tréimhse inmhuirir ar tugadh faoin idirbheart.
- (iv) Tugann an cáiníocóir, agus an ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ nó fógra cosanta á dhéanamh aige/aici, an fhaisnéis ar fad a theastódh go réasúnach ó oifigeach na gCoimisinéirí loncaim chun cinneadh a dhéanamh an bhféadfaí iarratas a dhéanamh le cúirt ábhartha chun pionós a chinneadh don tionscnóir nó margóir as teipeadh le cloí lena ndualgais faoin réimeas nochta éigeantach.

8.8 Nochtadh Seachanta Cáilitheach agus Féincheartú gan Phionós

Folaítear in Alt 3.2 den Chód Cleachtais seo go ndéanfaidh an cáiníocóir féincheartú ar thuairisceán gan aon phionós ag eascairt as.

Féadfaidh cáiníocóir ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh (ar Fhoirm QAD1) ar féidir leis ‘formhuirear um sheachaint cánach’ a laghdú go neamhní fad is nár tosaíodh Iníúchadh Cánach ná Imscrúdú Cánach agus laistigh de 24 mhí ó dheireadh na tréimhse inmhuirir inar tosaíodh an t-idirbheart. Anuas air sin, is gá gur idirbheart a bheadh ann nach bhfuil faoi réir riachtanas nochta éigeantach.

D’fhéadfadh amhras a bheith ar cháiníocóir, agus Foirm QAD1 á réiteach acu i ndáil le hidirbheart seachanta cánach, an eascródh pionós cáinghiaráilte seachas ‘formhuirear um sheachaint cánach’ ina gcás. Ní féidir ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ a dhéanamh i gcás go n-eascraíonn pionós cáinghiaráilte.

Féadfaidh cáiníocóir tairbhí a bhaint go fóill as féincheartú gan phionós má chuirtear Foirm QAD1 isteach agus go gcinntear níos déanaí nach ndearnadh ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ mar gur tabhaíodh pionós cáinghiaráilte seach ‘formhuirear um sheachaint cánach’. Chaithfí leis an nochtadh ar Fhoirm QAD1 mar fhéincheartú gan phionós, má shásaíonn an nochtadh chomh maith na critéir ar fad i gcomhair féincheartú gan phionós arna leagan amach in alt 3.2 sa Chód Cleachtais seo. I gcás mar sin, ní bheidh feidhm ag an bhformhuirear um sheachaint cánach go fóill.

8.9 Coigeartú Teicniúil

Folaítear in alt 3.4 den Chód Cleachtais seo, i gcás go dtagann coigeartú teicniúil le dliteanas cánach nó dleachta chun cinn, ní bheidh an cáiníocóir faoi dhliteanas pionóis. Mar achoimre, folaítear in alt 3.4 gur gá go mbeadh na Coimisinéirí loncaim sásta gur ghlac an cáiníocóir cúram cuí, go raibh an cóireáil lena mbaineann bunaithe ar léirmhíniú mícheart ar an dlí nó cleachtas agus nár bhain sé le hiompar de bhun tola.

I gcás a bhfuil seachaint cánach mar cheann d’aidhmeanna idirbhirt, ní bheidh castacht an idirbhirt as féin leordhóthanach chun ‘coigeartú teicniúil’ a dhéanamh. I gcás mar sin, d’fhéadfadh an cáiníocóir fós bheith faoi réir pionós cáinghiaráilte d’ainneoin leibhéal castachta na saincheiste teicniúla nó an idirbhirt ar tugadh faoi má mheastar go raibh an cáiníocóir páirteach in iompar míchúramach nó iompar d’aon turas.

8.10 Nochtadh Seachanta Cáilitheach – Gan Fhoilsiú

Ní fhoilseofar socraíocht chánach cáiníocóir a thabhaíonn ‘formhuirear um sheachaint cánach’ agus/nó a dhéanann ‘nochtadh seachanta cáilitheach’ ar liosta na mainnitheoirí

cánacha de réir Alt 1086 den ACC, 1997. Feic alt 6.2 den Chód Cleachtais seo chun eisiaimh reachtúla eile ó na forálacha foilsithe a fheiceáil.

8.11 Léiriú Amhrais

Féadfaidh cáiníocóir a bhfuil amhras dáiríre air maidir leis an gcaoi a gcaitear le cánachas ar ábhar áirithe léiriú amhrais a chur isteach nuair a thíolacann siad a dtuairisceán.

D'fhonn léiriú amhrais bailí a dhéanamh, is gá don cháiníocóir cloí le roinnt coinníollacha arna leagan amach sa reachtaíocht ábhartha do gach ceannteideal cánach.

D'ainneoin an cheannteidil chánach, ní bheidh léiriú amhrais bailí má bhíonn oifigeach na gCoimisinéirí Ioncaim den tuairim go raibh an cáiníocóir ag gníomhú chun an cháin a imghabháil nó a sheachaint.

Ní bheith aon tionchar ag cur isteach léiriú amhrais ar cibé an mbaineann 'formhuirear um sheachaint cánach' nó nach mbaineann.

8.12 Formhuirear ar Thuairisceáin a Chomhdú go Deireanach

Dlífear formhuirear um chomhdú déanach ar cháiníocóirí, faoi fhoráil d'Alt 1084 den ACC 1997, maidir le tuairisceán déanach a chomhdú. Cuirfead an formhuirear seo infheidhme i gcónaí le socraíocht iniúchta nó idirghabhála i gcás nár tíolacadh tuairisceán cháin ioncaim, cháin ghnóthachan caipitiúil, cháin chorparáide, cháin fáltas caipitiúil (Alt 53A den Acht Cánach Fáltas Caipitiúil 2003) ar, nó roimh, an dáta tuairiscithe sonraithe. Foráiltear le hAlt 14A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 formhuirear a chur leis an dleacht stampa iníoctha i leith ionstraime sa chás go mainníonn duine cuntasach tuairisceán dleachta stampa a sheachadadh ar an dáta sonraithe tuairisceáin nó roimhe sin.

Foráiltear le hAcht 1084 ACC 1997 freisin gurb chomhdú dhéanach é nuair atá tuairisceáin mícheart chomhdaithe roimh an dáta dlite tuairiscithe sonraithe, cé acu go ndearna go bhun tola nó go neamhchúramach é. Tá foráil cosúil leis in Alt 14A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999. Ní lorgófar an formhuirear as comhdú déanach áfach, i gcás gur comhdaíodh an tuairisceán ar, nó roimh, an dáta dlite tuairiscithe sonraithe agus i gcás gur cuireadh 'pionós cáinghiarálte' nó 'formhuirear um sheachaint cánach' i bhfeidhm le socraíocht.

8.13 Formhuirir agus Ús um Sheachaint Cánach

Leagtar amach sa tábla thíos an 'formhuirear um sheachaint cánach' agus ús atá dlite i ndáil le cineálacha éagsúla 'nochtadh seachadta cáilitheach', i gcás gur comhdaíodh fógra cosanta agus do gach cás eile.

Tábla 3 Idirbhearta a tosaíodh tar éis an 23 Deireadh Fómhair 2014				
		Ús	Formhuirear um Sheachaint Cánach	
			Ní Idirbheart In-nochtaithe ná Nochtadh a Thionscain Cáiníocóir é**	Idirbheart In-Nochtaithe
Fógra Cosanta				
Fógra cosanta tíolactha	Measúnú déantar leis an riail ghinearálta frithsheachanta	Ús Reachtúil ón measúnú*	0%	30% (mar go mbeadh FC neamhbhailí)
	Measúnú déanta le foráil um sheachaint cánach ar leith	Ús Reachtúil	30%	30%
Catagóir um Nochtadh Seachanta Cáilitheach				
Níor tosaíodh Iniúchadh Cánach ná Imscrúdú Cánach agus cuirtear an nochtadh isteach laistigh 24 mhí de dheireadh na tréimhse inmhuirir		Ús Reachtúil	0%	3%
Níor aistarraing ná níor dhiúltaigh oifigeach na gCoimisinéirí loncaim buntáiste cánach		Ús Reachtúil	3%	6%
Aistarraingíodh an buntáiste cánach agus ní chomhdaíonn an cáiníocóir aon achomharc		Ús Reachtúil	5%	10%
Chomhdaigh an cáiníocóir achomharc ach níor éist an Coimisiún um Achomhairc Chánach an t-achomharc sin fós		Ús Reachtúil	10%	20%
Cásanna Eile				
Gach cás eile		Ús Reachtúil	30%	30%

*Tosóidh ús ag fabhrú 30 lá tar éis d'oifigeach na gCoimisinéirí loncaim measúnú a dhéanamh nó a leasú.

**Féach alt 8.7 le haghaidh cur síos ar 'idirbheart in-nochtaithe' agus sainmhíniú ar 'Nochtadh a Thionscain Cáiníocóir'.

Tábla 4 Idirbhearta a tosaíodh ar nó roimh an 23 Deireadh Fómhair 2014			
	Ús	Formhuirear um Sheachaint Cánach	
		Ní Idirbheart In-Nochtaithe é	Idirbheart In-Nochtaithe
Fógra Cosanta			
Fógra cosanta tíolactha	Níl aon ús	0%	0%
Nochtadh Seachanta Cáilitheach			
Nochtadh seachanta cáilitheach a rinneadh ar nó roimh an 30 Meitheamh 2015	Ús Reachtúil (laghdú 20%)	0%	0%
Cásanna Eile			
Idirbheart / Buntáiste Cánach ar nó tar éis an Déardaoin 19 Feabhra 2008	Ús Reachtúil	20%	20%
Idirbheart / Buntáiste Cánach ar nó tar éis an Déardaoin 2 Feabhra 2006	Ús Reachtúil	10%	10%

Aguisíní san áireamh:

- I** Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí
- II** Amlínte agus Deiseanna Nochta
- III** Tagairtí do Reachtaíocht Pionóis
- IV** Tábla Pionóis 2 – mainneachtana roimh an 24/12/2008
- V** Cuntais Chearta a Choimeád
- VI** Cumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim
- VII** Pionóis i gCásanna Báis

Aguisín I – Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí

CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ

Bailíonn na Coimisinéirí loncaim cánacha agus dleachtanna chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil ar mhaithe le gach saoránach.

Cosnaímid an pobal trínár Seirbhís Custam a oibríonn ar rialú teorann.

Chun gur féidir linn na dlíthe cánach agus custam a riaradh go héifeachtach cothrom, is gá go n-aithneoidh na Coimisinéirí agus Saoránaigh cearta agus freagrachtaí bunúsacha áirithe.

Chuige sin leagtar amach sa Chairt Chustaiméirí seo céard leis a bhfuil gach taobh ag súil.

Seasmhacht, Cothromas agus Rúndacht

- Riarfaidh na Coimisinéirí loncaim an dlí go cothrom, go réasúnta agus go seasta agus lorgóidh siad gan níos mó ná an méid ceart de cháin nó dleacht a bhailiú
- Déileálfaidh na Coimisinéirí loncaim faoi rún leis an eolas a thugann tú dúinn agus cinnteoidh nach ndéanfar é a úsáid ná a nochtadh ach amháin mar a fhoráiltear leis an dlí.

Cúirtéis agus Tuiscint

Féadfaidh tusa a bheith ag súil leis an méid seo uainne:

- Go bpléifí leat go cúirtéiseach, ar bhealach tuisceanach agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach i do chuid déileálacha leis na Coimisinéirí loncaim.

Féadfaidh muidne a bheith ag súil leis an méid seo:

- Go bpléifí le hOifigigh na gCoimisinéirí loncaim ar bhealach cúirtéiseach agus comhoibriú réasúnta tugtha dóibh ar fad.

Eolas agus Cúnamh

Féadfaidh tusa a bheith ag súil leis an méid seo uainne:

- An t-eolas riachtanach agus gach cúnamh réasúnta a fháil chun tú a chur ar do chumas do chuid oibleagáidí cánacha agus custaim a bhaint amach agus do chuid teidlíochtaí agus creidmheasanna a éileamh

Féadfaidh muidne a bheith ag súil leis an méid seo uaitse:

- Eolas fíor agus ceart a chur ar fáil dúinn i ngach teagmháil leis na Coimisinéirí loncaim agus comhairle a chur ar na Coimisinéirí loncaim go tráthúil faoi fhorbairtí (cosúil le hathrú seoladh, tús nó críoch gnó) a bhaineann le do ghnóthaí cánacha agus custaim.

Glacadh le hlonracas

Féadfaidh tusa a bheith ag súil leis an méid seo uainne:

- Go bpléifí leat mar dhuine macánta leis na Coimisinéirí loncaim mura bhfuil cúis shoiléir a mhalairt a chreidiúint agus faoi réir fhreagracht na gCoimisinéirí loncaim comhlíonadh le dlí cánach agus custaim a chinntiú.

Féadfaidh muidne a bheith ag súil leis an méid seo uaitse:

- Go bpléifeá leis na Coimisinéirí loncaim ar bhealach macánta tríd an cáin

agus an dleacht atá dlite a íoc agus gan a lorg ach na teidlíochtaí agus creidmheasanna sin atá dlite.

Costais Chomhlíontachta

Féadfaidh tusa bheith ag súil leis an méid seo uainne:

go riarfar na córais chánach agus dleachta ar bhealach a laghdóidh costais chomhlíontachta oiread agus is féidir.

Féadfaidh muidne a bheith ag súil leis an méid seo uaitse:

go gcoimeádfaidh tú taifid agus cuntais chearta agus go gcinnteoidh tú go bhfuil do Thuairisceáin agus Dearbhuithe comhlánaithe ina n-iomláine go cruinn agus go tráthúil.

Gearáin, Athbhreithniú agus Achomharc

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha ann maidir le gearáin agus achomhairc ar féidir lenár gcustaiméirí uile leas a bhaint astu. Molaimid duit leas a bhaint astu má tá tú míshásta ar chúis ar bith leis an tseirbhís a fhaigheann tú uainn.

Féadfaidh tusa bheith ag súil leis an méid seo uainne:

Má dhéanann tú gearán, go ndéileálfaidh na Coimisinéirí leis go pras, neamhchlaonta agus faoi rún

- Má bhaintear leas as nósanna imeachta na gCoimisinéirí loncaim um ghearáin, nach dtiocfar salach riamh ar do chearta chun ceisteanna a ardú leis an Ombudsman nó achomharc a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach taobh istigh de na teorainneacha ama reachtúla i gcoinne measúnuithe na gCoimisinéirí loncaim nó i gcoinne cinntí déanta ag oifigigh de chuid na gCoimisinéirí loncaim.

Tá sonraí iomlána, lena n-áirítear pointí teagmhála, ar fáil i **Bileog Eolais na gCoimisinéirí loncaim um Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin – CS4** atá ar fáil ar ár suíomh idirlín (www.revenue.ie) agus in aon oifig chánach phoiblí, ónár Rannóg Foirmeacha agus Bileoga, uimhir Íosghlao 01 738 67 3675.

Aguisín II – Amlínte agus Deiseanna Nochta

Mír	Am
Fógra faoi Iniúchadh Cánach	21 lá go ginearálta
Fógra faoi Imscrúdú Cánach	Tugtar fógra go ginearálta, ach tá cásanna ann ina bhfuil Imscrúduithe Cánacha leanúnacha gan fógra foirmiúil chuig an cáiníocóir
Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha	Ar fáil sula dtugtar fógra don cháiníocóir faoi Iniúchadh Cánach nó roimh thús Imscrúdaithe Chánach
Nochtadh Cáilitheach Spreagtha	Ar fáil tar éis do na Coimisinéirí loncaim fógra iniúchta a eisiúint ach roimh thús ar scrúdú ar na leabhair agus na cuntais
Fógra Rúin Scríofa chun nochtheadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh agus 60 lá a lorg chun é a ullmhú	Ní mór an fógra rúin i scríbhinn a thabhairt mar aon le hiarratas chun an tréimhse breise a cheadú chun nochtheadh neamhspreagtha a dhéanamh
Fógra Rúin Scríofa chun nochtheadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh agus 60 lá a lorg chun é a ullmhú	Ní mór Fógra Rúin a chur isteach laistigh de 14 lá den Fógra um Iniúchadh Cánach
Iniúchadh a shíneadh ag na Coimisinéirí loncaim	Tabharfar 21 lá sa bhreis go ginearálta chun nochtheadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh
*Féin-cheartú do Cháin loncaim' le haghaidh Cáin loncaim (IT), Cáin Chorpáraide (CC), Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGC) Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) agus Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)	Laistigh de 12 mhí den dáta dlite chun tuairisceán ábhartha a chomhdú
*Féincheartú gan Phionós le haghaidh CBL	Roimh an dáta dlite do thuairisceán um Cháin loncaim nó CC a chomhdú don tréimhse inmhuirir laistigh de dheireadh an tréimhse CBL ábhartha
*Féincheartú gan Phionós le haghaidh ÍMAT(Cáin loncaim/ÁSPC/MSU)	‘Féincheartú gan Phionós’ le haghaidh tuairisceán bliantúil ÍMAT/ÁSPC/MSU Fostóra – Taobh istigh de 12 mhí ón dáta dlite leis an tuairisceán bliantúil a thíolacadh (i ndáil le 2018 agus blianta roimhe) agus ‘Féincheartú gan Phionós’ i leith tuairisceáin mhíosúla ÍMAT Fostóra (Cáin loncaim/ÁSPC/MSU) in 2019- Roimh dháta dlite an tuairisceáin bhliantúil IT/CC a thíolacadh taobh istigh den tréimhse chuí ÍMAT. (Tabhair do d’aire: Tá cioradh breise le déanamh ar an achar ama d’fhéincheartú gan phionós i gcás tuairisceán míosúil tar éis 2019).
*Féincheartú gan ús ná fógra a thabhairt do na Coimisinéirí loncaim	Maidir le hÍocóirí CBL démhíósachán/ráitheachán/leathbhliantúla, má tá an ghearríocaíocht CBL don tréimhse le ceartú níos lú ná €6,000, is féidir an méid cánach a chur san áireamh mar choigeartú ar an tuairisceán CBL le cur isteach don tréimhse démhíósachán/ráitheachán/leathbhliantúla i ndiaidh na hearráide.
*níl sé infheidhmithe tar éis do na Coimisinéirí loncaim an cáiníocóir a chur in iúl faoi Idirghabháil Comhlíonta na gCoimisinéirí loncaim (Iniúchadh Cánach, Imscrúdú Cánach, Ceist Aghaidhe nó Agallamh Próifíle) nó i gcás gur cuireadh tús le hImscrúdú Cánach	

Nochtaí

Fógra idirghabhála	Nochtadh a d’fhéadfadh a bheith ar fáil
Seiceálacha Árachais	Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha
Iarratais threoíchte agus Agallamh Próifíle	Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha
Iniúchadh	Nochtadh Cáilitheach Spreagtha
Imscrúdú	Níl buntáistí nochtheadh cáilitheach ar fáil

Nochtadh Seachanta Cáilitheach

Is féidir 'nochtadh seachanta cáilitheach' a dhéanamh ag aon am roimh éisteacht achomharc an cháiníocóra ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach d'ainneoin ar cuireadh nó nár cuireadh tús le haon Idirghabháil Comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim nó nár cuireadh. Méadóidh ráta an fhormhuirir um sheachaint cánach, áfach, de réir mar a théann Idirghabháil Comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim ar aghaidh. Féach Caibidil 8 den Chód Chleachtais seo chun tuilleadh sonraí a fháil.

Aguisín III – Reachtaíocht i leith Pionóis

Bíonn iniúcháirí ó na Coimisinéirí Ioncaim in amhras go príomha faoi phionóis sibhialta a thagann chun cinn faoin reachtaíocht seo a leanas:

Reachtaíocht – Mainneachtana cánacha a tharla ar nó i ndiaidh 24/12/2008

- Alt 1077E ACC 1997 – Cáin Ioncaim/Fostóirí ÍMAT/Cáin Ghnóthachan Caipitiúil/Cáin Chorporáide/Tobhach Ioncaim/Dleachtanna Máil/Cáin Mhaoine Áitiúil
- Alt 1054 ACC 1997 – Pionóis i gcás rúnaí ar chomhlacht daoine
- Alt 115 (Pionóis go ginearálta) agus Alt 116 VATCA 2010 – Cáin Bhreisluacha
- Alt 530F (2)(b) ACC 1997 – Conarthaí Cánach Iomchuí (dualgas ar phríomhchonraitheoirí le cáin a asbhaint)
- Alt 987 den ACC 1997 – ÍMAT agus Cáin Mhaoine Áitiúil, rialúcháin a shárú
- Alt 886 den ACC 1997 – Dualgas chun taifid áirithe a choinneáil
- Alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltais Caipitiúil 2003
- Ailt 8(4A), 8A, 8B agus 134A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 Dleachtanna Stampa – Pionóis
- Alt 1052 den ACC 1997 – Teip ar thuairisceáin áirithe a dhéanamh, srl
- Alt 40 den Acht Custaim 2015 – Pionóis Riarachán as Achtanna Custam a shárú (le héifeacht ó 31/12/06)
- Alt 54 den Acht Airgeadais 2011 – Pionóis Custam Riaracháin (le héifeacht go 30/4/16)
- Ailt 145, 146 agus 147 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú)

Reachtaíocht – Mainneachtana cánacha a tharla roimh an 24/12/2008

- Alt 1053 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 – IT/CC/PREM/Cáin Ghnóthachan Caipitiúil
- Alt 1054 ACC 1997 – Pionóis i gcás rúnaí ar chomhlacht daoine
- Alt 115 VATCA 2010 agus Alt 27 den Acht CBL 1972 – Cáin Bhreisluacha
- Alt 987 (Pionós as sárú rialachán) agus Alt 1053 den ACC 1997 – ÍMAT
- Alt 886 den ACC 1997 – Dualgas chun taifid áirithe a choinneáil
- Alt 58 den Acht CFC 2003 – Cáin Fáltas Caipitiúil
- Alt 8 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 – Dleachtanna Stampála

Reachtaíocht – Mainneachtana cánacha nár comhaontaíodh nó nár íocadh pionós

Déanfaidh cúirt chuí cinneadh maidir le dliteanas ar phionós:

- Alt 1077A, Alt 1077B agus Alt 1077C, den ACC 1997

Baineann nósanna imeachta um Fhógra Tuairime agus Iarratas Cúirte.

Reachtaíocht – Mainneachtana Cánach ina bhfuil amhras faoi throm-idirghabháil cánach

Más rud é go bhfuil amhras faoi throm-idirghabháil cánach, measfar imeachtaí coiriúla faoi na hailt seo a leanas:

- Alt 1078 den ACC 1997 – cionta na gCoimisinéirí Ioncaim
- Alt 531 den ACC 1997 – Cáin Chonarthaí Iomchuí, Íocaíochtaí le fochonraitheoirí
- Alt 1056 den ACC 1997 – Pionós do ráiteas bréagach a rinneadh chun liúntas a fháil.

Pléitear le tuairisceán cánach a ullmhaíodh agus a cuireadh isteach thar ceann cáiníocóir ó dhuine ag gníomhú thar a c(h)eann i ngach cás faoi mar a dhéanfaidh an cáiníocóir é. Ní féidir freagracht reachtúil an cháiníocóra maidir le tuairisceán ceart a chomhlánú agus a chomhdú a chineadh chuig a g(h)níomhaire.

Reachtaíocht – Saincheistean na um Phionós Seasta

- Alt 1055 ACC 1997 – duine a chuidíonn nó a mheallann déanamh tuairisceán mícheart chun críocha cáin ioncaim nó cáin chorparáide
- Alt 115 (1) VATCA 2010 – dualgas chun taifid iomlána agus fíora CBL a choimeád
- Alt 988 den ACC, 1997 – riachtanas chun clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim mar fhostóir
- Alt 988A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 – riachtanas chun Clár Fostaithe a choinneáil agus a chothabháil
- Rialachán 17 de na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) 2018 – riachtanas chun sonraí a sheoladh agus a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim nuair a thosaíonn nó nuair a scoireann fostaí fostaíocht.
- Alt 530F (2)(b) ACC 1997 – dualgas ar Phríomhchonraitheoirí le cáin a asbhaint – pionós as gan CCI a fheidhmiú de réir alt 530F (1)
- Alt 900 ACC 1997 – diúltaíonn nó teipeann ar dhuine cloí le fógra a éilíonn ar an duine leabhair agus taifid a chur ar fáil srl.
- Alt 40 den Acht Custaim 2015 – Pionóis Riarachán as Achtanna Custam a shárú
- Alt 54 den Acht Airgeadais 2011 – sárúithe ar Chód Custaim AE agus a Fhorálacha forfheidhmithe

Reachtaíocht – Formhuirear um Sheachaint Cánach

- Alt 811D den ACC 1997
I gcás nach n-aontaítear ‘formhuirear um sheachaint cánach’ ná nach n-íoctar ‘formhuirear um sheachaint cánach’, déanfaidh cúirt chuí cinneadh maidir le dliteanas ‘formhuirear um sheachaint cánach’. Cé nach pionós atá san fformhuirear atá curtha i bhfeidhm ag Alt 811D den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997, bailítear mar phionós é.
Féach Caibidil 8 chomh maith – Seachaint Cánach.

Aguisín IV – Tábla Pionós le haghaidh Mainneachtana Cánacha a tharla roimh 24/12/2008

Ríomhtar pionóis mhaolaithe as mainneachtana ag eascairt roimh an 24/12/2008 mar a leagtar amach thíos.

Tagraíonn Tábla Pionóis 2 do mhainneachtana a tharla roimh an **24/12/2008** más rud é go ndéanann an cáiníocóir nochtadh cáilitheach agus le mainneachtana i gcás ndéantar nochtadh cáilitheach chomh maith.

Eascraíonn dliteanas le pionós cáinghiaráilte ar an ‘difríocht’ idir méid na cánach a bheadh iníoctha dá ríomhfaí an cháin de réir an tuairisceáin mhícheart nó bhréagach agus méid na cánach a bheadh iníoctha dá ríomhfaí é de réir an tuairisceáin fíor agus ceart

Féach an nóta maidir leis an ‘difríocht’ a ríomh i gcomhair CBL srl. ag alt 5.5.1 thuas.

TÁBLA PIONÓIS 2	CATAGÓIR NA MAINNEACHTANA	NOCHTADH CÁILITHEACH Cód Cleachtais maidir le hlniúchadh Cánach (2010) – Pionós Maolaithe	
Gach mainneachtain ina bhfuil nochtadh cáilitheach	Tábla pionóis do mhainneachtana a tharla roimh an 24/12/2008	Nochtadh cáilitheach spreagtha agus comhoibriú iomlán	Nochtadh cáilitheach neamhspreagtha agus comhoibriú iomlán
Gach nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo	<i>Cúram neamhleor</i> ⁴	10%	3%
An chéad nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	<i>Oll-mhíchúram</i> ⁵	20%	5%
	<i>Mainneachtain de bhun tola</i> ⁶	50%	10%
An dara nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo	<i>Oll-mhíchúram</i>	30%	20%
	<i>Mainneachtain de bhun tola</i>	75%	55%
An tríú nochtadh cáilitheach nó nochtuithe dá éis sin sna catagóirí seo	<i>Oll-mhíchúram</i>	40%	40%
	<i>Mainneachtain de bhun tola</i>	100%	100%
GAN NOCHTADH CÁILITHEACH A BHEITH DÉANTA	CATAGÓIR NA MAINNEACHTANA	GAN COMHOIBRIÚ	COMHOIBRIÚ IOMLÁN
Gach mainneachtain i gcás nach bhfuil nochtadh cáilitheach	<i>Cúram neamhleor</i>	20%	15%
	<i>Oll-mhíchúram</i>	40%	30%
	<i>Mainneachtain de bhun tola</i>	100%	75%

⁴ I reachtaíocht chánach, is é an téarma a úsáidtear ná ‘go calaoiseach nó go faillíoch’; úsáidtear catagóir an Chóid Chleachtais ‘Cúram Neamhleor’ chun cur síos a dhéanamh ar mhionmhainneachtana i gcás go maolaítear an pionós 100% mar a leagtar amach.

⁵ I reachtaíocht chánach, is é an téarma a úsáidtear go ‘calaoiseach’ nó go ‘faillíoch’, úsáidtear catagóir an Chóid Chleachtais ‘Ollmhíchúram’ chun cur síos a dhéanamh ar mhainneachtana níos tromchúisí i gcás go maolaítear an pionós 100% mar a leagtar amach.

⁶ I reachtaíocht chánach, is é an téarma a úsáidtear ná ‘go calaoiseach nó go faillíoch’; úsáidtear catagóir an Chóid Chleachtais ‘Mainneachtain de bhun tola’ chun cur síos a dhéanamh ar mhainneachtana de bhun tola i gcás go maolaítear an pionós 100% mar a leagtar amach.

Aguisín V – Reachtaíocht a rialaíonn cuntais a choimeád

Tabhair do d'aire: Níl an liosta thíos uileghabhálach.

Leagtar amach na hoibleagáidí a ghearrtar ar cháiníocóirí cuntais chearta a choimeád in alt 886 'Dualgas chun cuntais áirithe a choimeád' agus alt 886A 'Coinneáil agus iniúchadh taifead i ndáil le héilimh ag daoine aonair' den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Alt 887 den ACC 1997 – coinnítear taifid trí phróiseas sonraí leictreonach a úsáid

Sonraítear in Alt 912 den ACC, 1997 go bhfuil na dualgais i ndáil le taifid a choinneáil chomh hinfheidhme céanna don trealamh sonraí mar aon le haon bhogearraí, sonraí, fearas nó ábhar

Maidir le CBL: Na Rialacháin Cánach Breisluacha 2010 [Féach go háirithe Rialachán 27 – Cuntais]

Alt 84 (1) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010 – an dualgas chun taifid iomlána agus fíora a choinneáil

Alt 108 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010 – 'Iniúchadh agus baint taifead'

MOSS – Sonraítear i reachtaíocht Mhion-Ionad Ilfhreastail an AE na riachtanais chun taifid CBL a choinneáil do MOSS agus liostaítear na riachtanais seo ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Maidir le CFC: Alt 45A den Acht Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 – 'Dualgas chun taifid áirithe a choinneáil'

Maidir le Dleacht Stampa: Alt 128 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 [Rollaí, leabhair, etc. le bheith oscailte le hiniúchadh] agus Alt 128A [Dualgas chun taifid a choinneáil]

Alt 8(2) (c) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999

Maidir le Custam: leagtar síos an oibleagáid chun cuntais a choimeád in Airteagal 51 de Chód Custaim an Aontais, in Airteagal 14 agus in Airteagal 16 de Chód Custaim an Chomhphobail [Rialachán ón gComhairle (CEE) Uimh. 2913/92]

Maidir le Mál: leagtar síos an oibleagáid chun cuntais a choimeád in:

I.R. Uimh 231 de 2012 – na Rialacháin um Cháin Ola Mianra 2012 – leagtar amach i gCUID 5 na taifid atá le coinneáil ag trádálaithe ola mianra

Rialacháin 70 agus 71 de na Rialacháin um Rialú Táirgí Inmháil, 2010 (I.R. Uimh. 146 de 2010) – trádálaithe a bhaineann le gluaiseachtaí laistigh den AE de tháirgí inmháil:

- Cuid 5 de Rialacháin Cánach Táirgí Alcóil 2004 (I.R. Uimh. 379 de 2004)
- Ailt 97A, 97B, 99A agus 104 de Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 (arna leasú)
- Cuid 5, 6 agus 8A Rialacháin um Cháin Ola Mianra 2012 (arna leasú)(I.R. Uimh. 231 de 2012)
- Alt 83 de Chaibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais 2005, (arna leasú)
- Cuid 4 agus 5 de na Rialacháin um Tháirgí Tobac (Cáin) 2006 (I.R. Uimh. 261 de 2006)
- Rialachán 7 de na Rialacháin um Cháin Leictreachais 2008 (I.R. Uimh. 385 de 2008) – taifid le coinneáil
- Rialachán 15 de na Rialacháin um Cháin Aerthaistil 2009 (I.R. Uimh. 134 de 2009) – taifid le coinneáil

- Rialachán 4 de na Rialacháin um Cháin Charbóin Gás Nádúrtha 2010 (I.R. Uimh. 191 de 2010) – taifid le coinneáil
- Rialachán 8 de na Rialacháin um Dhleacht Ghealltóireachta 2004 (I.R. Uimh. 801 de 2004) – taifid le coinneáil
- Rialachán 17 de na Rialacháin um Chlárú agus Cánachas Feithiclí, 1992 (I.R. Uimh. 318 de 1992)
- Rialachán 11, na Rialacháin um Cháin Charbóin ar Bhreosla Soladach 2013 (I.R. Uimh. 191 de 2013) – taifid le coinneáil

Maidir leis an Tobhach Comhshaoil: leagtar síos an oibleagáid chun cuntais a choimeád i rialacháin a rinneadh faoi Alt 72(2), an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 [a cuireadh isteach le hAlt 9, den Acht um Bainistiú Dramhaíola, (Leasú) 2001]

Alt 1078 den ACC 1997: Beidh duine, gan dochar d’aon phionós eile a bhféadfadh an duine bheith dlite dó, ciontach i gcion faoin alt seo má [theipeann ar an duine gan aon leithscéal réasúnach] cloí le aon fhoráil de na hAchtanna ina n-éilítear–

- coimeád nó coinneáil leabhar, taifead, cuntas nó cáipéisí eile chun críocha aon chánach, nó
- soláthar leabhar, taifead, cuntas nó cáipéisí eile, nuair a iarrtar sin, chun críocha aon chánach

Aguisín VI – Cumhachtaí na gCoimisinéirí

Tá beartas na gCoimisinéirí loncaim faoin úsáid de Chumhachtaí Iniúchta sna Ráitis Chleachtais ábhartha, atá ar fáil sna hoifigí cánacha áitiúla agus ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí loncaim.

Léargas Ginearálta ar Chumhachtaí na gCoimisinéirí loncaim.

Ráiteas Cleachtais – Cumhachtaí na gCoimisinéirí loncaim a fheidhmítear in áiteanna eile seachas in Oifig na gCoimisinéirí loncaim.

Aguisín VII – Pionóis i gCásanna Báis

Más rud é, roimh bhás duine –

- a) gur chomhaontaigh duine i scríbhinn (nó gur comhaontaíodh i scríbhinn thar a c(h)eann) go bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas pionós faoi na hAchtanna; nó
- b) gur chomhaontaigh an duine sin i scríbhinn le tuairim nó tuairim leasaithe d'iniúcháir na gCoimisinéirí loncaim go bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas pionós faoi na hAchtanna (nó gur comhaontaíodh tuairim nó tuairim leasaithe i scríbhinn thar a c(h)eann)
- c) gur chomhaontaigh na Coimisinéirí loncaim nó gur gheall siad glacadh le suim ar leith airgid sna cúinsí a luaitear in alt (c) nó (d) Alt 1086(2) den ACC 1997 ón duine sin; nó
- d) gur chinn cúirt ábhartha go raibh duine faoi dhliteanas pionós faoi na hAchtanna,

mar sin, beidh an pionós dlite agus iníoctha agus beidh aon nós chun pionós den sórt sin a fháil ar ais faoi na hAchtanna a cuireadh i bhfeidhm, nó a chuirfí i bhfeidhm, in aghaidh an duine sin leanúint ar aghaidh nó curtha i bhfeidhm in aghaidh a s(h)eiceadóir, riarthóir nó eastát, de réir mar a bheidh, agus aon phionós a ghearrfar sna nósanna a leanfar ar aghaidh nó a chuirfear i bhfeidhm is fiacha dlite a bheidh ann a bheidh iníoctha as a eastát.

Ní fhéadfar nósanna den sórt sin a thabhairt isteach lasmuigh de na teorainneacha ama luaite in Alt 1048, den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Alt 1077D (2) den ACC1997).

Is mar seo a leanas atá na teorainneacha ama:

- má eisíodh deonú probháide nó litreacha riaracháin sa bhliain a fuair an duine bás, is é trí bliana an teorainn ama tar éis deireadh na bliana a fuair an duine bás
- má eisíodh an deonú probháide nó litreacha riaracháin sa bhliain i ndiaidh an bhliain a fuair an duine bás, is é dhá bhliain tar éis deireadh na bliana sin an teorainn ama, nó
- má éilítear mionnscríbhinn loncam Intíre breise, is é dhá bhliain tar éis dheireadh na bliana lenar cuireadh isteach an mhionnscríbhinn an teorainn ama.

Tá Alt 1077D i bhfeidhm ó cuireadh an tAcht Airgeadais (Uimh.2) 2008 i bhfeidhm an 24 Nollaig 2008 agus, mar sin, tá sé i bhfeidhm ar gach iniúchadh nó idirghabháil comhlíonta oscailte do cháiníocóir nach maireann. Ní dhéantar an fhoráil a siardhátú chuig cásanna báis a socraíodh roimh an 24 Nollaig 2008.

